An Bord Pleanála



# Tuarascáil agus Cuntais Bhliantúla 2013

# Annual Report and Accounts 2013

## Sainordú | Mandate

Bunaíodh an Bord Pleanála sa bhliain 1977 faoin Acht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1976. Is iad príomhchúraimí an Bhoird achomhairc phleanála agus nithe áirithe eile a chinneadh faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go 2013 agus iarratais ar fhorbairt bonneagair straitéisigh a chinneadh, lena n-áirítear mórchásanna bóthair agus iarnróid. Tá cúram air chomh maith déileáil le tograí ó údaráis áitiúla agus grúpaí eile maidir le talamh a cheannach go héigeantach faoi achtacháin éagsúla. Feidhmeanna eile dá chuid is ea achomhairc a chinneadh faoi na hAchtanna um Thruailliú Uisce agus Aeir agus faoi na hAchtanna um Rialú Foirgníochta.

An Bord Pleanála was established in 1977 under the Local Government (Planning and Development) Act, 1976 and is responsible for the determination of appeals and certain other matters under the Planning and Development Acts, 2000 to 2013 and determination of applications for strategic infrastructure development including major road and railway cases. It is also responsible for dealing with proposals for the compulsory acquisition of land by local authorities and others under various enactments. An Bord Pleanála also has functions to determine appeals under Water and Air Pollution Acts and the Building Control Acts.

## Ráiteas Misin | Mission Statement

Ár gcion a dhéanamh mar chomhlacht náisiúnta neamhspleách ar bhealach neamhchlaon, éifeachtach agus oscailte chun a áirithiú go luífidh forbairt fhisiciúil agus tionscnaimh mhóra bhonneagair in Éirinn le prionsabail na forbartha inbhuanaithe, lena n-áirítear cosaint an chomhshaoil.

To play our part as an independent national body in an impartial, efficient and open manner, to ensure that physical development and major infrastructure projects in Ireland respect the principles of sustainable development, including the protection of the environment.

# An Bord Pleanála

## Tuarascáil agus Cuntais Bhliantúla 2013
## Annual Report and Accounts 2013

**Chuig an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil**
**To the Minister for the Environment, Community and Local Government**

De réir na nAchtanna Pleanála agus Forbartha (leasaithe), cuireann an Bord Pleanála a Thuarascáil Bhliantúíl agus na Cuntais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2013 i láthair.

In accordance with the Planning and Development Acts (as amended), An Bord Pleanála herewith presents its Annual Report and Accounts for the year ending 31st December, 2013.

| | |
|---|---|
| Dr Mary Kelly | Loretta Lambkin |
| Cathaoirleach / Chairperson | Príomhoifigeach / Chief Officer |

An Bord Pleanála

Tá cóip leictreonach don Tuarascáil agus Cuntais Bhliantúla 2013
le fáil ar suíomh idirlín www.pleanala.ie

An electronic version of the
Annual Report and Accounts 2013 is available at www.pleanala.ie

# Achoimre 2013 | Summary 2013

## OIBRÍOCHTAÍ / OPERATIONS

| | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| Cásanna Pleanála a Fuarthas | Planning Cases Received | 1,814 | 2,227 |
| Cásanna Pleanála a Cuireadh de Láimh | Planning Cases Disposed | 2,253 | 1,794 |

| | | 2013 | | 2012 | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Faighte Received | Curtha de láimh Disposed | Faighte Received | Curtha de láimh Disposed |
| Gnáth-Achomhairc Phleanála | Normal Planning Appeals | 1,396 | 1,572 | 1,431 | 1,436 |
| Bonneagar Straitéiseach (Aonáin Phríobháideacha / Gealltóirí Reachtúla) | Strategic Infrastructure (Private Entities / Statutory Undertakers) | 33 | 31 | 31 | 40 |
| Bonneagar Straitéiseach (Údarás Áitiúil) | Strategic Infrastructure (Local Authority) | 17 | 21 | 22 | 29 |
| Tionscadail eile Údaráis Áitiúil | Other Local Authority Projects | 38 | 34 | 39 | 42 |
| Athbhreithniú ar Chairéal | Quarry Reviews | 1 | 223 | 334 | 29 |
| Toiliú Ionaid agus Cásanna Gaolmhara | Substitute Consent and Related Cases | 108 | 133 | 164 | 57 |
| Cineálacha eile cáis | Other Case Types | 221 | 237 | 206 | 161 |

## AIRGEADAS / FINANCE

| | | 2013 €'000 | 2012 €'000 |
|---|---|---|---|
| Ioncam \| Income | | | |
| Deontas an Oireachtais | Oireachtas Grant | 11,793 | 12,897 |
| Táillí / Aisíocaíocht | Fees / Recoupment | 2,646 | 2,473 |
| Eile* | Other* | 3,882 | 3,546 |
| **Ioncam Iomlán** | **Total Income** | 18,321 | 18,916 |
| Caiteachas \| Expenditure | | | |
| **Caiteachas** | **Expenditure** | 18,895 | 18,809 |
| **Barrachas (Easnamh) don bhliain** | **Surplus (Deficit) for year** | (574) | 107 |

* Áirítear air Aistriú ón gCuntas Caipitil / Includes Transfer from Capital Account

# Clár


**Comhaltaí an Bhoird** 8

**Ráiteas an Chathaoirligh** 9

**Cásobair Phleanála**

1. Réamhrá 20
2. Gnáth-Achomhairc Phleanála 23
3. Cásanna Bonneagair Straitéisigh 27
4. Tionscadail Údaráis Áitiúil Eile 32
5. Cásanna ar Chairéal agus Toiliú Ionaid 34
6. Cineálacha eile cáis 38

**Oibríochtaí Pleanála**

7. Eisteachtaí ó Bhéal 44
8. Tuairiscí agus Moltaí 46
9. Feidhmeanna Nua 47
10. Comhfhreagras Iarchinnidh 50

**Gnóthaí Corparáideacha**

11. Foramharc Airgeadais 52
12. Acmhainní Daonna 55
13. Rialachas Corparáideach 57
14. Meastóireacht an Bhoird ar Fheidhmíocht na hEagraíochta 2013 60
15. An Coiste Iniúchóireachta 62
16. An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997 63
17. Imeachtaí Dlíthiúla; Comhchomhairliúchán le Comhlachtaí Eile 65
18. Rochtain ar Eolas 66
19. Seirbhís do Chustaiméirí 67
20. Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) 68
21. Córais Eolais Thireolaíocha (GIS); Éifeachtúlacht Fuinnimh 69
22. Taisteal Níos Cliste 70

**Cuntais Bhliantúla**

Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird 72
Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais 73
Ráiteas na mBeartas Cuntasaíochta 76
Tuarascáil An Ard-Reachtaire Cúntas agus Ciste 81
Ráiteas faoi Luach Saothair agus Táillí na gComhaltaí 84
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013 86
Clar Comhardaithe mar atá ar an 31 Nollaig 2013 88
Raiteas faoi Shreabhadh Airgid don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013 90
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013 92

**Aguisín 1** Anailís ar Ghnáth Chinntí Achomhairc Phleanála 108
**Aguisín 2** Anailís ar Chinntí ar Thithíocht Tuaithe Treoirlintí 109
**Aguisín 3** Gnáth-Achomhairc Phleanála Faighte agus Cinneadh Déanta ortha de réir Ceantair 110
**Aguisín 4** Gnáth-Achomhairc Phleanála Faighte de réir Catagóire / Ceantar Forbartha 111
**Aguisín 5** Achoimre do Gach Cás Curtha de Láimh trí thagairt do Sprioc Thréimhse Reachtúil 112
**Aguisín 6** Foireann, Sainchomhairleoirí Seachtracha agus Comhairleor Dlí 113

# Contents


**Members of the Board** 8

**Chairperson's Statement** 9

**Planning Casework**

1. Introduction 20
2. Normal Planning Appeals 23
3. Strategic Infrastructure Case 27
4. Other Local Authority Projects 32
5. Quarry and Substitute Consent Cases 34
6. Other Case Types 38

**Planning Operations**

7. Oral Hearings 44
8. Reports and Recommendations 46
9. New Functions 47
10. Post-Decision Correspondence 50

**Corporate Matters**

11. Finance Overview 52
12. Human Resources 55
13. Corporate Governance 57
14. Board Evaluation of 2013 Organisational Performance 60
15. Audit Committee 62
16. Prompt Payment of Accounts Act 1997 63
17. Legal Proceedings; Consultations with Other Bodies 65
18. Access to Information 66
19. Customer Service 67
20. Information Communication Technology (ICT) 68
21. Geographic Information Systems (GIS); Energy Efficiency 69
22. Smarter Travel 70

**Financial Statements**

Statement of Board's Responsibilities 72
Statement on System of Internal Financial Control 73
Statement of Accounting Policies 76
Report of the Comptroller and Auditor General 81
Statement on Remuneration and Members' Fees 84
Income and Expenditure Account for year ended 31st December 2013 87
Balance Sheet as at 31st December 2013 89
Cash Flow Statement for year ended 31st December 2013 91
Notes to the Financial Statements for year ended 31st December 2013 93

**Appendix 1** Analysis of Normal Planning Appeals Decisions 108
**Appendix 2** Analysis of Rural Housing Guidelines Decisions 109
**Appendix 3** Normal Planning Appeals Received and Decided by Area 110
**Appendix 4** Normal Planning Appeals by Development Category / Area 111
**Appendix 5** Cases Disposed of by reference to Statutory Objective Period 112
**Appendix 6** Staff, External Consultants and Legal Adviser 113

# Mar gheall ar an mBord Pleanála | About An Bord Pleanála
# Comhaltaí an Bhoird | Members of the Board




*Ina suí, ó chlé | Seated from left to right:*

**Fionna O'Regan[1], Dr. Mary Kelly[1] (Cathaoirleach / Chairperson), Conall Boland[1] (Leas-Chathaoirleach / Deputy Chairperson), Mary MacMahon[1&2]**

*Ina seasamh, ó chlé | Standing from left to right:*

**Öznur Yücel-Finn, Robert Ryan, Dr. Gabriel Dennison[1], Michael Leahy, Nicholas Mulcahy, Paddy Keogh**

[1] Fochoiste Roinn Bonneagair Straitéisigh / Sub-Committee Strategic Infrastructure Division
[2] D'éag an téarma oifige Samhain 2013 / Term of office expired November 2013

# Ráiteas an Chathaoirligh
# Chairperson's Statement



**Dr. Mary Kelly**
**Cathaoirleach | Chairperson**

Fáilte go Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2013 an Bhoird Phleanála. Gheofar sa Tuarascáil sonraí obair an Bhoird Phleanála le linn 2013 mar aon leis na ráitis airgeadais don bhliain.

### Feidhmíocht

Bhí líon na gcásanna pleanála a cuireadh faoi bhráid an Bhoird Phleanála measartha íseal in 2013, faoi mar a bhí sna blianta beaga roimhe sin, rud a léiríonn na leibhéil ísle gníomhaíochta sna hearnálacha tógála agus forbartha sna blianta sin. Fuarthas 1,814 cás ar an iomlán, ar 2,227 de laghdú é sin ar an líon a fuarthas in 2012. Mar sin féin, ba cheart a chur san áireamh gur méadaíodh líon na gcásanna in 2012 de 334 cás le haghaidh athbhreithniú ar fhógra cairéil ar bhonn aon uaire, rud a d'fhág treocht bhunúsach na gcásanna isteach 2013 ag 4% faoi bhun 2012.

B'ionann agus 2,253 líon na gcásanna pleanála a cuireadh de láimh in 2013; cinneadh 62% díobh laistigh den tréimhse ama reachtúil atá leagtha síos sna hAchtanna Pleanála agus Forbartha. Ba fheabhsú suntasach ar fheidhmíocht 2012 é sin, bliain nár cuireadh de láimh laistigh den tréimhse ama reachtúil ach 41% de na cásanna pleanála ar fad, i ngeall ar a laghad comhaltaí a bhí ar an mBord.

In 2013, athcheapadh na comhaltaí a theastaigh chun deichniúr comhalta a bheith ar ar an mBord,

Welcome to the Annual Report and Accounts 2013 for An Bord Pleanála. The Report provides details of the work of An Bord Pleanála during 2013 along with the financial statements for the year.

### Performance

In 2013, the intake of planning cases to An Bord Pleanála remained relatively low, continuing the trend of the past few years and reflecting activity levels in the construction and development sectors during that time. A total of 1,814 cases were received, a reduction from the 2,227 cases received in 2012. However, it should be noted that the 2012 case numbers were inflated by a one-off intake of 334 quarry notice review cases leaving the underlying trend for 2013 intake at just 4% below 2012.

Planning cases disposed of in 2013 totalled 2,253, 62% of which were decided within the statutory objective period which is set out in the Planning and Development Acts. This represents a significant improvement on performance in 2012, when due to depleted Board membership, compliance with the statutory objective period was only 41% of all planning cases.

During 2013, the number of Board members was restored to ten with the appointment of two

trí bheirt chomhaltaí a cheapadh go sealadach go ceann bliana. Thug sin deis dúinn déileáil le riaráiste na gcásanna carntha agus an tréimhse ama reachtúil a chomhlíonadh i líon níos mó cásanna.

Tháinig feabhas eile ar an riaráiste sa chéad ráithe de 2014, an uair ar cuireadh 70%, nach mór, de chásanna pleanála agus breis agus 80% de ghnáthachomhairc phleanála de láimh laistigh den tréimhse ama reachtúil. Ba é 19 líon na seachtainí a thóg sé, ar an meán, gnáthachomhairc phleanála a chinneadh, i gcomparáid le 23 seachtain in 2012.

Ó tharla nach mór don Bhord (ina rannáin éagsúla) gach cinneadh a dhéanamh, tá sé ríthábhachtach a chinntiú gur leor an chomhaltacht chun cinntí tráthúla a dhéanamh. Táim sásta go mbeidh ar chumas an Bhoird an sprioc sin a bhaint amach in 2014.

## Bonneagar Straitéiseach

Fuair an Bord Pleanála 6 iarratas ar fhorbairt bonneagair straitéisigh in 2013 ó chuideachtaí príobháideacha agus ó ghealltóirí reachtúla, agus 8 iarratas ó údaráis áitiúla.

Chuir an Bord 21 cás bonneagair straitéisigh de láimh, lena n-áirítear roinnt tionscadal chun an ghreille leictreachais a neartú, agus roinnt mórfhorbairtí bóthair.

Ba é 24% an ráta comhlíontachta i gcás cásanna bonneagair straitéisigh in 2013, agus ba é 50 an méid seachtainí a thóg sé, ar an meán, na cásanna seo a thabhairt chun críche. Is gnách do chásanna bonneagair straitéisigh a bheith mór agus casta, is cásanna iad a tharraingíonn aird nach beag ón bpobal agus féadfaidh siad a bheith conspóideach. Is gnách éisteacht ó bhéal a thionól maidir le cásanna dá sórt ag a mbíonn deis ag saoránaigh aonair agus ag an iarratasóir aighneachtaí a dhéanamh.

temporary members for a period of one year. This allowed us to work down the backlog of cases which had built up and to achieve better rates of compliance with the statutory objective.

The first quarter of 2014 has seen further improvement with almost 70% of all planning cases dealt with within the prescribed period and over 80% of normal planning appeals achieving compliance. The average time taken for determination of normal planning appeals was 19 weeks in 2013, compared to 23 in 2012.

Since all decisions are required to be taken by the Board, sitting in divisions, it is critical to ensure that membership is sufficient to ensure timely decisions. I am satisfied that the Board will be able to meet its targets for 2014.

## Strategic Infrastructure

In 2013, An Bord Pleanála received six applications for strategic infrastructure developments from private companies and statutory undertakers, and eight applications from local authorities.

The Board disposed of 21 strategic infrastructure cases including a number of electricity grid strengthening projects and major road developments.

The compliance rate for dealing with strategic infrastructure cases in 2013 was 24%, with an average time of 50 weeks taken to conclude these cases. Strategic infrastructure cases, by their nature, are generally large and complex and often attract considerable public attention and can be contentious. Such cases are usually the subject of oral hearings at which both individual citizens and the applicant have the opportunity to put forward their submissions.




Tá sé ríthábhachtach scrúdú críochnúil a dhéanamh ar thionscadail mhóra den sórt seo, tionscadail a bhféadfadh tionchar an-suntasach a bheith acu ar an gcomhshaol agus ar nithe eile, agus go gcloisfí na hargóintí ar an dá thaobh agus go gcuirfí san áireamh iad.

Féachann an Bord Pleanála le cinntiú go gcinntear iarratais ar fhorbairt bonneagair straitéisigh go tráthúil agus tá muinín againn go bhfuil na córais is gá chun déileáil leis na cásanna sin i bhfeidhm againn. Leanfaimid orainn ag tabhairt tosaíochta do chásanna bonneagair straitéisigh in 2014 agus déanaimid ár ndícheall a chinntiú nach gcuirtear moill neamhriachtanach sa chóras pleanála ar thionscadail, go háirithe tionscadail a d'fhéadfadh fostaíocht a chruthú.

## An Comhéadan Pleanála / Comhshaoil

Tá an comhéadan idir an reachtaíocht maidir le pleanáil agus an reachtaíocht um chosaint comhshaoil ag éirí níos casta i gcónaí. Bhí tionchar nach beag ag beartas agus reachtaíocht an Aontais Eorpaigh in Éirinn le fiche bliain anuas.

Sa chomhthéacs pleanála, tá tábhacht ar leith leis an Treoir um Measúnacht Tionchair Timpeallachta, leis an Treoir maidir le Gnáthóga, leis na Creat-treoracha Uisce, agus leis an Treoir um Rannpháirtíocht an Phobail. Rinneadh an Treoir um Measúnacht Tionchair Timpeallachta agus an Treoir maidir le Gnáthóga a thrasuí sa dlí Éireannach sna hochtóidí agus sna nóchaidí, ach tionscnaíodh roinnt cásanna in aghaidh na hÉireann as na Treoracha seo a thrasuí ar shlí

It is essential that large projects such as these, which have the potential to have significant environmental and other impacts, are examined in a very robust manner and that arguments on all sides are heard and taken into account.

An Bord Pleanála seeks to ensure that strategic infrastructure development applications are determined in a timely manner and we are confident that the systems we have in place for dealing with these cases stand up to scrutiny. We will continue to prioritise strategic infrastructure cases in 2014 and will endeavour to ensure that projects, particularly those which have the potential to create employment, are not delayed unnecessarily by the planning system.

## Planning / Environment Interface

The interface between legislation related to planning and environmental protection is becoming increasingly complex. European Union policy and legislation has had a major influence in Ireland over the past few decades.

In the planning context, the Environmental Impact Assessment Directive, the Habitats Directive, the Water Framework Directives, and the Public Participation Directive are particularly relevant. While both Environmental Impact Assessment (EIA) and Habitats Directives were transposed into Irish law during the eighties and nineties, there have been a number of cases taken against Ireland for inadequate transposition of these Directives and a number of adverse findings

neamhleor agus thug Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh roinnt breitheanna diúltacha i gcás na hÉireann.

Is é an toradh a bhí air sin leasuithe iomadúla ar reachtaíocht phríomhúil agus ar reachtaíocht thánaisteach araon chun reachtaíocht na hÉireann a chur i gcomhréir le Treoracha an Aontais Eorpaigh. De thoradh na leasuithe sin ní mór d'iarratasóirí agus do thionscnóirí tionscadail (tionscadail bheaga, minic go leor) i bhfad níos mó dua a chaitheamh ag féachaint cén tionchar a bheidh ag na tionscadail sin ar an timpeallacht, go háirithe ar láithreáin atá ainmnithe ag an Aontas Eorpach mar láithreán Natura 2000. Is gá d'údaráis inniúla – údaráis phleanála agus an Bord Pleanála – scrúdú agus measúnú níos follasaí a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag tionscadail is ábhar d'iarratais phleanála ar an timpeallacht.

Dhaingnigh Éire Coinbhinsiún Aarhus i Meitheamh 2012; foráiltear ann le haghaidh rannpháirtíocht an phobail, agus rochtain ar eolas agus ar cheartas i dtaca le gnóthaí comhshaoil. Leasaíodh an reachtaíocht phleanála chun foráil a dhéanamh ann do chur chun feidhme an Choinbhinsiúin.

Déanann saoránaigh na hÉireann agus eagraíochtaí neamhrialtasacha an-iarracht an timpeallacht a chosaint agus is mó aighneacht a fhaightear ina dtarraingítear anuas ábhar imní mar gheall ar thionscadail, bunaithe ar a dtionchar féideartha ar an gcomhshaol. Tá foireann an Bhoird Phleanála ag freagairt don mhéadú seo ar chastacht trí oiliúint a chur ar fáil i dtaca le measúnachtaí comhshaoil. Thacaigh an Bord Pleanála le forbairt ghairmiúil leanúnach i dtaca le measúnacht tionchair timpeallachta, bainistíocht chrios an chósta agus reachtaíocht chomhshaoil. Táim lánchinnte go mbeidh ar chumas fhoireann agus chomhaltaí an Bhoird déileáil go cuimsitheach le saincheisteanna i dtaca leis an gcomhshaol a thagann chun cinn in achomhairc nó in iarratais phleanála.

against Ireland by the European Court of Justice.

The result has been numerous amendments of both primary and secondary legislation to bring Irish legislation into line with European Union Directives. These amendments, in turn, have required a much increased focus by applicants and proposers of projects (some of which can be quite small) on the effects of their proposals on the environment, particularly on European Union designated Natura 2000 sites. This requires a more explicit examination and assessment of the environmental impact of planning applications by competent authorities; planning authorities and An Bord Pleanála.

The Aarhus Convention was ratified by Ireland in June 2012 and provides for public participation, access to information and justice in respect of environmental matters. Planning legislation has been amended to provide for implementation of the Convention.

Irish citizens and non-governmental organisations are very active in terms of protecting the environment and many submissions are received raising concerns about projects on the basis of potential environmental impact. An Bord Pleanála's staff have reacted to this increased complexity by upskilling in the areas of environmental impact assessment, coastal zone management and other environmental legislation. I am confident that environmental issues which arise on planning appeals or applications are dealt with in a comprehensive manner by staff and members of the Board.



## Cairéil a thabhairt chun rialtachta

Thuairisc mé anuraidh go bhfuair an Bord Pleanála líon mór (335) iarratas ar láithreacha cairéil áirithe a thabhairt chun rialtachta chun forálacha na dTreoracha maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta agus maidir le Gnáthóga a chomhlíonadh. Is áthas liom a rá gur chuir an Bord de láimh in 2013 75% de na hiarratais sin agus go meastar go gcuirfear an fuílleach de láimh sa dara ráithe de 2014.

Reachtaíocht chasta atá i gceist sna cinntí seo, ós rud é go bpléann siad le nithe cúlghabhálacha. Beidh sé ina thoradh ar chuid de na cinntí i gcásanna cairéil go mbeidh orthu iarratais ar thoiliú ionaid a dhéanamh chuig an mBord Pleanála. Tá an Bord ag súil leis an gcuid is mó de na cásanna sin a chur de láimh in 2014.

Ba ghá iarracht shuntasach a dhéanamh ar fud na heagraíochta, ó thaobh eolas a chur ar an reachtaíocht nua, oiliúint a chur ar fáil ar na saincheisteanna agus tréan-iarracht chun na cásanna a thabhairt ó cheann ceann an chórais. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an bhfoireann agus le comhaltaí an Bhoird as a n-iarrachtaí maidir leis sin.

## Forbairt faoi threoir phlean

Buntréith de mheasúnú agus de phróiseas cinnteoireachta an Bhoird Phleanála is ea é go gcloítear gan eisceacht leis an ordlathas pleanála, is é sin, an Straitéis Náisiúnta Spásúlachta, na Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha, na Pleananna Forbartha Contae agus na Pleananna Limistéir Áitiúil. Nuair a chuirtear san áireamh beartais agus

## Regularisation of Quarries

Last year, I reported that a large number (335) of cases involving the regularisation of certain quarry sites in order to achieve compliance with the Environmental Impact Assessment and Habitats Directives had been received by An Bord Pleanála. I am happy to report that, in 2013, the Board disposed of 75% of these and expects to deal with the remainder by Quarter 2 of 2014.

The legislation in respect of these decisions is very complex, dealing as it does with retrospective matters. Decisions taken on a number of the quarry cases will result in some of them being required to apply to An Bord Pleanála for a substitute consent. The Board expects to deal with the bulk of these cases in 2014.

Disposing of these cases has required a significant effort across the organisation in terms of familiarisation with new legislation, training on the issues and a clear focus on getting the cases through the system. I would like to thank all staff and Board members for their efforts in this regard.

## Plan-led development

The rigorous use of the planning hierarchy; from the National Spatial Strategy, through Regional Planning Guidelines, County Development Plans, to Local Area Plans; underpins the assessment and decision making process in An Bord Pleanála. Coupled with Government policies and guidelines in areas such as transport, energy, climate change

treoirlínte an Rialtais i dtaca le hiompar, fuinneamh, an t-athrú aeráide agus dramhaíl, is léir gurb é an fhorbairt faoi threoir phlean an treocht atá i réim.

Agus cinntí á ndéanamh ar fhorbairtí beartaithe, tugann an Bord Pleanála aird ar phleananna agus ar straitéisí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla agus is gnách é sin a léiriú sna cúiseanna a thugtar le cinntí, go háirithe i gcás forbairtí ar an mórchóir. Tá toradh le feiceáil ar cheanglas maidir le Croí-Straitéisí agus forbairt sheicheamhach ar bhailte agus ar shráidbhailte a thabhairt isteach. Tá súil againn go ndéanfar forbairt níos inbhuanaithe ar ár mbailte agus ar ár sráidbhailte trí na prionsabail sin a chur chun feidhme ar shlí níos déine, go háirithe i bhfianaise an díothaithe a rinneadh ar chroíthe bailte agus sráidbhailte le blianta beaga anuas agus na gluaiseachta i dtreo spleáchas ar an gcarr.

## Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide (TFC)

Thuairisc mé anuraidh go mbeadh gá le maoiniú suntasach chun bonneagar TFC an Bhoird Phleanála a uasghrádú, agus gurb é an rud ba phráinní an córas bainistíochta cásanna a athsholáthar. Anuas air sin, is gá Córas Eolais Thíreolaíoch a chur chun feidhme, tairseach Gréasáin nua a fhorbairt agus córais airgeadais, chuntasaíochta agus acmhainní daonna comhtháite chun a chur ar chumas an Bhoird Phleanála seirbhís nua-aimseartha dhigiteach a chur ar fáil don phobal.

Is áthas liom a thuairisciú gur cuireadh an cistiú don chéad tráinse den obair ar fáil dúinn in 2014 agus tá tús curtha leis an tionscadal. Ciallaíonn riachtanais soláthair poiblí nach mbeidh ar ár gcumas tús a chur leis an obair is tábhachtaí go dtí lár 2014 ach tá na hullmhúcháin ar siúl, tá foireann tionscadail curtha ar bun agus roinnt miontionscadail tosaithe cheana féin. Dála gach tionscadal TFC, beidh rialachas agus bainistíocht an tionscadail ríthábhachtach chun an straitéis a chur i ngníomh.

and waste, the continued trend towards plan led development is evident.

In making decisions on proposed developments, An Bord Pleanála has regard to national, regional and local plans and strategies and this is generally reflected in the reasons and considerations given for decisions which are taken, particularly for larger scale developments. The effect of the introduction of a requirement for Core Strategies and for sequential development within towns and villages is noticeable. It is hoped that a more rigorous application of the principles will result in more sustainable development within our towns and villages which have suffered in recent years from a serious hollowing out of central cores and a move to more car dependent development.

## Information Communication Technology (ICT)

Last year, I reported that significant funding was required to upgrade An Bord Pleanála's ICT infrastructure, with replacement of the case management system being the most critical item. In addition, the implementation of a Geographical Information System, development of a new web portal and integrated HR, accounting and finance systems, will provide the necessary requirements to allow An Bord Pleanála to provide a modern digital service to the public.

I am happy to report that funding for the first tranche of the work was made available to us in 2014 and work on delivering the project has commenced. Public procurement requirements mean that we will not be in a position to commence the main part of the work until mid-2014, but preparatory work is under way with a project team established and a number of mini-projects in train. As with all ICT projects, governance and management of the project will be central to successful delivery of the strategy.



## Forbairtí Eile

Ghlac an Bord Cairt nua do Chustaiméirí agus Plean Gníomhaíochta do Chustaiméirí nua sa chéad ráithe de 2014 agus foilsíodh iad. Athdhearbhaítear sna doiciméid sin gealltanas na heagraíochta seirbhís ar ardchaighdeán a thabhairt don uile dhuine a mbíonn gnó acu linn. Aithnítear nach i gcónaí a aontaíonn an uile dhuine le cinntí pleanála an Bhoird, mar sin féin tá sé mar aidhm againn a chinntiú go gcaithimid lenár gcustaiméirí uile go cúirtéiseach gairmiúil, agus le meas. Ba mhaith linn, leis, feabhsúcháin a bhfuil géarghá leo a dhéanamh ar an tslí ina gcuirtear seirbhísí ar fáil do chustaiméirí tríd an Straitéis TFC atá glactha againn a chur chun feidhme in imeacht na gcéad chúpla bliain eile.

## Other Developments

An Bord Pleanála adopted and published a new Customer Charter and Customer Action Plan in Quarter 1, 2014. These documents re-affirm the organisation’s commitment to high quality customer service to all who interact with us. While it is recognised that persons may not always agree with planning decisions made by the Board, it is our aim to ensure that we deal with all our customers in a courteous, respectful and professional manner. We also hope to deliver much needed improvements in our delivery of customer services by way of implementation of our adopted ICT Strategy over the next number of years.

## Acmhainní agus Struchtúir

Tá an Bord Pleanála, dála gach eagraíocht eile san earnáil phoiblí, ag obair i gcónaí faoi na srianta atá i gceist le hathchóiriú na hearnála poiblí. In 2013 laghdaíodh deontas an Bhoird Phleanála ón Státchiste de 9% nó mar sin, i gcomparáid leis an €11.793 milliún a cuireadh ar fáil in 2012. Tá dianrialuithe i bhfeidhm ar chaiteachas agus dírítear i gcónaí ar luach ar airgead a fháil i dtaca le gach caiteachas.

In 2013, chloígh an Bord Pleanála leis an 146 ball foirne agus comhaltaí Boird a socraíodh dó faoin gCreat Rialaithe Fostaíochta. B'ionann sin agus 20% de laghdú ar an líon foirne ó 2008 i leith. Tá an fhoireann agus comhaltaí an Bhoird tar éis a chruthú go bhfuil siad inchurtha leis an dúshlán a

## Resources and Structures

An Bord Pleanála, like all public sector bodies, continues to operate under the strictures of public sector reform. In 2013, An Bord Pleanála’s grant from central exchequer funds was reduced by approximately 9% from that pertaining in 2012 to €11.793 million. Strict controls and focus on value for money are adhered to in respect of all expenditure.

An Bord Pleanála, worked within its Employment Control Framework number of 146 staff and Board members in 2013. This represents a decrease of 20% in staff numbers since 2008. The staff and Board members have risen to the challenge of working within the ECF and have in fact improved



Ó chlé: Jan O'Sullivan TD, Aire Stáit Tithíochta agus Pleanála; Phil Hogan TD, Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, An Dr. Mary Kelly, Cathaoirleach; Conall Boland, Leas-Chathaoirleach

From left to right: Jan O'Sullivan TD, Minister of State for Housing and Planning; Phil Hogan TD, Minister for the Environment, Community and Local Government; Dr. Mary Kelly, Chairperson; Conall Boland, Deputy Chairperson

ghabhann le hoibriú laistigh den Chreat agus go deimhin rinneadh feabhsuithe ar ghnéithe dá bhfeidhmíocht in 2013 d'ainneoin a chasta atá cuid den obair atá anois idir lámha.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don obair chrua a rinne Mary McMahon ar son an Bhoird Phleanála agus ar aon ghairm na pleanála i gcoitinne, agus don fhuinneamh agus don tiomantas a léirigh sí i gcónaí. D'fhág Mary an Bord tar éis seacht mbliana chun dúshláin nua a ghlacadh. Tá buíochas ar leith ag dul do Öznur Yücel-Finn agus Robert Ryan, cigirí sinsearacha pleanála, a ceapadh mar chigirí sealadacha ar an mBord ar feadh tréimhse bliana agus a chuidigh go mór in 2013 chun riaráiste na gcásanna pleanála a ghlanadh. Ba mhór an pléisiúr é dul i mbun oibre leis an mbeirt acu ar leibhéal an Bhoird. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le

on aspects of performance in 2013 despite having taken on complex new types of work.

I would like to acknowledge the contribution made by Mary McMahon who left the Board after 7 years to take up new challenges. Mary's hard work, energy and commitment to An Bord Pleanála and to the planning profession were exemplary. Special thanks are also due to Öznur Yücel-Finn and Robert Ryan, senior planning inspectors, who were appointed to the Board in a temporary capacity for a period of one year and who contributed very significantly in 2013 to clearing the backlog of planning cases. It was a real pleasure to work with them at Board level. I would like to thank Maeve Shaw and Catherine Nolan from the administrative staff who retired in

Maeve Shaw agus le Catherine Nolan ón bhfoireann riaracháin, chomh maith, a chuaigh ar scor in 2013 tar éis blianta fada seirbhíse den scoth a thabhairt don eagraíocht.

## Ag tabhairt aghaidhe ar a bhfuil i ndán dúinn

Agus muid ag druidim le deireadh 2013 agus ag fágáil Chlár an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta, tá comharthaí fáis le brath sa gheilleagar, uair amháin eile. Le blianta beaga anuas bhí an saol an-chrua ar mhuintir na hÉireann, go háirithe ar dhaoine a bhí bainteach leis na tionscail réamhaoine agus foirgníochta.

Tá sé an-tábhachtach ag an tráth seo aird a thabhairt ar na ceachtanna atá foghlamtha againn ón méid a tharla agus féachaint chuige gur forbairt inbhuanaithe a bheidh in aon fhorbairt nua a thosófar – inbhuanaithe ó thaobh na sochaí, ó thaobh an chomhshaoil agus ó thaobh an gheilleagair. Tá tábhacht ar leith leis an bpleanáil spásúil – an áit ina roghnaímid rudaí a chur ar an oileán seo. Leanfaidh an Bord Pleanála dá chion a dhéanamh go neamhspléach, éifeachtach, trédhearcach agus de bheith cóir cothrom ina chuid gnóthaí.

## Ráiteas Scoir

Thug an tAire Phil Hogan agus an tAire Jan O'Sullivan cuairt ar oifigí an Bhoird Phleanála i gcaitheamh na bliana. D'insíomar do na hAirí faoin dul chun cinn a bhí déanta ag an mBord le tamall anuas agus faoi fhorbairtí éagsúla atá ar bun, agus labhair siad leis an bhfoireann. B'údar misnigh dúinn ar fad cuairt na nAirí agus is mór againn an tacaíocht leanúnach a fhaighimid uathu.

Ar deireadh, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an bhfoireann as an obair chrua a rinne siad le bliain anuas, as a dtiomantas agus a ndílseacht, agus as an tsolúbthacht agus as an gcumas comhoibrithe a léirigh siad le bliain anuas. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil, chomh maith, le comhaltaí eile an Bhoird as tacú liom sa bhliain 2013 agus as a ghairmiúla a bhíonn siad i gcónaí.

2013, having given many years of excellent service to the organisation.

## Looking to the Future

As we reach the end of 2013 and exit the International Monetary Fund Programme, there are signs that the economy is beginning to grow again. The past few years have been very difficult for the Irish economy and the property and construction industry have been hit very hard.

It is important, at this stage, that we heed the lessons of the past and ensure that development, when it starts, is truly sustainable from a social point of view, an environmental point of view and an economic point of view. Spatial planning – where we want to put things on this island – has a hugely important role: An Bord Pleanála will continue to play its part in an independent, efficient, transparent and fair manner.

## Concluding Remarks

During the year, An Bord Pleanála hosted a visit to our offices by Minister Phil Hogan and Minister Jan O'Sullivan. The Ministers heard of recent developments and progress in An Bord Pleanála and then gave an address to all our staff who very much appreciated the visit and the on-going support of the Ministers.

Finally, I would like to thank the staff for their hard work, dedication and loyalty to the organisation and for the flexibility and co-operation they have shown over the past year. I would also like to thank my fellow Board Members for their continued support and professionalism during 2013.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, Phil Hogan TD, leis an Aire Stáit Pleanála, Ms Jan O'Sullivan TD, agus le hoifigigh na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil as a dtacaíocht don Bhord Pleanála. Tá buíochas ag dul, leis, do na comhairligh éagsúla a thugann seirbhís mhórluachmhar don Bhord Pleanála, dár gcomhairleoirí dlí agus do bhainisteoirí agus d'oifigigh na n-údarás pleanála as a gcomhar agus a gcúnamh i gcaitheamh na bliana.

Táim ag tnúth leis an mBord Pleanála a threorú chun sársheirbhís a thabhairt dár ngeallsealbhóirí uile agus seasamh le prionsabail na forbartha inbhuanaithe.

An Dr Mary Kelly
Cathaoirleach

19 Meitheamh 2014

I would also like to thank the Minister for the Environment, Community and Local Government, Mr. Phil Hogan TD and Minister for State with responsibility for Planning, Ms. Jan O'Sullivan TD and officials from the Department of the Environment, Community and Local Government for their support for An Bord Pleanála. Thanks are also due to the various consultants who provide an invaluable service to An Bord Pleanála, also to our legal advisers and the management and officials of the planning authorities for their co-operation and assistance during the year.

I look forward to leading An Bord Pleanála in providing an excellent service to all our stakeholders and upholding the principles of sustainable development.

Dr Mary Kelly
Chairperson

19th June 2014

# Cásobair Phleanála
# Planning Casework




| | |
|---|---|
| 1 | Réamhrá<br>Introduction |
| 2 | Gnáth-Achomhairc Phleanála<br>Normal Planning Appeals |
| 3 | Cásanna Bonneagair Staitéisigh<br>Strategic Infrastructure Cases |
| 4 | Tionscadail Eile Údaráis Áitiúil<br>Other Local Authority Projects |
| 5 | Cásanna ar Chairéal agus Toiliú Ionaid<br>Quarry Cases and Substitute Consent |
| 6 | Cineálacha eile cáis<br>Other Case Types |

# 1. Réamhrá
# Introduction

Gheofar i bhFigiúirí 1 go 4 príomhtháscairí feidhmíochta i dtaca le gach cásobair phleanála a fuarthas agus a cuireadh de láimh in an Bord Pleanála in 2013.

Fuarthas 1,814 cás pleanála in 2013, i gcomparáid le 2,227 cás in 2012 (bhí breis agus 300 cás le haghaidh athbhreithniú ar fhógra cairéil san áireamh ansin). Ba é an 6,664 cás pleanála a fuarthas in 2007 an líon ba mhó a fuarthas in aon bhliain amháin (Figiúr 1).


Ag tús 2013, bhí 1,152 cás ar láimh ach ní raibh ach 718 cás ar láimh ag deireadh na bliana (Figiúr 2). Ba léiriú é sin ar an riaráiste de chásobair phleanála a bhí againn agus a cuireadh de láimh, a bheag nó a mhór, le linn 2013.

Figures 1 to 4 contain key performance indicators in relation to all planning casework received and disposed of by An Bord Pleanála in 2013.

Intake of planning cases was 1,814 in 2013 compared to 2,227 in 2012 (this included over 300 quarry notice review cases). The number of cases received had peaked at 6,664 cases in 2007 (Figure 1).

At the start of 2013, there were 1,152 cases on hands and by year end, this had fallen to 718 (Figure 2). This reflects the fact that a backlog of planning casework had been generated and was largely dealt with during 2013.

**FIGIÚR 1 | FIGURE 1**
Faighte, Curtha de Láimh agus Cásanna ar Láimh
Intake, Disposal and Cases on Hand




[1] Ní áirítear ar an bhfigiúr cásanna fógra cairéil
[1] Figures exclude Quarry Notice cases.

**FIGIÚR 2 | FIGURE 2**
Achoimre Gach Cás Pleanála | Summary of all Planning Cases

| | | 2013 | 2012 | Méadú/ (laghdú) % Increase/ (decrease) |
|---|---|---|---|---|
| Idir lámha ag an tús | On hands at start | 1,152 | 719 | 60% |
| Faighte | Received | 1,814 | 2,227 | (19%) |
| Curtha de láimh | Disposed of | 2,253 | 1,794 | 26% |
| Idir lámha ag an deireadh | On hands at end | 718 | 1,152 | (38%) |
| Curtha de láimh laistigh den sprioc thréimhse reachtúil | Disposed of within statutory objective period | 62%[1] | 41%[1] | - |
| Meán ama a tógadh (seachtainí) | Average time taken (weeks) | 23[1] | 23[1] | - |

[1] Ní áirítear ar an bhfigiúr sin cásanna comhairliúcháin réamhiarratais
[1] This figure excludes pre-application consultation cases

## SPRIOCTHRÉIMHSÍ REACHTÚLA LE CÁSANNA A CHINNEADH
## STATUTORY OBJECTIVE PERIODS FOR DETERMINING CASES


Faoi fhorálacha sna hAchtanna agus sna Rialacháin um Pleanáil, um Rialú Foirgníochta agus um Thruailliú Uisce a rinneadh faoi na hAchtanna seo, ceanglaítear ar an mBord Pleanála a chinntiú go dtabharfar cinneadh ar achomhairc agus ar ábhair áirithe eile laistigh de thréimhsí sonraithe ama. I bhformhór na gcásanna sin, 18 mí atá i gceist; i gcásanna áirithe, 4 mhí atá i gceist agus i gcásanna eile níl aon tréimhse ama oibiachtúil i bhfeidhm.

Provisions in the Planning, Building Control and Water Pollution Acts and Regulations made under these Acts set down as an objective of An Bord Pleanála a requirement to ensure that appeals and certain other matters are determined within specified periods of time. In most cases, this is 18 weeks; 4 months applies to some cases while in others no statutory objective time period applies.

Socraíonn an Bord Pleanála cuspóirí bliantúla chun cásanna pleanála a thagann faoina bhráid a chinneadh laistigh de ocht seachtain dhéag / ceithre mhí beag beann ar cibé an bhfuil tréimhse reachtúil oibiachtúil i bhfeidhm nó nach bhfuil. Ba mhó an feabhsú a rinneadh in 2013 ar an ráta ag a gcuirtear cásanna pleanála de láimh. Cinneadh 62% de chásanna pleanála laistigh de chuspóirí ama reachtúla i gcomparáid le 41% in 2012 (Figiúr 3).

An Bord Pleanála sets annual objectives to determine planning cases which come before it within eighteen weeks / four months regardless of whether or not a statutory objective period applies. 2013 saw a significant improvement in disposal rates with 62% of planning cases decided upon within statutory time objectives as compared to 41% in 2012 (Figure 3).

**FIGIÚR 3 | FIGURE 3**
Cásanna a chinntíodh laistigh den sprioc thréimhse reachtúil
Cases determined within statutory objective period




Cuirtear sonraí ar fáil i bhFigiúr 4 den méid seachtaine a thóg sé na cásanna pleanála uile a chinneadh. Trí seachtaine agus fiche a bhí i gceist in 2013, agus 19 seachtain i gcás gnáthachomhairc phleanála.

In Figure 4 details are provided of the number of weeks it took to decide all planning cases which in 2013 was 23 weeks, and which for normal planning appeals was 19 weeks.

**FIGIÚR 4 | FIGURE 4**
Meán ama a thóg sé cásanna a chur de láimh (seachtainí)
Average time taken to dispose of cases (weeks)

| Bliain | Gnáth-Achomhairc Phleanála | Forbairtí Bonneagair Straitéisigh | Cásanna Eile | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| **Year** | **Normal planning appeals** | **Strategic Infrastructure Cases** | **Other cases** | **All** |
| 2004 | 14 | - | 9 | 14 |
| 2005 | 15 | - | 10 | 15 |
| 2006 | 18 | - | 14 | 18 |
| 2007 | 20 | 16 | 13 | 19 |
| 2008 | 24 | 30 | 27 | 24 |
| 2009 | 23 | 35 | 25 | 23 |
| 2010 | 19 | 46 | 23 | 20 |
| 2011 | 17 | 51[1] | 18 | 18[1] |
| 2012 | 23 | 51[1] | 16 | 23[1] |
| 2013 | 19 | 37 | 33 | 23[1] |

[1] Ní áirítear ar an bhfigiúr sin cásanna comhairliúcháin reamhiarratais
[1] This figure excludes pre-application consultation cases

# 2. Gnáth-Achomhairc Phleanála Normal Planning Appeals

Ba ionann agus gnáthachomhairc phleanála, is é sin, achomhairc faoi alt 37 den Acht Pleanála agus Forbartha, 2000 (agus faoi alt 26 den Acht Pleanála 1963 i gcás seanchásanna pleanála), 77% de na cásanna a fuarthas in 2013. Tagann achomhairc mar sin chun cinn as cinntí a dhéanann údaráis phleanála ar iarratais ar chead chun talamh a fhorbairt; féadfaidh siad a bheith ina n-achomhairc chéad pháirtí, tríú páirtí nó ina n-achomhairc chéad agus tríú páirtí in éineacht. Gheofar in Aguisín 1 anailís bhreise ar thorthaí na gcatagóirí achomharc sin.

Normal planning appeals i.e. under section 37 of the 2000 Planning Act (and under section 26 of the 1963 Planning Act for old planning cases) accounted for 77% of intake of cases in 2013. Such appeals arise from decisions by planning authorities on applications for permission for the development of land and can be first party, third party or first and third party. Further analysis of these categories of appeal is provided in Appendix 1.

**FIGIÚR 5 | FIGURE 5**
Gnáth-achomhairc Phleanála, faighte, curtha de láimh agus ar láimh
Normal Planning Appeals received, disposed of and on hands

| | | 2013 | 2012 | Méadú/ (laghdú) Increase/ (decrease) % |
|---|---|---|---|---|
| Idir lámha ag an tús | On hands at start | 578 | 583 | (1%) |
| Faighte | Received | 1,396 | 1,431 | (2.5%) |
| Curtha de láimh (Iomlán) | Disposed of (Total) | 1,572 | 1,436 | 9.5% |
| Curtha de Láimh go foirmeálta | Disposed of Formally | 1,390 | 1,220 | 14% |
| Curtha de Láimh ar bhealaí eile | Disposed of Otherwise | 182 | 216 | (16%) |
| Idir lámha ag deireadh | On hands at end | 402 | 578 | (30.5%) |
| Curtha de láimh laistigh de sprioc thréimhse reachtúil | Disposed of within statutory objective period | 72% | 36% | 100% |
| Meán ama a tógadh (seachtainí) | Average time taken (weeks) | 19 | 23 | (17%) |

Ba é 60-70% laistigh den tréimhse reachtúil oibiachtúil an cuspóir a shocraíodh do ghnáthachomhairc phleanála in 2013. Sáraíodh an sprioc sin agus cuireadh 72% de ghnáthachomhairc phleanála de láimh laistigh de 18 seachtain, i gcomparáid le 36% in 2012 (Figiúr 5).

Cuireadh achomhairc neamhbhailí san áireamh sa chatagóir sin. Laghdaigh céatadán na n-achomharc neamhbhailí in 2013 ó 15% in 2012 go 12% den iomlán a cuireadh de láimh.

In 2013, the objective set for disposal of normal planning appeals was 60-70% within the statutory objective period. This was exceeded with 72% of normal planning appeals disposed of within 18 weeks up from 36% in 2012 (Figure 5).

Invalid appeals are also included in this category. The rate of invalid appeals in 2013 decreased from 15% in 2012 to 12% of the total disposed.

## Cineálacha Forbartha

Bhain breis agus leath de na ghnáthachomhairc phleanála le forbairt chónaithe, mar atá leagtha amach i bhFigiúr 6, ar forbairtí sealbhóir tí agus tithe aonair iad a bhformhór. Is beag achomharc a fhaightear i dtaca le forbairtí chónaithe ilaonad, rud a léiríonn a laghad forbairtí den chineál sin atá ar bun sa gheilleagar mar atá sé.


Ba é 172 líon na n-achomharc i dtaca le cásanna ina raibh feidhm leis na Treoirlínte maidir le Tithe Tuaithe, a bhí san áireamh i gcatagóir na bhforbairtí cónaithe (Aguisín 2).

## Development Types

More than half of all normal planning appeals relate to residential development as set out in Figure 6, the bulk of which are categorised as householder development and single houses. Appeals in relation to multi-unit residential developments remain low which is reflective of continuing economic conditions.

The number of appeals in relation to cases where the Rural Housing Guidelines applied, included in the residential development category was 172 (Appendix 2).

**FIGIÚR 6 | FIGURE 6**
Gnáth-achomhairc Phleanála faighte de réir Cineál Forbartha
Normal Planning Appeals by Development Type received




[1] Lena n-áirítear Forbairtí Árasán / Includes Apartment Developments

* Airítear ar 'cónaithe' aonaid i mbrúnna, in óstáin, i dtithe altranais agus i gcineálacha cóiríochta den chineál céanna, agus d'fhéadfaí iad a bheith san áireamh i gcatagóirí forbartha eile.

* 'Residential' includes units in hostels, hotels, nursing homes and similar types of accommodation and may also be included, as part of other development categories.

Fuarthas 214 achomharc i dtaca le forbairtí mhiondíola; bhain aon trian díobh le hathrú úsáide, ó áit mhiondíola go bialann, nó siopa beir leat, nó oifig chearrbhachais, mar shampla, nó le cónascadh nó fo-roinnt aonad miondíola. Cé go bhfuil an ghníomhaíocht i dtaca le mórfhorbairtí miondíola íseal go leor fuarthas líon suntasach achomharc maidir le hollmhargaí agus miondíoltóirí lascaine. Bhain céatadán suntasach eile achomharc le fóntais; fuair an Bord Pleanála 103 achomharc mar sin in 2013. Bhain a bhformhór siúd le teileachumarsáid, mar shampla le crainn chumarsáide fón póca agus leathanbhanda (68) agus le tionscnaimh fuinnimh lena n-áirítear cumhacht ghaoithe (28).

## Achomhairc Thosaíochta

Aicmítear gnáthachomhairc áirithe mar 'Achomhairc Thosaíochta' laistigh den Bhord Pleanála. Achomhairc iad sin a bhaineann le forbairtí a d'fhéadfadh líon mór post a chur ar fáil, nó le tionscadail a bhféadfadh tábhacht gheilleagrach a bheith leo ar scála náisiúnta, réigiúnach agus / nó áitiúil. Lena chois sin, tugtar tús áite d'fhoirgnimh nua scoile / oideachais, agus do shíntí ar shaoráidí dá sórt, ar aon dul le beartas an Rialtais sa réimse seo. In 2013 fuarthas 23 achomharc i dtaca le tionscadail scoile/oideachais agus aicmíodh iad mar achomhairc thosaíochta, le cur de láimh, más féidir, laistigh de 18 seachtaine.

214 appeals were received in relation to retail developments, a third of which related to change of use, for example from retail to restaurant, to take-away, or to betting office, or amalgamation or sub-division of retail units. While overall activity for major retail developments is low a significant number of appeals were received relating to supermarkets and discount retailers. Utilities also made up a significant category of appeals coming before An Bord Pleanála, 103 of which were received in 2013. The majority of these cases were in relation to telecommunications, for example mobile phone and broadband masts (68), and energy projects including wind power (28).

## Priority Appeals

Some normal planning appeals are classified within An Bord Pleanála as 'Priority Appeals'. These are appeals in respect of developments which have a significant employment or economic potential, on a national, regional and / or local scale. Prioritisation is also given to new school buildings / educational facilities, and extensions, in line with Government policy in this area. In 2013, 23 appeals in relation to school / education projects were received and classified as priority appeals to be disposed of, if possible, within 18 weeks.

**FIGIÚR 7 | FIGURE 7**
Samplaí d'Achomhairc Thosaíochta | Examples of Priority Appeals

| Cás \| Case | Cinneadh / Decision |
|---|---|
| Ionad Coinbhinsiúin / Imeachtaí, Corcaigh<br>Convention / Events Centre, Cork | Deonaithe<br>Granted |
| Síneadh ar Ionad Asraoin Shráidbhaile Chill Dara, Cill Dara<br>Extension to Kildare Village Outlet Centre, Kildare. | Deonaithe<br>Granted |
| Iar-bhunscoil, Cnoc na Cathrach, Gaillimh<br>Post Primary School, Knocknacarra, Galway | Deonaithe<br>Granted |
| Ilionad saoire, Ard Choilm, Co. Loch Garman<br>Holiday complex, Ardcolm, Co. Wexford | Diúltaithe<br>Refused |
| Saoráid Biopharma, Clár Chlainne Mhuiris, Co. Mhaigh Eo<br>Biopharma facility, Claremorris, Co. Mayo. | Diúltaithe<br>Refused |
| Gairdín Cuimhneacháin, Baile Átha Cliath 1<br>Garden of Remembrance, Dublin 1 | Diúltaithe<br>Refused |

## Achomhairc de réir Ceantair

Tugtar in Aguisín 3 anailís ar chinntí ar iarratais phleanála a rinne údaráis áitiúla, ar achomhairc ghaolmhara chuig an mBord Pleanála agus ar chinntí achomhairc i gcás gach limistéir contae agus cathrach. San iomlán, achomhairc ab ea 7.1% de na hiarratais phleanála a fuarthas sa bhliain 2013, an líon céanna a fuarthas in 2012. Ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin (13.3%), Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (12.5%) agus Comhairle Contae Átha Cliath Theas (11.2%) a bhí na líonta ba mhó achomharc in aghaidh cinntí.


Ceanglaítear ar údaráis phleanála an comhad pleanála agus doiciméid eile i dtaca le hachomhairc a chur ar aghaidh chuig an mBord Pleanála laistigh de thréimhse reachtúil coicíse. In 2013, ba amhlaidh i gcás 83% de na hachomhairc (85% in 2012).

## Appeals by Area

An analysis of planning application decisions by local authorities and related appeals to An Bord Pleanála and appeal decisions for each county and city area is shown in Appendix 3. Overall, the number of appeals received in 2013 as a percentage of planning authority applications was 7.1%, the same as in 2012. Dun Laoghaire-Rathdown County Council (13.3%), Dublin City Council (12.5%) and South Dublin County Council (11.2%) had the highest levels of decisions appealed.

Planning authorities are required to submit the planning file and other documents in relation to appeals to An Bord Pleanála within a statutory period of two weeks. In 2013, this was the case for 83% of appeals (85% in 2012).

**FIGIÚR 8 | FIGURE 8**
Achomharc a fuarthas, a cuireadh de láimh
Normal Appeals received, disposed of and on hands



# 3. Cásanna Bonneagair Straitéisigh Strategic Infrastructure Cases

## CÁSANNA BONNEAGAIR STRAITÉISIGH STRATEGIC INFRASTRUCTURE CASES

Foráiltear san Acht um Pleanáil agus Forbairt (Bonneagar Straitéiseach) 2006 le haghaidh iarratais dhíreacha a dhéanamh chuig an mBord Pleanála ar fhorbairtí bonneagair straitéisigh, idir phoiblí agus phríobháideach.

Déanann aonáin phríobháideacha, gealltóirí reachtúla agus údaráis áitiúla iarratais ar fhorbairtí bonneagair straitéisigh díreach chuig an mBord Pleanála. Baineann na hiarratais sin le forbairtí ar an mórchóir, dála tionscadail fuinnimh, iompair, chomhshaoil, sláinte, leictreachais, gáis, iarnróid agus bóthair.

I gcás tograí Forbartha Bonneagair Straitéisigh (seachas ó údaráis áitiúla) ceanglaítear ar iarratasóirí ionchasacha dul i mbun comhairliúcháin réamhiarratais le hionadaithe an Bhoird Phleanála. An cuspóir atá leis na comhairliúcháin a fháil amach cibé an Forbairt Bonneagair Straitéisigh atá sa togra beartaithe, agus deis a thabhairt don Bhord Pleanála an t-iarratasóir a chomhairliú ar nithe a bhaineann le dea-phleanáil agus forbairt inbhuanaithe nó an comhshaol, a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar chinneadh an Bhoird.

Tugtar comhairle, leis, ar na nósanna imeachta chun iarratas a dhéanamh. Ní phléitear fiúntas an togra ag cruinnithe comhairliúcháin. Is é an t-iarratasóir ionchasach a chinneann luas an phróisis chomhairliúcháin, de ghnáth. Is féidir cruinnithe a bheith ag an mBord Pleanála le comhlachtaí ábhartha eile ar nós an údaráis áitiúil lena mbaineann agus comhlachtaí forordaithe. Coimeádtar taifead de gach seisiúin comhairliúcháin agus cuirtear ar fáil don phobal é ag deireadh an phróisis chomhairliúcháin.

Iarratais a mheastar a bheith ina bhForbairt Bonneagair Straitéisigh, caithfear iad a dhéanamh díreach chuig an mBord Pleanála. I bhformhór na gcásanna bíonn Ráiteas Tionchair Timpeallachta ag gabháil leo.

The Planning and Development (Strategic Infrastructure) Act 2006 provided for the making of direct applications for public and private strategic infrastructure development to An Bord Pleanála.

Applications for strategic infrastructure developments are made directly to An Bord Pleanála from private entities and statutory undertakers and from local authorities. These applications relate to large scale developments comprising energy, transport, environmental, health, electricity, gas, railway and road infrastructure.

For Strategic Infrastructure proposals (except from Local Authorities), it is mandatory for the prospective applicant to enter into pre-application consultations with representatives of An Bord Pleanála. The purpose of consultations is to ascertain if the proposal constitutes Strategic Infrastructure and also to give an opportunity for An Bord Pleanála to advise on considerations relating to proper planning and sustainable development or the environment which may have a bearing on the decision of the Board.

Advice is also given on procedures for making an application. Consultation meetings do not discuss the merits of the proposal. The pace of the consultation process is generally determined by the prospective applicant. An Bord Pleanála may also hold meetings with other relevant bodies such as the relevant local authority and prescribed bodies. A record is kept of all consultations and is made public at the end of the consultation process.

Applications deemed to be Strategic Infrastructure must be made directly to An Bord Pleanála. In most cases, these are accompanied by an Environmental Impact Statement.



## A. Iarratais Bonneagair Straitéisigh (Aonáin Phríobháideacha agus Gealltóirí Reachtúla)

Sa bhliain 2013 fuair an Bord Pleanála 23 iarratas ar chomhairliúchán réamhiarratais, eagraíodh 49 cruinniú le hiarratasóirí ionchasacha agus tugadh 18 iarratas (Figiúr 9) chun críche. Den 18 gcás a tugadh chun críche, measadh 7 gcinn díobh a bheith ina mBonneagar Straitéiseach, agus measadh nár Bhonneagar Straitéiseach iad 11 díobh.

## A. Strategic Infrastructure Applications (Private Entities and Statutory Undertakers)

In 2013, An Bord Pleanála received 23 requests for pre-application consultations, held 49 meetings with prospective applicants and concluded 18 requests (Figure 9). Of the 18 cases concluded, 7 were deemed to be Strategic Infrastructure, and 11 were deemed not to be Strategic Infrastructure.

**FIGIÚR 9 | FIGURE 9**
Cásanna Bonneagair Straitéisigh (Aonáin Phríobháideacha agus Gealltóirí Reachtúla)
Strategic Infrastructure Cases (Private Entities and Statutory Undertakers)

| | | Ar láimh, tús On-hands start | Faighte Received | Críochnaithe Concluded | Ar láimh, deireadh On-hands end |
|---|---|---|---|---|---|
| Iarrataí ar Chomhairliúchán | Consultation Requests | 23 | 23 | 18 | 28 |
| Iarratais | Applications | 7 | 6 | 8 | 5 |
| Iarrataí Scóipe | Scoping Requests | 0 | 1 | 1 | 0 |
| Iarrataí ar Athrú / Leasú | Alteration / Amendment Requests | 1 | 3 | 4 | 0 |
| **Iomlán** | **Total** | **31** | **33** | **31** | **33** |

Fuarthas 6 iarratas in 2013 agus tugadh 8 n-iarratas chun críche. I dtaca leis na cásanna a tugadh chun críche, dheonaigh an Bord Pleanála cead do cheithre cinn d'Fhorbairtí Seachtú Sceideal, diúltaíodh cead d'fheirm ghaoithe amháin agus deonaíodh cead do thrí cinn d'iarratais leictreachais (Figiúr 9).

In 2013, 6 applications were received and 8 applications were concluded. In respect of the concluded cases, An Bord Pleanála granted permission for 4 Seventh Schedule Developments, refused permission for 1 wind farm and granted approval for 3 electricity applications (Figure 9).

**FIGIÚR 10 | FIGURE 10**
Iarratais ar Bhonneagar Straitéiseach Tugtha chun Críche
Strategic Infrastructure Applications Concluded

| **Iarratais Phríobháideacha (7ú Sceideal) \| Private Applications (7th Schedule)** | |
|---|---|
| **Cur síos**<br>**Description** | **Cinneadh**<br>**Decision** |
| Gléasra Teasa agus Cumhachta Bithmhaise in Éineacht, An Obair, Co. na Mí<br>Biomass Combined Heat And Power Plant, Nobber, Co. Meath. | Deonaithe<br>Granted |
| Feirm Ghaoithe Shraithe, An Dún Beag, Co. an Chláir<br>Shragh Wind farm, Doonbeg, Co. Clare. | Diúltaithe<br>Refused |
| Leasú ar Ghléasra Dramhaíl go Fuinneamh, Baile Chearráin, Co. na Mí<br>Amendment to Waste to Energy Plant, Carranstown, Co. Meath. | Deonaithe<br>Granted |
| Saoráid Bheartaithe maidir le Cóireáil Bhitheolaíoch Mheicniúil, An Droichead, Co. Chill Dara<br>Proposed Mechanical Biological Treatment (MBT) Facility, Drehid, Co. Kildare. | Deonaithe<br>Granted |
| Gléasra Teasa agus Cumhachta in Éineacht, Ráth Lapáin agus Cill Cholgan, Co. Chiarraí<br>Combined Heat and Power Plant, Ralappane and Kilcolgan, Co. Kerry. | Deonaithe<br>Granted |
| **Iarratais Leictreachais \| Electricity Applications** | |
| **Cur síos**<br>**Description** | **Cinneadh**<br>**Decision** |
| Líne 110kV an Muileann gCearr, Co. na hIarmhí go Cion Átha Gad, Co. na Mí<br>110 kV Line Mullingar, Co. Westmeath to Kinnegad, Co. Meath. | Ceadú<br>Approved |
| Tionscadal Athneartaithe 220kV Imeall Thuaidh Bhaile Átha Cliath<br>Dublin North Fringe 220kV Reinforcement Project. | Ceadú<br>Approved |
| Tionscadal Fhostáisiúin 110/38kV na Gaillimhe Thiar<br>West Galway 110/38kv Substation Project. | Ceadú<br>Approved |




## B. Iarratais Bonneagair Straitéisigh ó Údaráis Áitiúla

Rinneadh 13 iarratas údaráis áitiúil in 2013, ar ceadaíodh ceann amháin gan mhionathrú, ar cuireadh ceann amháin ar neamhní agus ar diúltaíodh ceann amháin. Tugadh cúig cinn de mhórthionscadail bóthair chun críche, agus ceadaíodh ceithre cinn díobh (Figiúr 11).

## B. Local Authority Strategic Infrastructure Applications

In 2013, there were 13 local authority applications concluded of which 1 was approved without modification, 1 was annulled and 1 was refused. Five major road projects with associated compulsory acquisitions were concluded, 4 of which were approved (Figure 11).

**FIGIÚR 11 | FIGURE 11**
Cásanna Bonneagair Straitéisigh ag Údaráis Áitiúla | Local Authority Strategic Infrastructure Cases

| | | Faighte<br>Received | Críochnaithe<br>Concluded | Ar láimh, deireadh<br>On-hands end |
|---|---|---|---|---|
| Iarratais | Applications | 8 | 13 | 8 |
| Iarrataí Scóipe | Scoping Requests | 2 | 2 | 1 |
| Cásanna Scagtha um Mheasúnú Tionchar Timpeallachta | Environmental Impact Assessment Screening Cases | 7 | 6 | 3 |
| Iarrataí ar Athrú / Leasú | Alteration / Amended Requests | 0 | 0 | 0 |
| Díolúine ó Ráiteas Tionchair Timpeallachta | Environmental Impact Statement Exemption | 0 | 0 | 0 |
| **Iomlán** | **Total** | **17** | **21** | **12** |



| **FIGIÚR 12 \| FIGURE 12**<br>Samplaí de Thionscadail Bhóthair \| Examples of Road Projects | |
|---|---|
| **Cur síos**<br>**Description** | **Cinneadh**<br>**Decision** |
| Tionscadal Bóthair an N59: An Teach Dóite go hUachtar Aird<br>N59 Maam Cross To Oughterard Road Project. | Ceadú<br>Approved |
| Scéim Athchumraithe Nascbhóthar agus Timpeallán Bhaile na Lobhar<br>Leopardstown Link Road and Roundabout Reconfiguration Scheme | Ceadú<br>Approved |
| Scéim um Fheabhsú Mótarbhealaigh Idirmhalartán Dhún Citil 2012<br>Dunkettle Interchange Improvement Motorway Scheme 2012. | Ceadú<br>Approved |
| Seachbhóthar Chill Dá Lua, Trasnú Dhroichead na Sionainne agus Scéim Feabhsúcháin an R494<br>Killaloe Bypass, Shannon Bridge Crossing and R494 Improvement Scheme | Ceadú<br>Approved |
| Scéim Fheabhsúcháin Bóthair an N86: An Daingean go dtí Abhainn an Scáil agus Gort Bréagóg go dtí an Com<br>N86 Dingle To Annascaul And Gortbreagoge To Camp Road Improvement Scheme. | Diúltaithe<br>Refused |

# 4. Tionscadail Údaráis Áitiúil Eile
# Other Local Authority Projects



Cuireann an Bord Pleanála cásanna údaráis áitiúil eile de láimh, leis, lena n-áirítear orduithe ceannaigh éigeantaigh agus fáil éigeantach faoi Acht na Láithreán Tréigthe agus Measúnachtaí Cuí.

An Bord Pleanála also deals with other local authority cases including compulsory purchase orders and compulsory acquisition under the Derelict Sites Act and Appropriate Assessments.

**FIGIÚR 13 | FIGURE 13**
Tionscadail Údaráis Áitiúil | Local Authority Projects

| | | Faighte Received | Críochnaithe Concluded | Ar láimh, deireadh On-hands end |
|---|---|---|---|---|
| Fáil Éigeantach Ordú Ceannaigh Éigeantaigh (OCÉ) | Compulsory Acquisition Compulsory Purchase Order (CPO) | 19 | 18 | 2 |
| Fáil Éigeantach Láithreán Tréigthe | Compulsory Acquisition Derelict Sites | 6 | 4 | 2 |
| **Iomlán** | **Total** | **25** | **22** | **4** |

## Tógáil Éigeantach

De na cásanna tógála éigeantaigh a tugadh chun críche in 2013, ceadaíodh 5 chás gan mhionathrú agus ceadaíodh ceann amháin le mionathruithe. Diultaíodh do chás amháin (Figiúr 13). Rinneadh 12 chinneadh neamhfhoirmiúla, i gcás, mar shampla, nach bhfuarthas aon agóid i gcásanna Ordú Ceannaigh Éigeantaigh agus aistarraingíodh ceithre cinn d'iarratais. De na cásanna a cinneadh, cuireadh 100% díobh de láimh go foirmiúil laistigh den tréimhse reachtúil oibiachtúil.

## Compulsory Acquisition

Of the compulsory acquisition cases concluded in 2013, 5 cases were approved without modifications and 1 was approved with modifications and 1 was refused (Figure 13). There were 12 informal decisions, for instance, where no objections were received in CPO cases and 4 applications were withdrawn. Of these cases decided, 100% were formally disposed of within the statutory objective period.

## CÁSANNA MEASÚNACHT CHUÍ Ó ÚDARÁIS ÁITIÚLA
## LOCAL AUTHORITY APPROPRIATE ASSESSMENT CASES

Is éard is Measúnacht Chuí imscrúdú oibiachtúil bunaithe ar an eolas eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil i dtaobh cumas plean nó tionscadail chun tionchar dearfach nó diúltach a bheith aige ar shuíomh atá faoi chosaint faoi Threoir an AE maidir le Gnáthóga, ina aonar nó in éineacht le pleananna nó tionscadail eile, i bhfianaise chuspóirí caomhnúcháin na suíomhanna.

I gcás ina gceanglaítear Measúnacht Chuí maidir le Tionscadal Údaráis Áitiúil, is é an Bord Pleanála an t-údarás inniúil chun an togra a mheasúnú.

Is é an Bord Pleanála an t-údarás inniúil, chomh maith, chun a chinneadh cibé an dteastaíonn Measúnacht Chuí le haghaidh Tionscadal Údaráis Áitiúil nó nach dteastaíonn.

Appropriate Assessment is an objective assessment based on best scientific knowledge of the potential of a plan or project to adversely and significantly affect a site which is protected under the EU Habitats Directive, alone or in combination with other plans or projects, in view of the sites' conservation objectives.

Where a Local Authority Project, requires Appropriate Assessment, the competent authority for the assessment of the project is An Bord Pleanála.

An Bord Pleanála is also the competent authority to determine if a Local Authority Project requires Appropriate Assessment to be carried out.

Fuair an Bord Pleanala 13 chás Measúnachta Cuí in 2013 agus tugadh 12 díobh chun críche, ar iarradh eolas breise i gcás cuid díobh (Figiúr 14). De na 12 cás a tugadh chun críche, ceadaíodh 10 díobh agus cinneadh nár ghá Ráiteas Tionchair Natura i gcás dhá cheann díobh.

In 2013, d'fhoilsigh an Bord Pleanála 'Treoirlínte d'Údaráis Áitiúla i dtaca le tograí maidir le Measúnachtaí Cuí a chur ar aghaidh chuig an mBord Pleanála'. Eagraíodh ceardlanna chun foireann údaráis áitiúil i mBaile Átha Cliath agus i dTulach Mhór a chur ar an eolas faoi na treoirlínte.

Appropriate Assessment cases received by An Bord Pleanála numbered 13 in 2013 and the number of cases concluded was 12 some of which required further information to be submitted. (Figure 14). Of the 12 cases, 10 were approved and 2 were determined not to require Natura Impact Statements (NIS).

During 2013, An Bord Pleanála published 'Guidelines for Local Authorities for submission of proposals to An Bord Pleanála in relation to Appropriate Assessments'. Workshops were conducted to brief local authority staff in Dublin and Tullamore.

**FIGIÚR 14 | FIGURE 14**
Cásanna Measúnacht Chuí | Appropriate Assessment Cases

| | | Faighte Received | Críochnaithe Concluded | Ar láimh, deireadh On-hands end |
|---|---|---|---|---|
| Iarratais ar Mheasúnacht Chuí | Appropriate Assessment Applications | 9 | 10 | 3 |
| Cinntí Mheasúnacht Chuí | Appropriate Assessment Determinations | 4 | 2 | 4 |

# 5. Cásanna ar Chairéal agus Toiliú Ionaid
# Quarry and Substitute Consent Cases

## CÁSANNA MAIDIR LE HATHBHREITHNIÚ FÓGRAÍ AR CHAIRÉAL
## QUARRY NOTICE REVIEW CASES

Ag éirí as cinneadh Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gcás C-215/06 (Iúil 2008), inarbh éigean a bhaint den reachtaíocht phleanála Éireannach an áis ghinearálta lenar cumasaíodh d'iarratais ar chead chun forbairt, a mbeadh Measúnacht Tionchair Timpeallachta riachtanach ina leith, a choimeád, tugadh isteach foráil nua aon uaire sa bhliain 2011 chun aon saincheisteanna dlí a bhí fós amuigh a réiteach.

Following on from the European Court of Justice (ECJ) decision in case C-215/06 (July 2008), which necessitated the removal from Irish planning legislation of the general facility enabling applications for permission to retain development in respect of which Environmental Impact Assessment (EIA) would have been required, a new, once-off, provision, was introduced in 2011 to address related outstanding legal issues.

Tháinig an t-alt nua 261A, a cuireadh isteach in Acht 2000 faoi Alt 75 d'Acht 2010, i bhfeidhm an 15 Samhain 2011. Faoin alt nua ceanglaítear ar údaráis phleanála gach cairéal ina limistéar feidhme a scrúdú, laistigh de thréimhse naoi mí, agus na cinn sin nach ndearnadh Measúnacht Tionchair Timpeallachta nó Measúnacht Chuí ina leith a shainaithint (cuireadh é sin san áireamh de bhrí gur measadh gurb ionann na saincheisteanna dlí a bhain leo).

Section 261A, inserted into the 2000 Act under Section 75 of the 2010 Act, became operational on 15th November 2011. The section required planning authorities to examine all quarries in their areas, within a nine month timeframe, and to identify those with outstanding Environment Impact Assessment or Appropriate Assessment (AA) issues (this being also included as similar legal issues were deemed to apply).

Na cairéil sin a aithníodh amhlaidh, eisíodh fógra chucu ag ceangal orthu iarratas ar Thoiliú Ionaid a chur faoi bhráid an Bhoird nó ag cur in iúl dóibh go rabhthas ag beartú fógra forfheidhmiúcháin a eisiúint ina gceanglófaí go scoirfí d'oibriú an chairéil. Úinéir nó oibreoir cairéil, nó tríú páirtí ar bith a rinne aighneachtaí i scríbhinn chuig an údarás pleanála agus ar eisíodh cóip den fhógra dó, d'fhéadfadh sé iarratas a dhéanamh chuig an mBord Pleanála, leis, laistigh de 21 lá ó dháta an fhógra, ar athbhreithniú ar bhreith nó ar chinneadh an údaráis phleanála, mar atá leagtha amach san fhógra. Ceanglaítear ar an mBord Pleanála cinneadh nó breith an údaráis pleanála a dheimhniú nó a chur i leataobh.

Those quarries so identified were issued with a Notice by the Local Authority either directing an application to An Bord Pleanála for Substitute Consent or advising of the intention to issue an enforcement notice requiring the cessation of operations. A quarry owner/operator, or any 'third party' who lodged observations to the planning authority and was issued with a copy of the Notice, could also apply to An Bord Pleanála, within a 21 day period from the date of the Notice, for a review of the planning authority's determinations/decisions as set out in the Notice. An Bord Pleanála is required to either confirm or set aside the determinations/decisions of the planning authority.



Taisceadh 335 iarratas ar athbhreithniú ar fhógra cairéil leis an mBord Pleanála; taisceadh 334 díobh sin sa tréimhse Meitheamh go Meán Fomhair 2012. Formhór na gcásanna is úinéirí nó oibreoirí cairéil nó daoine ag gníomhú ar a son a thaisc iad, ní bhfuarthas ach líon beag ó thríú páirtithe.

Ghin na cásanna cairéil ualach oibre breise nár bheag don Bhord Pleanála sa bhliain 2013. Leithdháileadh líon suntasach foirne ar 'foireann cairéil' ar leith, lenar áiríodh 10-12 chigire. Theastaigh roinnt mhaith ullmhúcháin agus oiliúna, leis, toisc an reachtaíocht a bheith casta i gcomparáid le míreanna eile reachtaíochta. Déileáladh le formhór na n-iarratas ar athbhreithniú in 2013, agus ní raibh ach líon beag ar láimh in 2014.

Den 252 cás a cinneadh go foirmiúil, dheimhnigh an Bhord cinneadh an údaráis phleanála in 121 cás agus cuireadh an cinneadh i leataobh in 96 cás. Cuireadh 35 cás de láimh ar shlí éigin eile.

In total, 335 quarry notice review applications were lodged to An Bord Pleanála, 334 of these were lodged during the period June to September 2012. The great bulk of cases were lodged by or on behalf of quarry owners/operators with a much smaller number arising from third parties.

The quarry cases represented a significant additional workload for An Bord Pleanála in 2013. A substantial number of staff were allocated to a dedicated ‘quarry team’, including 10-12 Inspectors. The relative complexity of the legislation required a significant element of training and preparation. The majority of review applications were dealt with during 2013, with just a small number remaining to be dealt with in 2014.

Of the 252 cases formally decided, the Board confirmed the determination of the planning authority in 121 and set aside the determination in 96. 35 cases were otherwise disposed.



## TOILIÚ IONAID
## SUBSTITUTE CONSENTS

Is éard is Iarratas ar Thoiliú Ionaid iarratas ar chead a dhéantar díreach chuig an mBord Pleanála maidir le forbairt atá déanta cheana féin agus a raibh gá Measúnacht Tionchair Timpeallachta agus / nó Measúnacht Chuí nó an dá cheann a dhéanamh ina leith ach nach ndearnadh measúnacht den sórt sin. Cuirtear Ráiteas Ceartaitheach Tionchair Timpeallachta agus / nó Ráiteas Ceartaitheach Tionchair Natura ar fáil in éineacht leis an iarratas. I gcás cairéil, ní mór an t-iarratas a thaisceadh tráth nach déanaí ná 12 sheachtain tar éis dháta an Fhógra, nó cibé tréimhse bhreise a cheadóidh an Bord Pleanála.

A Substitute Consent application is for a permission made directly to An Bord Pleanála in respect of development already carried out and which should have been subject to Environment Impact Assessment and / or Appropriate Assessment but where such assessments were not carried out. The application is accompanied by a Remedial Environmental Impact Statement (REIS) and / or a Remedial Natura Impact Statement (RNIS). In the case of quarries, the substitute consent application must be lodged within 12 weeks of the date of the planning authority Notice or such further period as An Bord Pleanála may allow.

Fuathas 71 iarratas ar Thoiliú Ionaid in 2013. Bhain 63 díobh sin le cairéil agus an fuílleach le cineálacha éagsúla forbartha eile. Mar is amhlaidh i gcás cásanna athbhreithniú ar fhógra cairéil, cuireadh acmhainn ar leith i leataobh chun na hiarratais chasta seo a láimhseáil. Cuid shuntasach den riar oibre iomlán in 2014 agus 2015 a bheidh i gcásanna Toilithe Ionaid.

71 Substitute Consent applications were received during 2013. Of these, 63 related to quarries with the remainder relating to a variety of other development types. As with quarry review notice cases, specific resource was allocated to handle these complex applications. The Substitute Consent caseload will continue to be a significant element of overall workload in 2014 and 2015.

**FIGIÚR 15 | FIGURE 15**
Cásanna Cairéil agus Cásanna Toilithe Ionaid
Quarry and Substitute Consent Cases

| | | Faighte<br>Received | Críochnaithe<br>Concluded | Ar láimh, deireadh<br>On-hands end |
|---|---|---|---|---|
| **Cairéil<br>Quarries** | | | | |
| Fógra a Eisíonn Údarás Áitiúil | Notice Issued by Local Authority | 0 | 87 | 0 |
| Iarratas ar Athbhreithniú | Application for Review | 1 | 223 | 83 |
| *Fo-iomlán* | *Subtotal* | 1 | 310 | 83 |
| **Toiliú Ionaid<br>Substitute Consent** | | | | |
| Iarratas ar Chomhairliúchán | Consultation Request | 3 | 16 | 0 |
| Ordú Fógra | Notice Direction | 0 | 0 | 0 |
| Iarratas maidir le Raon Feidhme / Ráiteas Tionchair Timpeallachta | Scoping / Environmental Impact Statement Request | 0 | 2 | 0 |
| Iarratas ar Thoiliú Ionaid | Application for Substitute Consent | 71 | 6 | 73 |
| Iarratas ar Shíneadh Ama | Request for Extension Time | 32 | 106 | 11 |
| Cead chun Iarratas a dhéanamh ar Thoiliú Ionaid | Leave to Apply for Substitute Consent | 2 | 3 | 3 |
| *Fo-iomlán* | *Subtotal* | 108 | 133 | 87 |
| **Iomlán** | **Total** | **109** | **443** | **170** |

# 6. Cineálacha eile cáis Other Case Types



## Criosanna Forbartha Straitéisigh

Limistéar talún is ea Crios Forbartha Straitéisigh (SDZ) a bheartaítear forbairtí a bhfuil tábhacht eacnamaíoch nó sóisialta leo a shuigh iontu. Cinneadh rialtais is ea é suíomh a ainmniú mar SDZ, tar éis togra ón Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Tar éis suíomh a ainmniú, moltar dréachtscéim phleanála chun an SDZ a fhorbairt de réir a chéile. Is féidir dréachtscéimeanna phleanála le haghaidh SDZ a achomharc chuig an mBord Pleanála. Fuarthas 3 achomharc maidir le SDZanna in 2013:

- An Mhóin Ard, Co. Chorcaí
- Coill na Silíní, Baile Átha Cliath
- Na Lotaí Thuaidh agus Duga na Canálach Móire, Baile Átha Cliath

Eisíodh cinneadh chun SDZ a dhiúltú i gcás Na Móna Airde, Co. Chorcaí in 2013, agus bhí SDZanna eile ar láimh ag deireadh bliana.

## Strategic Development Zones

A Strategic Development Zone (SDZ) is an area of land that is proposed to contain developments of economic or social importance to the State. The designation of a site as an SDZ is a decision of the Government, following a proposal by the Minister for the Environment, Community and Local Government. Once designated, a draft planning scheme for the phased development of the SDZ is proposed. Draft planning schemes for SDZs can be appealed to An Bord Pleanála. In 2013, 3 appeals to SDZs were received:

- Monard, Co. Cork
- Cherrywood, Dublin
- North Lotts and Grand Canal Dock, Dublin

A decision issued to refuse the SDZ for Monard, Co. Cork in 2013 and the other SDZs were still on hands at year end.

## Gníomhaireachtaí Údaráis Stáit

I nDeireadh Fómhair 2013 thaisc an tAire Talmhaíochta, Bia agus Muirí iarratas ar chead le haghaidh tionscadal feabhsúcháin ag An Rinn Thoir, Inis Sionnach, Co. Chorcaí. Seo é an chéad iarratas dá shórt a rinneadh faoi Alt 181 (3) den Acht Pleanála agus Forbartha 2000, arna leasú. Lean an t-iarratas isteach in 2014.

## State Authority Developments

In October 2013, the Minister for Agriculture, Food and the Marine lodged an application for approval for a remediation project at East Tip, Haulbowline Island, Co. Cork. This is the first application of its kind brought under Section 181 (3) of the Planning and Development Act 2000, as amended. The application continued on into 2014.

**FIGIÚR 16 | FIGURE 16**
Cineálacha eile cáis | Other Case Types

| | | Idir Lámha ag tús na bliana | Faighte | Cinntí foirmiúla | Curtha de láimh i slí eile | Idir Lámha ag deireadh na bliana |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | On hands start of year | Received | Formally decided | Otherwise disposed | On hands end of year |
| **Achtanna Pleanála \| Planning Acts** | | | | | | |
| Cead Achomharc | Leave to Appeal | 2 | 29 | 25 | 5 | 1 |
| Tarchuir | Referrals | 85 | 132 | 125 | 27 | 65 |
| Cinntí[1] | Determinations [1] | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Ceadúnais Rannóg 254 | Section 254 Licences | 3 | 2 | 4 | 1 | 0 |
| Díolúine ón Ráiteas Tionchair Timpeallachta d'Iarratasóirí | Environmental Impact Statement Exemption for Applicants | 0 | 1 | 0 | 0 | 1 |
| Scéim Pleanála i gCrios Forbartha Straitéisí | Planning Scheme in Strategic Development Zone | 1 | 2 | 1 | 0 | 2 |
| Leasú ar Scéim Pleanála i gCrios Forbartha Straitéisí | Amendment to Planning Scheme in Strategic Development Zone | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Iarratas faoi Roinn Údaráis Stáit 181(3) | State Authority Section 181(3) Application | 0 | 1 | 0 | 0 | 1 |
| **Iomlán** | **Total** | **91** | **167** | **155** | **33** | **70** |

67 (36%) de na 188 cásanna curtha de láimh laistigh de 18 seachtaine, mar is cuí.
67 (36%) of the 188 cases were disposed of within 18 weeks , as appropriate.

[1] Baineann roinnt de na cásanna sin leis na hAchtanna Pleanála 1963 go 1999
[1] These cases relate to the 1963 to 1999 Planning Acts.

## Tarchuir

Le ceisteanna faoin rud is forbairt ann nó faoi cibé an forbairt dhíolmhaithe é cás ar leith, laistigh de bhrí na nAchtanna Pleanála, a bhaineann formhór na dtarchur chuig an mBord Pleanála. In 2013, fuarthas 132 tarchur agus thug an Bord 152 tarchur chun críche.

## Referrals

The main type of referral to An Bord Pleanála is in relation to questions, in any particular case, as to what is or is not development or is or is not exempted development within the meaning of the Planning Acts. In 2013, 132 referrals were received and 152 concluded by the Board.

# Cásobair nach Cásobair Phleanála é

Tá feidhmeanna sannta don Bhord Pleanála faoi:

- Na hAchtanna um Rialú Foirgníochta 1990 agus 2007;
- Na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce) 1977 go 2007;
- An tAcht um Thruailliú Aeir 1987.

# Non-Planning Casework

An Bord Pleanála is also assigned functions under:

- Building Control Acts 1990 and 2007;
- Local Government (Water Pollution) Acts 1977 to 2007;
- Air Pollution Act 1987.

## Rialú Foirgníochta

Ba iad achomhairc i dtaca le Rialú Foirgníochta an chatagóir ba mhó cásoibre nár chásobair phleanála í a láimhsigh an Bord Pleanála in 2013. Fuarthas 35 achomharc agus tugadh 29 chun críche i gcaitheamh na bliana.

Bhain na hachomhairc sin le cinntí a rinne Údaráis Rialaithe Foirgníochta maidir le hiarratais ar Dheimhnithe Sábháilteacht Dóiteáin agus ar Dheimhnithe Sábháilteacht Dóiteáin athmheasta, ar Dheimhnithe Thabhairt chun Rialtachta, ar Theastais Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas agus ar Theastais Rochtana Athmheasta do Dhaoine faoi Mhíchumas agus ar dhispeansáid nó maolú ó riachtanais na Rialachán Foirgníochta.

## Building Control

Appeals in relation to Building Control were the largest category of non-planning casework handled by An Bord Pleanála in 2013 with 35 appeals received and 29 concluded during the year.

These appeals related to decisions taken by Building Control Authorities in regard to applications for Fire Safety Certificates and revised Fire Safety Certificates, Regularisation Certificates, Disability Access Certificates and revised Disability Access Certificates and dispensation from or relaxation of requirements under the Building Regulations.



## Na hAchtanna um Thruailliú Uisce

Lena chois sin, tá feidhmeanna ag an mBord Pleanála chun achomhairc i dtaca le ceadúnais faoi na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce) um Thruailliú Uisce a chinneadh. Cuireadh 19 gcás dá sórt de láimh le linn 2013.

## An tAcht um Thruailliú Aeir

Láimhseáil an Bord Pleanála trí achomharc i dtaca le ceadúnais Truaillithe Aeir in 2013.

## Water Pollution Acts

An Bord Pleanála also deals with appeals in relation to licences under the Local Government (Water Pollution) Acts. 19 such cases were disposed during 2013.

## Air Pollution Act

Three appeals were handled in relation to Air Pollution licences by An Bord Pleanála in 2013.

**FIGIÚR 17 | FIGURE 17**
Achoimre ar Chásanna Eile Neamhphleanála | Summary of Other Non-Planning Cases

| | | Idir Lámha ag tús na bliana<br>On hands start of year | Faighte<br>Received | Cinntí foirmiúla<br>Formally decided | Curtha de láimh i slí eile<br>Otherwise disposed | Idir Lámha ag deireadh na bliana<br>On hands end of year |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Achtanna um Rialú Foirgníochta \| Building Control Acts** | | | | | | |
| Deimhniú Maolaithe & Dispeansáide | Relax & Dispensation Certificate | 1 | 3 | 1 | 0 | 3 |
| Deimhniú Sábháilteacht Dóiteáin | Fire Safety Certificate | 4 | 15 | 8 | 1 | 10 |
| Deimhniú Leasaithe Sábháilteacht Dóiteáin | Fire Safety Revised Certificate | 2 | 0 | 2 | 0 | 0 |
| Deimhniú Thabhairt chun Rialtachta | Regularisation Certificate | 0 | 9 | 5 | 0 | 4 |
| Deimhniú Rochtana Míchumais | Disability Access Certificate | 5 | 7 | 10 | 1 | 1 |
| Deimhniú Leasaithe Rochtana Míchumais | Disability Access Revised Certificate | 0 | 1 | 1 | 0 | 0 |
| *Fo-Iomlán* | *Subtotal* | *12* | *35* | *27* | *2* | *18* |
| **Achtanna um Thruailliú Uisce \| Water Pollution Acts** | | | | | | |
| Curtha chuig Uisce | Discharge to Water | 5 | 5 | 6 | 2 | 2 |
| Curtha chuig Séarachas | Discharge to Sewers | 0 | 11 | 9 | 2 | 0 |
| *Fo-Iomlán* | *Subtotal* | *5* | *16* | *15* | *4* | *2* |
| **Acht um Thruailliú Aer \| Air Pollution Act** | | | | | | |
| Scaoileadh Aer | Air Emission | 0 | 3 | 3 | 0 | 0 |
| *Fo-Iomlán* | *Subtotal* | *0* | *3* | *3* | *0* | *0* |
| **Iomlán** | **Total** | **17** | **54** | **45** | **6** | **20** |

14 (27%) de na 51 cásanna curtha de láimh laistigh de 18 seachtaine / 4 mí, mar is cuí
14 (27%) of the 51 cases were disposed of within 18 weeks / 4 months, as appropriate.

# Oibríochtaí Pleanála
# Planning Operations





7 Eisteachtaí o Bhéal
Oral Hearings

8 Tuairiscí agus Moltaí
Reports and Recommendations

9 Feidhmeanna Nua
New Functions

10 Comhfhreagras Iarchinnidh
Post-Decision Correspondence

# 7. Eisteachtaí ó Bhéal
# Oral Hearings



## ÉISTEACHTAÍ Ó BHÉAL
## ORAL HEARINGS

De ghnáth déileáiltear le hachomhairc agus le nithe a chuirtear faoi bhráid an Bhoird ar bhonn aighneachtaí scríofa ó na páirtithe mar aon le cigireacht ar an suíomh ag cigire arna cheapadh ag an mBord Pleanála. Reáchtáiltear éisteachtaí ó bhéal de ghnáth i gcás iarratas atá casta agus / nó mór, agus i gcás fhormhór na n-iarratas ar Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh nó ar Tógáil Éigeantach. Is faoi rogha an Bhoird amháin atá sé éisteacht ó bhéal a reáchtáil i gcás ar bith agus an clár oibre a shocrú cibé an iarrtar éisteacht nó nach n-iarrtar.

Appeals and referrals are generally dealt with on the basis of written submissions from the parties together with a site inspection by an inspector appointed by An Bord Pleanála. Oral hearings are held in relation to cases which are generally complex and / or large in scale, oral hearings are also held in the majority of Strategic Infrastructure application cases and CPO cases. An Bord Pleanála has absolute discretion to hold an oral hearing of any case and set the agenda whether or not a hearing is requested.

I 2013, bhain 7 gcinn den 18 n-éisteachta ó bhéal le forbairtí bonneagair straitéisigh agus tionscadail udaráis áitiúil eile. Bhí baint ag 11 éisteacht ó bhéal eile le gnáthchásanna achomhairc pleanála agus bhain dhá éisteach le Crios Forbartha Straitéisigh (Figiúr 18) .

Bhain formhór na n-iarratas ar éisteachtaí ó bhéal in 2013 le ghnáthachomhairc phleanála, ar diúltaíodh 29 cinn díobh agus ar deonaíodh 6 cinn díobh.

In 2013, 7 of the 18 oral hearings held related to strategic infrastructure developments and other types of local authority project. There were 11 other oral hearings held which related to normal planning appeal cases, and 2 relating to a Strategic Development Zone (Figure 18).

The majority of oral hearing requests made in 2013 related to normal planning appeals of which 29 were refused and six were granted.

**FIGIÚR 18 | FIGURE 18**
Suíomh na nÉisteachtaí ó Bhéal | Location of Oral Hearings




Suirbhéireacht Ordanáis Éireann: Ceadúnas Uimh. EN 0059214. © Suirbhéireacht Ordanáis Éireann Rialtas na hÉireann
Ordnance Survey Ireland Licence No. EN 0059214
© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland

Achomharc Pleanála / Planning Appeal
Forbairt Bonneagair Straitéisigh / Strategic Infrastructure Development
Ordú Ceannaigh Éigeantaigh / Compulsory Purchase Order

| Cásuimhir \| Case Number | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | 04.HA0039 / 04.MA0011 | 5 | 03.PA0025 | 9 | 06S.CH3185 | 13 | 29N.242067 | 17 | 29S.242003 |
| 2 | 07.240924 | 6 | 01.240850 | 10 | 06F.241779 | 14 | 61.242151 | 18 | 07.242316 |
| 3 | 07.HA0041 / 07.KA0027 | 7 | 09.241321 | 11 | 26.CH3190 | 15 | 06S.242091 | | |
| 4 | 06D.ZD2010 | 8 | 04G.ZD2008 | 12 | 72.CH3191 | 16 | 11.VA0015 | | |

# 8. Tuairiscí agus Moltaí Reports and Recommendations

## Réamhrá

Déanann Bord an Bhoird Phleanála cinneadh ar gach achomharc agus iarratas bailí. Ba é 339 (17.7%) líon mholtaí na gCigirí nár ghlac an Bord leo i gcoitinne, i gcomparáid le 284 (19.9%) in 2012.

## Introduction

Decisions on all valid appeals and applications are made by the Board of An Bord Pleanála. The number of all Inspectors' recommendations not generally accepted by the Board was 339 (17.7%) compared to 284 (19.9%) in 2012.

## Sainchomhairleoirí agus Comhairleoirí

Tá cumhacht ag an mBord Pleanála sainchomhairleoirí agus comhairleoirí a fhostú, de réir mar a mheasann sé is gá chun a fheidhmeanna a chur i gcrích. I mbliana roimhe seo nuair a bhí an riar cásanna i bhfad níos airde, bhíodh suas le 75 cigire fostaithe ag an mBord Pleanála ar bhonn táille in aghaidh an cháis.

Ceapadh sainchomhairleoirí sa bhliain 2013 i gcáil cigirí tuairiscithe i líon beag sainréimsí oibre ar nós cásanna Sábháilteacht Dóiteáin agus Rochtain Míchumais, nó mar speisialtóirí chun cuidiú leis an gcigire tuairiscithe inmheánach maidir le gnéithe ar leith de chásanna pleanála. Taispeánann Figiúr 19 líon na dtuairiscí a fuarthas, ó chigirí comhairleacha inmheánacha agus seachtracha sa bhliain 2013. Ba ionann agus 2% de na tuairiscí ar fad a fuarthas, na tuairiscí a fuarthas ó chigirí seachtracha sa bhliain 2013 (1.5% sa bhliain 2012).

## Consultants and Advisers

An Bord Pleanála has the power to engage such consultants and advisers as it considers necessary for the discharge of its functions. In previous years when caseload was at its peak, up to 75 fee-per-case inspectors would have been retained on an ongoing basis by An Bord Pleanála.

In 2013, consultants were appointed as reporting inspectors in only a small number of specialist work areas such as Fire Safety and Disability Access cases, or as specialists assisting an in-house reporting inspector in relation to some aspect of a particular planning case. Figure 19 shows the number of reports received from in-house and external consultant inspectors in 2013. The number of reports received from external inspectors in 2013 represented 2% of all reports received, (1.5% in 2012).

**FIGIÚR 19 | FIGURE 19**
Miondealú ar thuairiscí na gCigirí | Breakdown of Inspector's Reports

| | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| Cigirí inmheánacha | In-house Inspectors | 1,622 | 1,579 |
| Cigirí comhairligh seachtracha | External Consultant Inspectors | 33 | 24 |
| **Iomlán** | **Total** | **1,655** | **1,603** |

# 9. Feidhmeanna Nua New Functions



## Tionscadail Leasa Choitinn

Ainmníodh an Bord Pleanála mar údarás inniúil le haghaidh Tionscadail Leasa Choitinn faoi Rialachán na hEorpa 347/2013 ar Threoirlínte maidir le Bonneagar Fuinnimh tras-Eorpach i Nollaig 2013. Freagracht de chuid an Bhoird Phleanála is ea é an próiseas um dheonú ceada trasna comhlachtaí Stáit ábhartha le haghaidh Tionscadail Leasa Choitinn a éascú agus a chomhordú.

Foráiltear sa Rialachán le haghaidh liosta Aontais de Thionscadail Leasa Choitinn agus áirítear air na cinn seo a leanas atá ábhartha maidir le hÉirinn (Figúir 20, leathanach 48):

## Projects of Common Interest

An Bord Pleanála was designated the competent authority for Projects of Common Interest under European Regulation 347/2013 on Guidelines for trans-European Energy Infrastructure in December 2013. The facilitation and co-ordination of the permit granting process across relevant State bodies for Projects of Common Interest is the responsibility of An Bord Pleanála.


The Regulation provides for a Union list of Projects of Common Interest and includes the following relevant to Ireland (Figure 20, page 48)

**FIGÚIR 20 | FIGURE 20**
Tionscadail Leasa Choitinn ar Liosta an Aontais (Éire) | Union List Projects of Common Interest (Ireland)

| **Cur síos ar an Tionscadal**<br>**Project Description** |
|---|
| Gás Nádúrtha Leachtaithe, Críochfort Athghásaithe, Co. Chiarraí<br>Liquefied Natural Gas, Regasification Terminal, Co. Kerry. |
| Idirnascaire Leictreachais Thuaidh-Theas (cuid de "Bhraisle")<br>North-South Electricity Interconnector (part of "Cluster"). |
| Scéim Stórála Fuinnimh Hidrileictrigh ag Glinsce, Co. Mhaigh (cuid de "Bhraisle")<br>Hydroelectric Energy Storage Scheme at Glinsk, Co. Mayo (part of "Cluster"). |
| Feirmeacha gaoithe agus nasc greille Thionscadal Greenwire (cuid de "Bhraisle")<br>Greenwire Project wind farms and grid connection (part of "Cluster"). |
| Tionscal Fuinnimh Ghaoithe Energy Bridge (cuid de "Bhraisle")<br>Energy Bridge Wind Energy Project (part of "Cluster"). |
| Idirnascaire Leictreachais idir La Martyre (an Fhrainc) agus an tOileán Mór nó Cnoc Rátha, Co. Chorcaí<br>Electricity Interconnection between La Martyre (France) and Great Island or Knockraha, Co. Cork. |
| Sreafaí Gáis Déthreocha ó Thuaisceart Éireann go dtí an Bhreatain Mhór agus Éire agus ó Éirinn go dtí an Ríocht Aontaithe (cuid de "Bhraisle")<br>Biodirectional Gas Flows from Northern Ireland to Great Britain and Ireland and also from Ireland to United Kingdom (part of "Cluster"). |

Murab ionann agus príomhfheidhmeanna an Bhoird Phleanála, ní thagann Tionscadail Leasa Choitinn faoi chuimsiú na nAchtanna Pleanála agus Forbartha, arna leasú. Déanfaidh an Bord Pleanála a fheidhmeanna maidir le Tionscadail Leasa Choitinn a chomhlíonadh gan dochar dá neamhchlaon agus fiúntas pleanála aon cháis ar leith á mheasúnú.

Unlike the main functions of An Bord Pleanála, the Projects of Common Interest role does not come under the Planning and Development Acts, as amended. An Bord Pleanála will administer the functions under Projects of Common Interest without affecting its impartiality in assessment of planning merits of any particular case.



## Urthrá

Mar ullmhúcháin chun bheith ina údarás toilithe le haghaidh iarratais i dtaca leis an urthrá, dhírigh an Bord Pleanála, in 2013, ar mheasúnú a dhéanamh ar na himpleachtaí d'oibríochtaí agus de na sainscileanna ábhartha a fhorbairt.

Tá an reachtaíocht chun an Bille um Limistéar Muirí agus Urthrá (Leasú) 2013 a achtú le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais fós.

## Foreshore

In anticipation of taking on the role of consent authority for applications in relation to the foreshore, An Bord Pleanála has focused on assessing implications for operations and development of relevant specialist skills during 2013.

The legislation to enact the Maritime Area and Foreshore (Amendment) Bill 2013 is yet to be brought before the Houses of the Oireachtas.

## Comhordú idir ghníomhaireachtaí

I gcaitheamh 2013 chuir an Bord Pleanála tús leis an bpróiseas trína n-aontófar Meabhrán Tuisceana leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, agus leanadh den athbhreithniú ar na Meabhrán Tuisceana atá i bhfeidhm i láthair na huaire leis an nGníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil. Féachtar leis na tionscnaimh seo leis an gcomhordú idir fearr is féidir a chothú idir na comhlachtaí sin i dtaca lena bhfeidhmeanna rialála faoi seach.

## Inter-agency Co-ordination

During 2013, An Bord Pleanála commenced the process of agreeing a Memorandum of Understanding (MOU) with the Department of the Arts, Heritage and the Gaeltacht, and also continued a review of the existing Memorandum of Understanding with the Environmental Protection Agency. These initiatives are aimed at fostering the best possible co-ordination between the bodies in relation to their respective regulatory functions.

# 10. Comhfhreagras Iarchinnidh Post-Decision Correspondence

## Comhfhreagras Iarchinnidh

Fuair an Bord Pleanála 168 cumarsáid in 2013 i dtaca le cásanna cinnte agus tugadh freagra ar 164 díobh sin. Tugadh freagra mionsonraithe i gcás 155 díobh (92%) laistigh de cheithre seachtaine ón dáta a fuair an Bord Pleanála iad.


Comhfhreagras éagsúil a bhí ann, mar a fheictear i bhFigiúr 21. Is minic a tharlaíonn sé go mbíonn eilimintí de chineálacha éagsúlacha teagmhála i gceist sa chomhfhreagras céanna, m.sh. ceisteanna i dtaca le léirmhíniú agus forfheidhmiú araon.

## Post-Decision Correspondence

In 2013, An Bord Pleanála received 168 communications in relation to decided cases and replied to 164. Of these, 155 (92%) received a detailed response within four weeks of their receipt by An Bord Pleanála.

The nature of the correspondence was varied as illustrated in Figure 21. It is often the case that the correspondence contains elements of several types of contact, for example, queries where interpretation and enforcement are involved.

**FIGIÚR 21 | FIGURE 21**
Comhfhreagras Iarchinnidh | Post-Decision Correspondence




**Nóta / Note**

***Forfheidhmiúcháin**
Tabhair ar aird gur minic a dhéantar teagmháil leis an mBord Pleanála mar gheall ar chásanna mar ar dóigh le duine nach bhfuil cinneadh de chuid an Bhoird á chur chun feidhme mar is cóir. Gnó don údarás pleanála é sin ós rud é nach bhfuil ról ar bith ag an mBord Pleanála i gcúrsaí forfheidhmiúcháin.

***Enforcement**
An Bord Pleanála is often contacted about cases where a person considers that the decision of the Board is not being correctly implemented. This is a matter for the planning authority as An Bord Pleanála has no role in enforcement matters.

# Gnóthaí Corparáideacha
# Corporate Matters




11. Foramharc Airgeadais
Finance Overview

12. Acmhainní Daonna
Human Resources

13. Rialachas Corparáideach
Corporate Governance

14. Meastóireacht an Bhoird ar Fheidhmíocht na hEagraíochta 2013
Board Evaluation of 2013 Organisational Performance

15. An Coiste Iniúchóireachta
Audit Committee

16. An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997
Prompt Payment of Accounts Act 1997

17. Imeachtaí Dlí; Comhairle le Comhlachtaí Eile
Legal Proceedings; Consultations with Other Bodies

18. Rochtain ar Eolas
Access to Information

19. Seirbhís Custaiméara
Customer Service

20. Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)
Information Communication Technology (ICT)

21. Córais Eolais Thireolaíocha (GIS); Éifeachtúlacht Fuinnimh
Geographic Information Systems (GIS); Energy Efficiency

22. Taisteal Níos Cliste
Smarter Travel

# 11. Foramharc Airgeadais Finance Overview

## Ioncam agus caiteachas

In 2013, ba ionann agus €18,894,903 caiteachas iomlán an Bhoird Phleanála, agus ba ionann agus €18,321,037 an t-ioncam, rud a d'fhág (€573,866) d'easnamh sa bhliain. Bhí €398,756 de bharrachas tosaigh ann, rud a d'fhág (€175,110) d'easnamh carnach.

Le tuarastail agus aoisliúntas a bhaineann príomh-mhíreanna caiteachais an Bhoird Phleanála (Figiúr 23). Áirítear ar an gcaiteachas iomlán costais tuarastail, bunaithe agus oibriúcháin agus caitheadh €0.1 milliún sa bhreis ar mhéid 2012.

Áirítear ar ioncam iomlán 2013 an deontas Oireachais agus ioncam ó tháillí. Taispeánann Figiúr 24 €0.6 milliún de laghdú in ioncam iomlán i gcomparáid le 2012. Laghdaíodh an deontas Oireachtais ó €15,331,000 in 2009 go €11,793,000 in 2013, rud is ionann agus 23.08% de laghdú.

## Income and expenditure

In 2013, An Bord Pleanála's total expenditure amounted to €18,894,903 while income amounted to €18,321,037 leaving a deficit for the year of (€573,866). There was an incoming surplus of €398,756 which left a cumulative deficit of (€175,110).

An Bord Pleanála's main expenditure item relates to salaries and superannuation (Figure 23). Total expenditure includes remuneration, establishment and operating expenses and was up €0.1 million on 2012.

Total income in 2013 includes the Oireachtas grant and fee income. Figure 24 shows total income down €0.6 million on 2012. The Oireachtas grant has decreased from €15,331,000 in 2009 to €11,793,000 in 2013, representing a decrease of 23.08%.

### TÁILLÍ
### FEES

Tá táillí iníoctha leis an mBord ag páirtithe i dtaca leis na nithe seo a leanas: iarratais chun bonneagar straitéiseach a fhorbairt, achomhairc, tarchuir, éisteachtaí ó bhéal agus le nithe áirithe eile a chuirtear faoi bhráid an Bhoird lena gcinneadh faoi na hAchtanna Pleanála agus na hAchtanna um Truailliú Uisce, Truailliú Aeir agus Rialú Foirgníochta.

Tá táillí iníoctha, leis, ag daoine / comhlachtaí áirithe eile nach páirtithe iad, a dtugtar "breathnóirí" orthu de ghnáth, i dtaca le haighneachtaí nó tuairimí.

Fees are payable to An Bord Pleanála by parties in respect of strategic infrastructure development applications, appeals, referrals, oral hearings requests and certain other matters which are submitted for determination under the Planning, Water Pollution, Air Pollution and Building Control Acts.

Fees are also payable by certain persons / bodies other than parties, generally known as "observers", in respect of submissions or observations.

Ba ionann agus €1,041,336 an t-ioncam comhlán ó tháillí achomhairc ar aisíocadh (€169,861) de i gcás achomharc a bhí déanach nó neamhbhailí ar chúis éigin eile. Ba ionann agus €505,176 na fáltais chomhlána ó chásanna toiliú ionaid agus níor aisíocadh aon chuid de.

Ba ionann agus €1,013,500 na fáltais chomhlána ó iarratais bonneagair straitéisigh, ar aisíocadh (€302,231) de i gcás gur lú an costas próiseála ná méid na táille. Áirítear (€59,275) d'fhoráil sna Ráitis Airgeadais chun aisíocaíochtaí todhchaí a léiriú ar iarratais neamhchinnte amhail ag deireadh 2013.


In 2013, ba ionann agus 14% den chaiteachas iomlán (13% in 2012) na glanfháltais ó tháillí.

Gross receipts from appeal fees in 2013 amounted to €1,041,336 of which (€169,861) was refunded where appeals were found to be late or otherwise invalid. Gross receipts from substitute consent cases in 2013 amounted to €505,176 of which there were no refunds.


For strategic infrastructure applications, gross receipts in 2013 amounted to €1,013,500 of which (€302,231) was refunded where the cost of processing the application was less than the fee. A provision of (€59,275) is included in the Financial Statements to reflect future refunds on undecided applications as at the end of 2013.

In 2013, net receipts from fees represented about 14% of total expenditure (13% in 2012).


**FIGIÚR 22 | FIGURE 22**
Caiteachas Iomlán | Total Expenditure



**FIGIÚR 23 | FIGURE 23**
Caiteachas Iomlán | Total Expenditure




**FIGIÚR 24 | FIGURE 24**
Deontas an Oireachtais / Ioncam ó tháillí (gach cineál cáis)
Total Oireachtas Grant / Total Fee Income (all cases types)



# 12. Acmhainní Daonna
# Human Resources

Is mór ag an mBord Pleanála saineolas gairmiúil, iomláine, tiomantas agus éiteas seirbhíse poiblí na gcomhaltaí agus na foirne. Aithníonn sé a thiomanta agus a dílse atá siad d'iarrachtaí an Bhoird seirbhís éifeachtach ar ardchaighdeán a thabhairt do gheallsealbhóirí.

Ba é 146 líon údaraithe fhoireann agus chomhaltaí boird an Bhoird Phleanála ag deireadh 2013 faoin gCreat Rialaithe Fostaíochta. Ba é 138.4 in Eanáir 2013 an líon ab airde foirne a d'fhostaigh an Bord Pleanála i gcaitheamh na bliana. Ba é 135.9 meánlíon na mball foirne a bhí fostaithe sa Bhord sa bhliain 2013 (144.2 sa bhliain 2012).

Gheofar in Aguisín 6 liosta iomlán den fhoireann a bhí fostaithe ag an mBord Pleanála amhail ar an 31 Nollaig 2012.

## Earcaíocht & Líonadh Folúntas

Líonadh post an Phríomhoifigigh i gcaitheamh 2013 tar éis comórtas seachtrach agus eagraíodh comórtais inmheánacha chun na poist seo a leanas a líonadh: Stiúrthóir Cúnta Pleanála, Cigire Pleanála Sinsearach, Oifigeach Sinsearach Feidhmiúcháin agus Oifigeach Feidhmiúcháin.

Chuir Cigire Pleanála Sinsearach agus Cigire Pleanála cúnamh ar fáil don Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ar feadh naoi mí in 2013.

## Foghlaim agus Forbairt

Is é cúram lucht Acmhainní Daonna a chinntiú go ndírítear gach oiliúint ar riachtanais a bhaineann leis an bpost, go mbíonn sé bainteach le hábhar, tráthúil agus ina luach maith ar airgead. Cuireadh idirghabhálacha/pleananna oiliúna agus forbartha i bhfeidhm chun freastal do riachtanais aonair agus do riachtanais foirne i gcaitheamh 2013. Tacaíonn an Bord Pleanála le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach agus spreagtar an fhoireann ar fad, go háirithe lucht na sainréimsí pleanála agus teicniúla, chun gabháil di. Le cois cláir thríú leibhéil agus cláir eile sa dlí comhshaoil agus pleanála, bainistíocht straitéiseach,

An Bord Pleanála places great value and reliance on the professional expertise, integrity, dedication and public service ethos of its members and staff. It recognises their commitment and dedication to An Bord Pleanála's pursuit of providing its stakeholders with a high quality and efficient service.

The authorised number of staff and Board Members of An Bord Pleanála under the Employment Control Framework at the end of 2013 was 146. The highest number of staff employed by An Bord Pleanála during the year was 138.4 in January 2013. The average number of staff employed during 2013 was 135.9 (144.2 in 2012).

A full list of staff employed by An Bord Pleanála as at 31st December 2013 is provided in Appendix 6.

## Recruitment and Filling of Vacant Posts

The role of Chief Officer was filled during 2013 following an external competition and internal competitions were held to fill posts at the level of Assistant Director of Planning, Senior Planning Inspector, Senior Executive Officer and Executive Officer.

A Senior Planning Inspector and Planning Inspector provided assistance to the Department of the Environment, Community and Local Government for nine months during 2013.

## Learning and Development

The focus for Human Resources is to ensure that all training is targeted at job-related needs, is relevant, timely and good value for money. Training and development interventions/plans were implemented to meet both individual and team development needs during 2013. An Bord Pleanála supports and encourages Continued Professional Development (CPD) for all staff particularly in the area of specialist planning and technical skills. In addition to third level and other programmes in environmental and planning law, strategic management, coastal zone management, the Irish language, environmental

bainistíocht chrios an chósta, an Ghaeilge, cosaint an chomhshaoil agus ceannaireacht i gcúrsaí comhshaoil, d'fhreastail baill foirne ar chomhdhálacha, ar sheimineáir agus ar oiliúint intí maidir le pleanáil urthrá, rialachais, teicneolaíocht na faisnéise, acmhainní daonna agus nuáil agus athrú.

## Athchóiriú ar Riarachán Poiblí

### Plean um Athchóiriú Comhtháite a Dhéanamh

Áirítear ar chuspóirí Phlean an Bhoird Phleanála um Athchóiriú Comhtháite a Dhéanamh athchóiriú earnála poiblí a chur i gcrích, faoi mar atá leagtha síos ag an Rialtas Láir. Cuireadh an chéad phlean faoi bhráid na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil in Iúil 2013 agus áiríodh air spriocanna maidir le cásobair phleanála, bearta ar leith i dtaca le cur i gcrích thionscadal TFC an Bhoird Phleanála, a dtugann an eagraíocht tús áite dó, agus bearta a cheanglaíonn Comhaontú Bhóthar Haddington orainn a chur chun feidhme.

### Comhaontú Bhóthar Haddington

I measc na mbeart a tugadh isteach mar chuid de Chomhaontú Bhóthar Haddington agus a cuireadh chun feidhme in 2013 bhí:

- méadú ar uaireanta caighdeánacha oibre na bhfostaithe ar fad, ó 34.75 go 37 uair an chloig, gan sosanna a áireamh, le héifeacht ón 1 Iúil 2013, agus athruithe ar obair fhleisc-ama;
- laghdú ar phá fostaithe ar leith;
- athbhreithniú leanúnach ar struchtúr an fhórsa oibre chun léiriú a thabhairt ar riachtanais an ghnó, ag féachaint ar aghaidh go háirithe d'éilimh agus d'fhorbairtí a d'fhéadfadh tarlú amach anseo i dtaca le cur chun feidhme na Straitéise TFC (Plean-IT) agus feidhmeanna nua a thabharfar don Bhord Pleanála; agus
- córas nua bainistíocht breithmheasa a fhorbairt, bunaithe ar scéim lárnach, a ghabhfaidh áit na gcóras breithmheasa atá anois ann.

protection and leadership, staff attended conferences, seminars and in-house training on foreshore planning, governance, information technology, human resources and innovation and change.

## Public Sector Reform

### Integrated Reform Delivery Plan

An Bord Pleanála's Integrated Reform Delivery Plan includes objectives to deliver on Public Sector Reform as required by Central Government. The first Plan was submitted to the Department of the Environment, Community and Local Government in July 2013 and included planning casework targets, specific actions related to the delivery of An Bord Pleanála's ICT strategy which is a priority for the organisation as well as measures to be implemented under the Haddington Road Agreement.

### Haddington Road Agreement

Measures introduced as part of the Haddington Road Agreement were implemented during 2013 including:

- an increase in the standard working hours for all employees from 34.75 to 37 hours net of breaks with effect from the 1st July, 2013 and changes to flexitime working;
- a reduction in pay for some employees;
- ongoing review of workforce structure to reflect the requirements of the business particularly anticipating possible future demands and developments in relation to the implementation of the ICT Strategy (Plean-IT) and new functions being assigned to An Bord Pleanála; and
- development of a new format performance management system based on central scheme to replace existing appraisal systems.

# 13. Rialachas Corparáideach Corporate Governance



## Rialachas Corparáideach

Ceapadh forálacha Rialachais Chorparáidigh an Bhoird Phleanála le go gcomhlíonfaidís riachtanais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. In 2013, choimisiúnaigh an Bord an Foras Forbartha chun athbhreithniú seachtrach a dhéanamh ar na nósanna imeachta ginearálta rialachais chorparáidigh agus ar chomhlíonadh an Chóid. Ba é príomhthoradh an athbhreithnithe go raibh beartais agus nósanna imeachta an Bhoird Phleanála i gcomhréir leis an gCód.

Geallann an Bord Pleanála athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar bheartais agus ar nósanna imeachta rialachais, agus oiliúint agus treoir athoiliúna cothrom le dáta a chur ar fáil chun a chinntiú go gcloítear leis an dea-chleachtas sa réimse seo.

Tá an Bord freagrach don Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil as dea-chleachtais rialachais chorparáidigh.

## An Bord

Ceapann an Rialtas Cathaoirleach an Bhoird go ceann téarma seacht mbliana ó liosta iarrthóirí a mholann coiste roghnúcháin reachtúil a bunaítear de réir fhorálacha alt 105 den Acht Pleanála agus Forbartha 2000, arna leasú. Is é an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil a cheapann an Leas-Chathaoirleach agus gnáthchomhaltaí an Bhoird, faoi ailt 106 agus 107

## Corporate Governance

Corporate Governance in An Bord Pleanála is designed to follow the relevant requirements of the Code of Practice for the Governance of State Bodies. In 2013, the Board commissioned an external review of general Corporate Governance Procedures and compliance levels with the Code by the Institute of Public Administration. The main conclusion of that review was that An Bord Pleanála’s policies and procedures are consistent with the Code.

An Bord Pleanála is committed to reviewing its governance policies and procedures on an on-going basis and to obtain up to date refresher training and guidance to assure continued compliance with best practice in this area.

The Board is accountable to the Minister for the Environment, Community and Local Government for good corporate governance.

## The Board

The Chairperson of the Board is appointed for a seven-year term by Government from a list of candidates recommended by a statutory selection committee established in accordance with the provisions of section 105 of the Planning and Development Act 2000 as amended. The Deputy Chairperson and other ordinary members of the Board are appointed by the Minister for the

den Acht Pleanála agus Forbartha, arna leasú, go ceann téarmaí in-athnuaite de suas le cúig bliana an ceann. Déanann an tAire ceapacháin bunaithe ar ainmniúcháin a fhaightear ó eagraíochtaí (dhá ainmniúchán ar a mhéad an eagraíocht) atá liostaithe ar phainéil (forordaithe faoi na rialacháin phleanála), atá ionadach do raon leathan leasanna sóchaíocha, is iad sin:

- Pleanáil agus forbairt – Painéal A.
- Forbairt eacnamaíoch agus an tionscal foirgníochta – Painéal B.
- Leasanna rialtais áitiúil, ceardchumann agus feirmeoirí – Painéal C.
- An comhshaol agus taitneamhachtaí, comhlachtaí deonacha, carthanais, leasanna Gaeilge, míchumais agus daoine óga – Painéal D.

Ceadaíonn an tAcht don Aire líon na ngnáthchomhaltaí Boird a mhéadú nó folúntais a fhágáil gan líonadh de réir mar is cuí chun déileáil le líon na gcásanna ar láimh. Tá sé de rogha ag an Aire, leis, méadú sealadach a dhéanamh ar líon na ngnáthchomhaltaí Boird, go ceann tréimhse nach faide ná bliain amháin, as measc fhoireann an Aire nó fhoireann an Bhoird Phleanála, mar bheart eatramhach chun gur féidir leis an mBord a fheidhmeanna a chomhlíonadh go héifeachtach.

Ceaptar an Cathaoirleach agus gnáthchomhaltaí an Bhoird i gcáil lánaimseartha agus ní cheadaítear dóibh aon oifig eile ná fostaíocht íoctha a bheith acu. Is é an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil a shocraíonn leibhéil tuarastail an Chathaoirligh agus na ngnáthchomhaltaí Boird le toiliú an Aire Airgeadais agus tá siad nochta sa Ráiteas ar Luach Saothair agus Táillí Comhaltaí sna Ráitis Airgeadais.

Ceanglaíonn Alt 150 den Acht Pleanála agus Forbartha, arna leasú, ar an mBord Pleanála Cód Cleachtais a ghlacadh maidir le déileáil le coimhlintí leasa agus muinín an phobail a chothú

Environment, Community and Local Government under sections 106 and 107 of the Planning and Development Act 2000 as amended for renewable terms of up to five years each. The Minister makes appointments based on nominations received from organisations (two nominations maximum per organisation) listed on panels (prescribed under the planning regulations), which are representative of a broad range of societal interests namely:

- Planning and development – Panel A.
- Economic development and construction industry – Panel B.
- Interests of local government, trade union and farming – Panel C.
- The environment and amenities, voluntary bodies, charities, Irish language interests, disabilities and young people – Panel D.

The Act also allows the Minister to increase the number of ordinary Board Members or to leave vacancies unfilled as appropriate to deal with the number of cases on hand. It is also open to the Minister to temporarily increase the number of ordinary Board members, for a period of not more than one year, from amongst the Minister's own staff or from staff of An Bord Pleanála as an interim measure to enable the Board to effectively carry out its functions.

The Chairperson and ordinary Board members are appointed in a whole-time capacity and are specifically excluded from holding any other office or employment in respect of which emoluments are payable. Remuneration levels for the Chairperson and other Board members are set by the Minister for the Environment, Community and Local Government with the consent of the Minister for Finance and are as disclosed in the Statement on Remuneration and Members' Fees in the Financial Statements.

Section 150 of the Planning and Development Act as amended requires An Bord Pleanála to adopt a Code of Conduct for dealing with conflicts of interest and promoting public confidence in the

ina iomláine na slí ina seoltar gnó an Bhoird. Tá an Cód a ghlac an Bord ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Bhoird. Ina theannta sin, comhlíonann forálacha an Chóid an riachtanas le haghaidh cód dá shórt a cheanglaítear faoin gCód Cleachtais maidir le Rialú Comhlachtaí Stáit.

Tá freagracht ar chomhaltaí Boird as cinntiú go ndéantar cinntí ardchaighdeáin ar achomhairc phleanála agus ar iarratais phleanála go tráthúil, agus as rialachas corparáideach foriomlán na heagraíochta a mhaoirsiú. Le cois na gcruinnithe laethúla chun moltóireacht a dhéanamh ar chásobair phleanála, bíonn cruinnithe míosúla ag an mBord i dtaca le maoirseacht agus rialachas an Bhoird Phleanála. Seo a leanas achoimre den fhreastal ar na cruinnithe míosúla sin:

integrity of the conduct of its business. The Code adopted by the Board is available on its website. The provisions of the code also align with the requirement for such a code under the Code of Practice for the Governance of State Bodies.

Board members have responsibility for contribution to delivery of high quality decisions on planning appeals and applications in a timely manner and to oversee overall corporate governance of the organisation. In addition to daily meetings to adjudicate on planning casework, the Board meet monthly in relation to oversight and governance of An Bord Pleanála. Attendance at these monthly meetings is summarised as follows:

**FIGÚIR 25 | FIGURE 25**
Freastal ar Chruinnithe den Bhord Feidhmiúcháin agus den Choiste le linn 2013
Attendance at Executive Board and Committee Meetings during 2013

| | **Cruinnithe ginearálta an Bhoird<br>General Board Meetings** | | **An Coiste Iniúchóireachta<br>Audit Committee** | |
|---|---|---|---|---|
| | **A** | **B** | **A** | **B** |
| Dr. Mary Kelly | 10 | 10 | | |
| Conall Boland | 10 | 10 | | |
| Mary MacMahon* | 10 | 8 | 4 | 3 |
| Fionna O'Regan | 10 | 7 | | |
| Dr. Gabriel Dennison | 10 | 7 | | |
| Paddy Keogh | 10 | 10 | | |
| Nicholas Mulcahy | 10 | 9 | 4 | 3 |
| Michael Leahy | 10 | 9 | | |
| Robert Ryan** | 10 | 9 | | |
| Öznur Yücel-Finn** | 10 | 8 | | |

**Nótaí | Notes**

**A** – Líon na gcruinnithe le linn tionacht gach comhalta den Bhord in 2013 / Number of meetings held during the tenure of each Board Member in 2013

**B** – Líon na gcruinnithe ar freastalaíodh orthu / Number of meetings attended

* Mary MacMahon: D'éag an téarma oifige Samhain 2013 / Mary MacMahon: Term of office expired November 2013

** Ceapadh Robert Ryan agus Öznur Yücel-Finn an 28 Eanáir 2013 / Robert Ryan and Öznur Yücel-Finn appointed 28th January 2013.

# 14. Meastóireacht an Bhoird ar Fheidhmíocht na hEagraíochta 2013 Board Evaluation of 2013 Organisational Performance

## Meastóireacht an Bhoird ar Fheidhmíocht na hEagraíochta 2013

Rinne an Bord meastóireacht fhoirmiúil ar fheidhmiú na heagraíochta in 2013 faoi threoir Phlean Bhliantúil agus Buiséad na bliana sin. Seo a leanas príomhthorthaí an athbhreithnithe mheastóireachta seo:

### Bainistíocht an Riar Oibre agus Géilliúlacht don Chuspóir Reachtúil:

I bPlean Bliantúil 2013 an Bhoird socraíodh an sprioc an riaráiste de chásanna achomhairc agus de chásanna eile a bhí fós ar láimh a ghlanadh agus géilliúlacht 60-70% don chuspóir ama reachtúil a bhaint amach i gcás gnáthchásanna achomhairc phleanála a cinneadh i gcaitheamh na bliana. Bhí an riaráiste glanta faoi dheireadh na bliana agus ba é 72% an leibhéal géilliúlachta bliantúlaithe i gcás gnáthachomhairc phleanála.

Ó thaobh cásanna iarratais maidir le bonneagar straitéiseach níor baineadh amach an sprioc bhunaidh de ráta géilliúlachta de 70-80% leis an gcuspóir ama reachtúil sna cásanna a bhain le hiarratais substaintiúla toisc a chasta a bhí formhór na n-iarratas sin. Ba é 38% an ráta géilliulachta i gcás iarratas ar bhonneagar straitéiseach a tháinig ó aonáin phríobháideacha agus ó ghealltóirí reachtúla. In 2013, glanadh riaráiste de chásanna iarratais ó údaráis áitiúla ar bhonneagar straitéiseach.

An phríomhsprioc eile maidir le cás-obair in 2013 formhór an 300 cás athbhreithnithe cairéil (70-80%) a fuair an Bord Pleanála faoin reachtaíocht nua cairéil a mheas agus a chinneadh - baineadh amach an sprioc sin roimh dheireadh bliana de bhrí go raibh 75% de na cásanna tugtha chun críche.

### Airgeadas

Bhí an buiséad faoi bhrú i gcónaí i bhfianaise treocht leanúnach de laghdú ar thacaíocht deontais agus ar ioncam ó tháillí. Bhí tionchar ag caiteachas breise nach raibh coinne leis ar chásanna dlíthiúla i gcaitheamh na bliana ar an

## Board Evaluation of 2013 Organisational Performance

The Board has formally considered an evaluation of the performance of the organisation in 2013 by reference to its Annual Plan and Budget for that year. The main outcomes of this evaluation review are set out below:

### Management of Caseload and Statutory Objective Compliance:


The Board's Annual Plan for 2013 set a target to clear the remaining backlog of appeal and other cases and to achieve 60-70% compliance with the statutory time objective for normal planning appeal cases disposed in the year. By the end of the year, the backlog was completely cleared and the annualised compliance level for normal planning appeals was 72%.

In relation to strategic infrastructure application cases, the original target of 70-80% compliance rate with the statutory time objective for the substantive application cases was not achieved due to the complex nature of the bulk of those applications. Compliance was at 38% for strategic infrastructure applications from private entities and statutory undertakers. A backlog of local authority strategic infrastructure application cases was cleared in 2013.

The other main target for casework in 2013 was to consider and determine the bulk (70-80%) of the over 300 quarry review cases received by An Bord Pleanála under the new quarry legislation – this target was achieved as by year end 75% of the cases had been concluded.

### Finance

A continuing trend of reduction in grant support and falling income from fees continued to put pressure on the budgetary situation. This was further impacted by unforeseen additional expenditure on legal cases during the year. The




staid sin. Mar sin féin, tá an Bord sásta gur baineadh amach toradh a bhí sásúil ar an iomlán, is é sin €175,000 d'easnamh carnach deireadh bliana nó 1.14% den bhuiséad iomlán le haghaidh 2013, a bhuíochas ar mhonatóireacht agus ar bhainistíocht leanúnach stuama ar bhuiséid.

Board is however satisfied that on-going prudent budgetary monitoring and management including control of expenditure achieved an overall outcome which was an end of year cumulative deficit of €175,000 or 1.14% of the total budget for 2013.

## Gnóthaí Ginearálta

Ghlac an Bord Straitéis TFC in 2013 agus d'iarr agus fuair siad roinnt maoiniú breise ina leithdháileadh deontais 2014 chun tús a chur le cur chun feidhme na straitéise sin.

Ghlac an Bord Cairt nua do Chustaiméirí agus Plean Gníomhaíochta do Chustaiméirí in 2013, mar aon le Beartas Cosanta Sonraí agus rinneadh na Treoirlínte Soláthair Phoiblí a athbhreithniú agus a athmheas i gcaitheamh na bliana.

Ba mhór an dul chun cinn a rinneadh, leis, i dtaca le nithe ginearálta eile, lena n-áirítear Plean Leanúnachais Ghnó / Téarnaimh tar éis Tubaiste ar son na heagraíochta agus athbhreithniú a dhéanamh ar a Ráiteas Sábháilteachta.

Leanfar in 2014, mar is cuí, den dul chun cinn ar ghnóthaí corrporáideacha eile a bhí ar láimh ó Phlean Bliantúil 2013.

## General Matters

The Board adopted an ICT Strategy in 2013 and sought and received some additional funding in its 2014 grant allocation to commence implementation.

The Board adopted a new Customer Charter and Customer Action Plan in 2013, a Data Protection Policy and reviewed and revised its Public Procurement Guidelines during the year.

Significant progress was also made in the year in relation to other general matters including developing a Business Continuity / Disaster Recovery Plan for the organisation and reviewing its Safety Statement.

Progress on all other outstanding general corporate matters from the 2013 Annual Plan will continue as appropriate in 2014.

# 15. An Coiste Iniúchóireachta Audit Committee

## An Coiste Iniúchóireachta

Is iad comhaltaí Choiste Iniúchóireachta an Bhoird Phleanála: Cathaoirleach seachtrach, is é sin Jim Hehir, iar-Bhainisteoir Stiúrtha na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe; ball seachtrach amháin, is é sin Jim Hurley ón nGníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil; agus beirt chomhaltaí den Bhord Pleanála, is iad sin, Mary MacMahon agus Nicholas Mulcahy. Oibríonn an Bord faoi théarmaí tagartha foirmiúla. Faoin gCód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, féadfaidh an Coiste athbhreithniú a dhéanamh ar ghnó ar bith a bhaineann le rialuithe inmheánacha an Bhoird Phleanála.

Seo an obair a dhéanann an Coiste:

- athbhreithnítear ráitis airgeadais bhliantúla, tuarascála iniúchta inmheánaigh agus an Ráiteas ar chóras na Rialuithe Inmheánacha Airgeadais
- ceadaítear na pleananna iniúchta inmheánaigh,
- déantar monatóireacht ar a leordhóthanaí agus a éifeachtúla atá nósanna imeachta an Bhoird Phleanála maidir le rioscaí rialála, oibríochtúla agus airgeadais a shainaithint, a dtionchar a mheasúnú agus a dhóchúla atá sé go bhfíorófar iad a mheasúnú, agus,
- cuirtear comhairle ar an mBord maidir le hoibriú na feidhme iniúchta inmheánaigh.

Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste le linn 2013. Bíonn cruinnithe rialta ag Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Cathaoirleach an Bhoird. I dTuarascáil Bhliantúil an Choiste Iniúchóireachta 2013, a eisíodh i bhFeabhra 2014, dúirt an Coiste go raibh siad sásta leis na rialuithe inmheánacha airgeadais atá i bhfeidhm ag an mBord Pleanála. Gheofar ar leathanach 73 ráiteas ar Chóras na Rialuithe Inmheánacha Airgeadais.

## Audit Committee

The Audit Committee of An Bord Pleanála is comprised of an external Chairperson, Jim Hehir a former Managing Director of the Housing Finance Agency, one external member, Jim Hurley of the Environmental Protection Agency and two Board members in 2013 (Mary MacMahon and Nicholas Mulcahy) and operates under formal terms of reference. Under the Code of Practice for the Governance of State Bodies, the Committee may review any matter relating to the internal controls of An Bord Pleanála.

The Committee:

- reviews annual financial statements, internal audit reports and the Statement on the system of Internal Financial Controls
- approves the internal audit plans,
- monitors the adequacy and effectiveness of An Bord Pleanála's procedures for the identification, impact assessment and occurrence assessment of regulatory, operational and financial risk and,
- advises the Board on the operation of the internal audit function.

During 2013, the Committee met four times. The Chairperson of the Audit Committee meets regularly with the Chairperson of the Board. In the Audit Committee's Annual Report for 2013 which issued in February 2014, the Committee expressed satisfaction with the internal financial controls operated by An Bord Pleanála. A Statement on the System of Internal Financial Controls is on page 73.

# 16. An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997 Prompt Payment of Accounts Act 1997

## An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997

Tagann an Bord Pleanála faoi chuimsiú an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997, arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002. Tuairiscítear cleachtais íocaíochta an Bhoird Phleanála thíos don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2013 de réir alt 12 den Acht.

1. Is é beartas an Bhoird Phleanála géilleadh d'fhorálacha ábhartha an Achta agus, go háirithe, chun a chinntiú go n-íoctar gach sonrasc go pras. Tá nósanna imeachta sonracha i bhfeidhm a chumasaíonn dó gach sonrasc a rianú agus a chinntiú go ndéantar íocaíochtaí roimh an dáta dlite. Cláraítear sonraisc go laethúil agus déantar íocaíochtaí de réir mar is gá chun íocaíochtaí tráthúla a chinntiú. Sa bhliain 2013 níor shocraigh ná níor aontaigh an Bord Pleanála tréimhsí íocaíochtaí lasmuigh de théarmaí an Achta.

2. Corpraítear sa chóras rialaithe inmheánaigh na rialuithe agus na nósanna imeachta a mheastar atá riachtanach chun géilliúlacht don Acht a chinntiú. Áirítear ar an gcóras sin rialuithe cuntasaíochta agus ríomhaire a dearadh chun a chinntiú gur féidir sonraisc agus conarthaí dlite a shainaithint laistigh de na tréimhsí íocaíochta atá leagtha síos san Acht. Táirgtear tuarascálacha a shainaithníonn sonraisc neamhíoctha agus athbhreithnítear na tuarascálacha sin go tráthrialta ar leibhéal sinsearach.

3. Dearadh na nósanna imeachta dá dtagraítear ag 1 agus 2 thuas chun dearbhú réasúnta ach ní dearbhú amach is amach a sholáthar in aghaidh neamhghéilliúlacht ábhartha don Acht. Tá an Bord Pleanála sásta gur oibrigh a nósanna imeachta go leordhóthanach ar an iomlán agus nach bhfuil aon bheart ceartaitheach de dhíth.

## Prompt Payment of Accounts Act 1997

An Bord Pleanála comes within the scope of the Prompt Payment of Accounts Act 1997, as amended by the European Communities (Late Payment in Commercial Transactions) Regulations 2002. The payment practices of An Bord Pleanála are reported on below for the year ended 31st December 2013 in accordance with section 12 of the Act.

1. It is An Bord Pleanála's policy to comply with the relevant provisions of the Act and, in particular, to ensure that all invoices are paid promptly. Specific procedures are in place that enable it to track all invoices and ensure that payments are made before the due date. Invoices are registered daily and payments are made as required to ensure timely payments. In 2013, An Bord Pleanála did not set or agree payment periods outside the terms of the Act.

2. The system of internal control incorporates such controls and procedures as are considered necessary to ensure compliance with the Act. This system includes accounting and computer controls designed to ensure the identification of invoices and contracts for payment within the payment periods required by the Act. Reports are produced that identify unpaid outstanding invoices and these reports are reviewed regularly at a senior level.

3. The procedures referred to at 1 and 2 above are designed to provide reasonable but not absolute assurance against material non-compliance with the Act. An Bord Pleanála is satisfied that its procedures have operated adequately in the main and that no remedial action is required.



4. Ba é 0 lá an meántréimhse moille ar íocaíochtaí, tar éis na tréimhse reachtúla de 30 lá. Faoi Airteagal 3(2)(b) de na rialacháin thuas nuair is lú ná €5.00 an t-ús ní bhíonn feidhm leis na rialacháin.

Ní raibh aon íocaíochtaí déanacha sa bhliain 2013, agus dá bhrí sin, ní raibh aon ús le híoc. Ba é €4.6 milliún luach na n-íocaíochtaí uile.

Ón 1 Eanáir 2014, níor tharla aon fhorbairtí ábhartha maidir le géilliúlacht an Bhoird Phleanála don Acht.

4. The average delay in making payments, after the statutory period of 30 days, was 0 days. Under Article 3(2)(b) of the above regulations when the interest is less than €5.00 the regulations do not apply.

There were no late payments in 2013, and therefore, no interest fell to be paid. The total value of all payments was €4.6 million.

Since 1st January 2014, there have been no material developments insofar as An Bord Pleanála's compliance with the Act is concerned.

# 17. Imeachtaí Dlíthiúla; Comhairle le Comhlachtaí Eile Legal Proceedings; Consultations with Other Bodies

## Imeachtaí Dlíthiúla

Le linn 2013, tionscnaíodh imeachtaí le haghaidh athbhreithniú breithiúnach Ard-Chúirte i 32 cás, ag éirí as cinntí agus nósanna imeachta an Bhoird i dtaca le hachomhairc agus gnóthaí eile.

Tugadh 13 chás chun críche i gcaitheamh na bliana.

De na cásanna a tugadh chun críche, aistarraingíodh imeachtaí in aghaidh an Bhoird Phleanála i dtrí chás. In dhá chás eile, ghéill an Bord Pleanála don iarratas. Thug an Ard-Chúirt seacht gcinn de bhreitheanna substaintiúla i gcásanna: 3 cinn i bhfabhar an Bhoird Phleanála, agus ceithre cinn ina choinne. I gcás amháin maidir le cinneadh an Bhoird thug Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh breith dhiúltach.

## Legal Proceedings

During 2013, High Court judicial review proceedings arising from the Board’s decisions and procedures in relation to appeals and other matters were instituted in 32 cases.

In the course of the year, 13 cases were concluded.

Of the concluded cases, proceedings against An Bord Pleanála were withdrawn in three. In two other cases, An Bord Pleanála conceded the application. The High Court gave seven substantive judgements in cases, three of which were in favour and four against An Bord Pleanála. In one case involving a Board decision, there was an adverse finding in the European Court of Justice.

## Comhchomhairliúchán le Comhlachtaí Eile

Tá sé d'oibleagáid ar an mBord Pleanála é féin a choimeád ar an eolas faoi bheartais comhlachtaí áirithe a bhfuil tionchar ag a bhfeidhmeanna ar phleanáil chuí agus ar fhorbairt inbhuanaithe. Áirítear orthu siúd airí rialtais agus údaráis phleanála.

In 2013, lean an Bord Pleanála den chleachtas a bhí i réim roimhe sin de theagmháil leanúnach a chothú le húdaráis phoiblí agus le heagraíochtaí ionadacha eile a bhfuil tionchar ag a bhfeidhmeanna ar an bpróiseas pleanála. Tionóladh cruinnithe leis an Irish Concrete Federation, Property Industry Ireland, An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistiú Sócmhainní (NAMA), Suirbhéiri Cairte na hÉireann, Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta, agus Institiúid Pleanála na hÉireann, Teo. Beartaíodh cruinniú le An Taisce go luath in 2014.

## Consultations with Other Bodies

An Bord Pleanála is obliged to keep itself informed of the policies of certain bodies whose functions have a bearing on proper planning and sustainable development. These include Ministers of the Government and planning authorities.

The ongoing practice of maintaining contact with public authorities and other representative organisations whose functions impact on the planning process was continued by An Bord Pleanála during 2013. Meetings were held with the Irish Concrete Federation, Property Industry Ireland, National Asset Management Agency (NAMA), Chartered Surveyors Ireland, Construction Industry Federation, and Irish Planning Institute. A meeting with An Taisce was planned for early 2014.

# 18. Rochtain ar Eolas Access to Information

## Rochtain ar Eolas

Gheofar sna hAchtanna Pleanála, san Acht um Shaoráil Faisnéise agus sna Rialacháin um Rochtain ar Eolas ar an gComhshaol eolas áirithe ar oibríochtaí an Bhoird Phleanála. Gheofar ar shuíomh Gréasáin an Bhoird sonraí faoin tslí le teacht a fháil ar na seirbhísí sin. Tugtar i bhFigiúr 26 miondealú ar na hiarratais a rinneadh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise agus faoi na Rialacháin um Rochtain ar Eolas ar an gComhshaol.

Bíonn comhaid chásoibre pleanála ar fáil d'iniúchadh an phobail, saor in aisce, ar an tríú lá oibre tar éis cás a chinneadh agus bíonn cóipeanna de dhoiciméid ar fáil lena gceannach. Bíonn ordú agus treoir chinntí an Bhoird agus tuairisc an Chigire ar fáil ar an suíomh Gréasáin, leis, ar www.pleanala.ie. Ba é 503 líon na n-iarratas ar rochtain ó bhaill an phobail in 2013.

## Access to Information

The Planning Acts, the Freedom of Information Act and Access to Information on the Environment Regulations provide for access to certain information on An Bord Pleanála's operations. Details on how to access these services are available on our website. Figure 26 gives a breakdown of the requests made under the Freedom of Information Act and Access to Information on the Environment Regulations.

Planning casework files are available for inspection free of charge on the third working day after the case is decided and copies of documents can be purchased. The Board's decision order and direction and the Inspector's report are also available on our website, www.pleanala.ie. The number of public access requests for casework files was 503 in 2013.

**FIGIÚR 26 | FIGURE 26**
Saoráil Faisnéise agus Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol
Freedom of Information and Access to Information on the Environment

| Saoráil Faisnéise (SF)<br>Freedom of Information (FOI) | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| Iarratais faighte | Requests received | 9 | 17 |
| Tugtha / Tugtha i bpáirt | Granted / Partially granted | 4 | 13 |
| Aistarraingthe nó curtha de láimh lasmuigh de na forálacha um Shaoráil Faisnéise | Withdrawn or dealt with outside Freedom Of Information | 3 | 0 |
| Diúltaithe | Refused | 1 | 4 |
| **Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol (RFC)<br>Access to Information on Environment (AIE)** | | **2013** | **2012** |
| Iarratais faighte | Requests received | 20 | 12 |
| Tugtha / Tugtha i bpáirt | Granted / Partially granted | 13 | 4 |
| Aistarraingíodh nó déileáladh leo lasmuigh de na Rialacháin um Rochtain ar Eolas ar an gComhshaol | Withdrawn or dealt with outside Access to Information on the Environment | 0 | 0 |
| Diúltaithe | Refused | 7 | 8 |

# 19. Seirbhís Custaiméara
# Customer Service



## Seirbhís do Chustaiméirí

D'fhoilsigh an Bord Pleanála Cairt nua do Chustaiméirí agus Plean Gníomhaíochta do Chustaiméirí sa chéad ráithe de 2014 ar shuíomh Gréasáin an Bhoird. Leagtar amach sna doiciméid seo gealltanais agus cuspóirí na heagraíochta i dtaca le hardchaighdeán seirbhíse a chur ar fáil do chustaiméirí agus raon feidhme agus caighdeán na seirbhíse sin a fheabhsú. Gheofar sa Phlean Gníomhaíochta do Chustaiméirí eolas ar an tslí le gearán a dhéanamh faoi chaighdeán na seirbhíse do chustaiméirí.

## Customer Service

An Bord Pleanála published a new Customer Charter and Customer Action Plan in the first quarter of 2014 which are published on our website. These documents set out the organisation’s commitments and objectives in relation to maintaining high standards of customer service and improving the scope and quality of same. The Customer Action Plan also contains information on how to make a complaint about the quality of customer service.

## An Ghaeilge

Cuireann an Bord Pleanála fáilte roimh dhaoine a úsáideann an Ghaeilge ina gcuid gnó leis agus geallann an eagraíocht a oibleagáidí agus a ghealltanais i leith na Gaeilge, faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus faoina Scéim Ghaeilge féin, a chomhlíonadh. Déanfar meastóireacht ar an Scéim Ghaeilge in 2014. Leanfar den fhócas ar úsáid na Gaeilge san eagraíocht trí thionscnaimh foghlama agus forbartha agus trí choiste gníomhach Gaeilge.

## The Irish Language

An Bord Pleanála welcomes the use of the Irish language by those interacting with it and the organisation is fully committed to fulfilling its obligations and commitments under the Official Languages Act and its own Irish Language Scheme. The current Language Scheme will be reviewed in 2014. Learning and development initiatives and an active Irish Language Committee will continue to focus on promoting the use of the Irish language in the organisation.

# 20. Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) Information Communication Technology (ICT)

## Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

Rinne an Bord Pleanála roinnt athbhreithnithe neamhspleácha le blianta beaga anuas. Ba é cinneadh na n-athbhreithnithe sin nach raibh na córais agus an bonneagar TFC sásúil a thuilleadh agus gur ghá córais agus bonneagar nua a chur ina n-áit. Tá dul chun cinn déanta ó shin chun an bonneagar sin a uasghrádú ach d'ainneoin sin, tá na croíphróisis bunaithe ar pháipéar fós, a bheag nó a mhór.

Réitíodh straitéis chuimsitheach TFC don Bhord Pleanála le linn 2013, bunaithe ar staidéar indéantachta agus anailís ar riachtanais a rinneadh ag deireadh 2012. Beartaítear réiteach pleanála a bheidh comhtháite ó thús deireadh a sholáthar. I gceist ann beidh na nithe seo a leanas:

- Athdhearadh ar phróisis agus ar shlite oibre i réimse na n-oibríochtaí pleanála;
- Córas Bainistíochta Cásanna (CBC) nua a chur chun feidhme, a mbeidh áis mhapála Chórais Eolais Thíreolaíocha (GIS) mar chuid de; agus
- Suíomh Gréasáin nua a bheidh comhtháite leis na córais thuas.

Cuireadh plean gnó i dtoll a chéile agus cuireadh é faoi bhráid na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tugadh cuntas sa phlean gnó ar bhuntáistí na scéime agus cuireadh meastachán ar fáil ar an infheistíocht iomlán a bheadh ag teastáil chun córais agus bonneagar nua a sholáthar. Fuarthas páirtmhaoiniú i Samhain 2013 ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil chun tús a chur le Straitéis TFC an Bhoird Phleanála a chur chun feidhme in 2014. Bunaíodh grúpa stiúrtha chun an tionscadal a stiúradh; Plean-IT is ainm don tionscadal.

## Information Communication Technology

An Bord Pleanála has conducted and completed a number of independent external reviews over the past number of years. These reviews concluded that the Information Communication Technology (ICT) systems and infrastructure had outlived their usefulness and were in need of replacement rather than repair. While significant progress has been made since, in upgrading An Bord Pleanála's ICT infrastructure, the core processes are largely paper based.

A comprehensive ICT Strategy for An Bord Pleanála was prepared during 2013, building on a feasibility study and needs analysis carried out in late 2012 and proposes delivery of an integrated end to end planning solution incorporating:

- The redesign of processes and ways of working in the planning operations area;
- The implementation of a new Case Management System (CMS), incorporating a Geographic Information Systems (GIS) mapping facility; and,
- The implementation of a new website which will be integrated with above systems.

A business case was completed and submitted for review to the Department of the Environment, Community and Local Government and the Department of Public Expenditure and Reform outlining the benefits and estimates of the cost of the overall investment required in new systems and infrastructure. In November 2013, partial funding was approved by the Department of the Environment, Community and Local Government to commence the implementation of An Bord Pleanála's ICT Strategy in 2014. A steering group has been established to lead the project which is now known as Plean-IT.

# 21. Córais Eolais Thireolaíocha (GIS); Éifeachtúlacht Fuinnimh Geographic Information Systems (GIS); Energy Efficiency

## Córais Eolais Thireolaíocha (GIS)

Tá córas GIS eatramhach, MyPleanala, á fhorbairt ar son an Bhoird Phleanála i láthair na huaire. Cuireadh tús leis an tionscadal in 2013 i gcomhar leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, bunaithe ar chóras Myplan. Tugadh próiseas tairiscintí chun críche maidir leis an gcéad chéim den tionscadal, is é sin ár gcartlann léarscáileanna a scanadh agus geoshuíomh a dhéanamh orthu.

## Geographic Information Systems (GIS)

A prototype GIS, MyPleanala, is being considered for development for An Bord Pleanála. The project commenced in 2013 in partnership with the Department of the Environment, Community and Local Government building on the Myplan system, and a tender process was completed for the first phase of the project, scanning and geo-referencing of our map archive.

## Éifeachtúlacht Fuinnimh

Sa bhliain 2013, thug An Bord Pleanála faoi thionscnaimh éagsúla inmheánacha chun tíosacht ar fhuinneamh a mhéadú agus astaíochtaí carbóin a laghdú in 2013 ina oifigí i Sráid Mhaoibhríde. Bhí an foirgneamh i gcatagóir D1 den scéim RFF i gcónaí ach rinne sé 7% d'fheabhsú sa chatagóir sin.

Fuinneamh leictreach is ea gach fuinneamh a úsáidtear ar an láthair. In 2013 d'ídigh an Bord Pleanála 494,183 kWh fuinnimh, ar 3% de mhéadú é ar 2012. Drochaimsir an gheimhridh agus teochta arda an tsamhraidh a ba chúis leis sin.

## Energy Efficiency

An Bord Pleanála undertook a range of in-house initiatives aimed at progressing energy efficiency and carbon emission reduction in 2013 at its offices on Marlborough Street. In this context, the building remains in the D1 category of the BER scheme, however with a 7% improvement within the category.

In 2013, An Bord Pleanála consumed 494,183kWh of energy (electricity) which is a 3% increase on 2012, due mainly to the increase in weather extremes during both the winter and summer.

### Bearta a Rinneadh sa bhliain 2013

1. Ceannaíodh Gléasanna Ilfheidhmeacha atá tíosach ar fhuinneamh.
2. Cothú feasachta – an fhoireann a chur ar an eolas faoi mhodhanna le fuinneamh a spáráil.
3. Rannpháirtíocht ghníomhach in imeachtaí den chlár Taisteal Níos Cliste.

### Actions Undertaken in 2013

1. Procurement of energy efficient Multi-Functional Devices
2. Awareness raising – advising staff of energy saving methods
3. Active participation in Smarter Travel programme events

### Bearta a Dhéanfar sa bhliain 2014

1. Déanfar PCanna a dhúnadh go huathoibríoch ar fud na heagraíochta.
2. Cuireadh tionscnamh maidir leis an gClár Taistil Chliste chun cinn

### Actions Planned for 2014

1. Implementation of “auto-shutdown” of PCs
2. Continued promotion of Smarter Travel Programme initiatives

# 22. Taisteal Níos Cliste Smarter Travel

## Taisteal Níos Cliste

Comhpháirtí is ea an Bord Pleanála sa chlár áit oibre Taisteal Níos Cliste, atá á chomhordú ag an Údarás Náisiúnta Iompair. Tugadh faoi thionscnaimh éagsúla chun taisteal inbhuanaithe chuig agus ar ais ón obair a chur chun cinn, lena n-áirítear taisteal ar an gcóras iompair phoiblí agus rothaíocht a chur chun cinn.

## Smarter Travel

An Bord Pleanála is a partner in the Smarter Travel workplace programme co-ordinated by the National Transport Authority. Several initiatives are undertaken to promote sustainable travel to and from work including promotion of public transport and cycling to work.

# Cuntais Bhliantúla 2013
# Financial Statements 2013



- Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird
  Statement of Board's Responsibilities
- Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais
  Statement on Internal Financial Control
- Ráiteas na mBeartas Cuntasaíochta
  Statement of Accounting Policies
- Tuarascáil An Ard-Reachtaire Cúntas agus Ciste
  Report of the Comptroller and Auditor General
- Ráiteas faoi Luach Saothair agus Táillí na gComhaltaí
  Statement on Remuneration and Members' Fees
- Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013
  Income and Expenditure Account for year ended 31st December 2013
- Clar Comhardaithe mar atá ar an 31 Nollaig 2013
  Balance Sheet as at 31st December 2013
- Raiteas faoi Shreabhadh Airgid don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013
  Cash Flow Statement for year ended 31st December 2013
- Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013
  Notes to the Financial Statements for year ended 31st December 2013

# Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird
# Statement of Board's Responsibilities

Ceanglaíonn Alt 117(1) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 ar an mBord Pleanála ráitis airgeadais a ullmhú i cibé foirm a fhaomhfaidh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Airgeadais. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, tá ceangal ar an mBord Pleanála:-

- beartais oiriúnacha cuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta stuama,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn ghnóthais leantaigh, agus
- a rá cibé acu ar cloíodh le caighdeáin infheidhmithe chuntasaíochta, faoi réir aon athrú ábhartha arna nochtadh agus arna míniú sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord Pleanála freagrach as leabhair chuí chuntais a choimeád a nochtann go réasúnta cruinn uair ar bith staid airgeadais an Bhoird Phleanála agus a chumasaíonn dó a chinntiú go ngéilleann na ráitis airgeadais d'alt 117(1) d'Acht 2000. Is ar an mBord Pleanála, leis, atá an fhreagracht sócmhainní na heagraíochta a choimirciú agus céimeanna réasúnta a ghlacadh, dá réir sin, chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Coimeádtar na leabhair chuntais ag ceanncheathrú An Bhoird Pleanála ag 64 Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1.

Section 117(1) of the Planning and Development Act 2000 requires An Bord Pleanála to prepare financial statements in such form as may be approved by the Minister for the Environment, Community and Local Government, after consultation with the Minister for Finance. In preparing those financial statements, An Bord Pleanála is required to:-

- select suitable accounting policies and then apply them consistently,
- make judgements and estimates that are reasonable and prudent,
- prepare the financial statements on the going concern basis, and
- state whether applicable accounting standards have been followed, subject to any material departures disclosed and explained in the financial statements.

An Bord Pleanála is responsible for keeping proper books of account which disclose with reasonable accuracy at any time the financial position of An Bord Pleanála and which enable it to ensure that the financial statements comply with section 117(1) of the 2000 Act. An Bord Pleanála is also responsible for safeguarding the assets of the organisation and hence for taking reasonable steps for the prevention and detection of fraud and other irregularities.

The books of account are kept at An Bord Pleanála's headquarters at 64 Marlborough Street, Dublin 1.

An Dr. Mary Kelly
Cathaoirleach

Conall Ó Beoláin
Leaschathaoirleach

19 Meitheamh 2014

Dr Mary Kelly
Chairperson

Conall Boland
Deputy Chairperson

19th June 2014

# Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais
# Statement on Internal Financial Control

## Freagracht as Córas Rialaithe Inmheánach Airgeadais

Thar ceann Bhord an Bhoird Pleanála, admhaím an fhreagracht atá orainn a chinntiú go mbíonn córas éifeachtach maidir le rialú inmheánach airgeadais i bhfeidhm i gcónaí.

Admhaíonn an Bord, leis, nach féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta a thabhairt seachas dearbhú amach is amach go bhfuil na sócmhainní faoi chosaint, na hidirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh go cuí, agus go ndéantar earráidí agus mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go ndéanfaí iad a bhrath go tráthúil.

## Na Príomhnósanna Imeachta Rialaithe chun rialú inmheánach éifeachtach airgeadais a sholáthar

1. Tá beart déanta ag an mBord le cinntiú go mbíonn an timpeallacht rialaithe chuí i réim san eagraíocht, trí:

   - Ráiteas Straitéise an Bhoird Phleanála a fhoilsiú. Baineann an Ráiteas Straitéise leis an tréimhse 2011 go 2014 agus leagtar amach ann luachanna agus spriocanna na heagraíochta.
   - Coiste Iniúchóireachta a bhunú mar chuid de ghnásanna rialachais an Bhoird Phleanála chun maoirsiú a dhéanamh ar fheidhm an Iniúchta Inmheánaigh agus comhairle a chur ar an mBord i dtaca le hoibriú agus forbairt na feidhme sin.
   - Beartas Bainistíochta Riosca a bhunú agus a oibriú agus Coiste Riosca a cheapadh.
   - Beartas Frithchalaoise a ghlacadh in 2012.
   - Glacadh in 2013 Beartas agus Treoirlínte leasaithe ar Sholáthar.

## Responsibility for System of Internal Financial Control

On behalf of the Board of An Bord Pleanála, I acknowledge our responsibility for ensuring that an effective system of internal financial control is maintained and operated.

The Board acknowledges also that the system can only provide reasonable and not absolute assurance that assets are safeguarded, transactions authorised and properly recorded, and that material errors or irregularities are either prevented or would be detected in a timely period.

## Key Control Procedures to provide effective Internal Financial Control

1. The Board has taken steps to ensure an appropriate control environment within the organisation by:

   - Publishing An Bord Pleanála's Strategy Statement. The Strategy Statement covers the period 2011 to 2014 and sets out the organisation's values and goals.
   - Establishing an Audit Committee as part of the governance procedures within An Bord Pleanála to oversee the Internal Audit function and advise the Board in relation to the operation and development of that function.
   - Establishing and operating a Risk Management Policy and appointing a Risk Committee.
   - Adoption of an Anti-Fraud Policy in 2012.
   - Adoption in 2013 of a revised Policy and Guidelines on Procurement.

- Beartas Taistil a ghlacadh in 2013, de réir an Chóid Chleachtais maidir le Rialú Comhlachtaí Stáit.
- Freagrachtaí bainistíochta a shainiú go soiléir agus na feidhmeanna cuí a tharmligean.
- Beartais agus nósanna imeachta an Bhoird a athbhreithniú agus a cheadú.
- Sceideal cuimsitheach árachais a choimeád chun leasanna an Bhoird Phleanála a chosaint.

2. Tá an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar chreat d'eolas rialta bainistíochta, gnásanna riaracháin lena n-áirítear leithscaradh dualgas, agus córas tarmligthe agus cuntasaíochta. Gnéithe sonracha is ea:

- Córas cuimsitheach buiséadta le buiséad bliantúil a dhéanann comhaltaí an Bhoird a fhormheas agus a athbhreithniú.
- Buiséid agus údarás buiséadta agus freagracht as feidhmeanna ar leith a shannadh ar bhainisteoirí áirithe san eagraíocht.
- Socruithe ceannaigh a dhéanamh agus a rialú trí chóras agus gnásanna ordú ceannaigh.
- Dualgais i dtaca le próiseáil idirbhearta airgeadais a bheith leithscartha.
- Treoirlínte sainmhínithe soiléire maidir le rialú infheistíochta caipitiúila.

3. Rinne an fhoireann bhainistíochta athbhreithniú ar Chlár Mhór-riosca Corparáidigh an Bhoird Phleanála sa chéad ráithe de 2013 agus athbhreithniú eile agus uasdátú sa ráithe dheireanach. Coimeádann an Bord an fhreagracht deiridh as bainistiú riosca san eagraíocht ach is é Coiste Bainistíochta na heagraíochta Coiste

- Adoption in 2013 of a Travel Policy in accordance with the Code of Practice for the Governance of State Bodies.
- Clearly defining management responsibilities and delegating appropriate functions.
- Reviewing and approving all An Bord Pleanála policies and procedures.
- Maintaining a comprehensive schedule of insurances to protect An Bord Pleanála's interests.

2. The system of internal financial control is based on a framework of regular management information, administrative procedures including segregation of duties, and a system of delegation and accountability. In particular it includes:

- A comprehensive budgeting system with an annual budget which is approved and reviewed by Board members.
- The assignment of budgets and budgetary authority and responsibility for specific functions within the organisation to selected managers.
- Arrangements for purchasing to be conducted and controlled through the purchase order system and procedures.
- Segregation of duties in relation to the processing of payment transactions.
- Clearly defined capital investment control guidelines.

3. The management team undertook a review of An Bord Pleanála's Corporate Risk Register in the first quarter of 2013 with a further review and update taking place in the last quarter. While the Board retains ultimate responsibility for the management of risk in the organisation, the Management Committee is the designated Risk

Riosca ainmnithe na heagraíochta mar atá leagtha síos sa Bheartas Bainistithe Riosca.

4. Tá feidhm iniúchta inmheánaigh ag an mBord Pleanála a oibríonn de réir an Chreat -Chóid Dea-Chleachtais mar atá leagtha síos sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Bunaítear obair an iniúchta inmheánaigh ar anailís ar na riosca dá nochtar an eagraíocht, ar riachtanais an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, agus ar aon cheist i dtaca le Rialachas Corparáideach atá tagtha chun cinn san earnáil phoiblí i gcoitinne. Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus an Bord an plean iniúchta inmheánaigh a fhormheas.

Ar obair an iniúchóra inmheánaigh, ar obair an Choiste Iniúchóireachta a mhaoirsíonn obair an iniúchóra inmheánaigh, ar obair na mbainisteoirí feidhmiúcháin sa Bhord atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata um rialú airgeadais, agus ar ráitis a dhéanann Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta nó i dtuarascálacha eile, a bhunaítear an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéanann an Bord ar an gcóras rialaithe inmheánach airgeadais.

## Athbhreithniú Bliantúil ar Rialúcháin

Deimhním go ndearna an Bord athbhreithniú sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2013 ar an gcóras rialaithe inmheánach airgeadais.

Mary Kelly

An Dr. Mary Kelly
Cathaoirleach

19 Meitheamh 2014

Committee for the organisation in line with the Risk Management Policy.

4. An Bord Pleanála has an internal audit function which operates in accordance with the Framework Code of Best Practice set out in the Code of Practice for the Governance of State Bodies. The work of internal audit is informed by analysis of the risks to which the organisation is exposed, the requirements of the Comptroller & Auditor General and any issues in relation to Corporate Governance that have arisen in the Public Sector in general. The internal audit plan is approved by the Audit Committee and by the Board.

The Board's monitoring and review of the system of internal financial control is informed by the work of the internal auditor, the Audit Committee which oversees the work of the internal auditor, the executive managers within An Bord Pleanála who have responsibility for the development and maintenance of the financial control framework and comments made by the Office of the Comptroller and Auditor General in its management letter or other reports.

## Annual Review of Controls

I confirm that in respect of the year ending 31st December 2013, the Board conducted a review of the system of internal financial controls.

Mary Kelly

Dr. Mary Kelly
Chairperson

19th June 2014

# Ráiteas na mBeartas Cuntasaíochta
# Statement of Accounting Policies

## 1. Nithe Ginearálta

Bunaíodh an Bord Pleanála in 1977 faoi Acht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt) 1976.

Tá an Bord Pleanála freagrach, faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000 go 2013, as achomhairc agus as nithe áirithe eile a chinneadh. Tá sé freagrach, leis, as iarratais ar fhorbairt bonneagair straitéisigh, lena n-áirítear mórchásanna bóthair agus iarnóid, a chinneadh. Déileálann sé le tograí ó údáráis áitiúla agus eile chun talamh a cheannach go héigeantach faoi achtacháin éagsúla. Tá feidhmeanna ag an mBord Pleanála, leis, chun achomhairc a chinneadh faoi na hAchtanna Uisce, Truailliú Aeir agus Rialú Foirgníochta.

## 2. An Bunús Ullmhúcháin

Ullmhaítear na ráitis airgeadais faoin modh fabhraithe cuntasaíochta, ach amháin i gcásanna ina ndeirtear a mhalairt, agus de réir na bprionsabal cuntasaíochta a nglactar leo i gcoitinne faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil. Glactar caighdeáin tuairiscithe airgeadais arna moladh ag comhlachtaí aitheanta cuntasaíochta de réir mar a thagann siad i bhfeidhm.

## 3. Deontas Oireachtais

Áirítear deontais Oireachtais ó Vóta 25, an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ar bhonn fáltais airgid.

## 4. Táillí

Is ionann seo agus táillí a íoctar leis an mBord Pleanála i dtaca le hachomhairc, iarratais agus nithe eile a tharchuirtear chuig an mBord Pleanála lena gcinneadh faoi

## 1. General

An Bord Pleanála was established in 1977 under the Local Government (Planning and Development) Act, 1976.

An Bord Pleanála is responsible for the determination of appeals and certain other matters under the Planning and Development Acts, 2000 to 2013 and determination of applications for strategic infrastructure development including major road and railway cases. It is also responsible for dealing with proposals for the compulsory acquisition of land by local authorities and others under various enactments. An Bord Pleanála also has functions to determine appeals under Water and Air Pollution Acts and the Building Control Act.

## 2. Basis of Preparation

The financial statements are prepared under the accruals method of accounting, except as otherwise indicated, and in accordance with generally accepted accounting principles under the historical cost convention. Financial reporting standards recommended by the recognised accountancy bodies are adopted, as they become operative.

## 3. Oireachtas Grant

Oireachtas grants from Vote 25, Department of Environment, Community and Local Government are accounted for on a cash receipt basis.

## 4. Fees

These represent fees paid to An Bord Pleanála in respect of appeals, applications and other matters referred to An Bord Pleanála for determination under various

achtacháin éagsúla. Na táillí a íoctar iarbhír, socraítear iad faoi rialachán an Aire nó cinneann an Bord Pleanála iad le ceadú an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, de réir na bhforálacha reachtúla seo a leanas:

- Alt 144 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú.
- Alt 177M den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú.
- Ailt 7 agus 7A den Acht um Rialú Foirgníochta 1990, arna leasú.
- Ailt 6 agus 19 den Acht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce) 1977, arna leasú agus alt 103 den Acht Seirbhísí Uisce 2007.
- Alt 35 den Acht um Thruailliú Aeir 1987.

Taispeántar ioncam ó tháillí glan ar aisíocaíochtaí, a dhéantar i gcás achomharc neamhbhailí, tarchuir agus eile.

## 5. Forbairt Bonneagair Straitéisigh

Is é an Bord Pleanála, le ceadú an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, a chinneann táillí maidir le hiarratais chun forbairt bonneagair straitéisigh a dhéanamh socraithe ag an mBord Pleanála, de réir alt 144 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú.

Gearrann an Bord Pleanála táille thosaigh sa raon ó €30,000 go €100,000 i dtaca le tionscadail Bonneagair Straitéisigh. Áirítear na táillí sin ar bhonn fáltais airgid. Measúnaíonn an Bord Pleanála costas cásanna aonair a mheasúnú agus d'fhéadfadh sé costais bhreise a lorg nó cuid den táille a aisíoc, de réir mar a

enactments. The actual fees payable are either set by Ministerial regulation or are as determined by An Bord Pleanála and approved by the Minister for the Environment, Community and Local Government in accordance with the following statutory provisions:

- Section 144 of the Planning and Development Act 2000, as amended.
- Section 177M of the Planning and Development Act 2000, as amended.
- Sections 7 and 7A of the Building Control Act 1990, as amended.
- Sections 6 and 19 of the Local Government (Water Pollution) Act 1977, as amended and section 103 of the Water Services Act 2007.
- Section 35 of the Air Pollution Act 1987.

Fee income is shown net of refunds which are made in respect of invalid appeals, referrals and other cases.

## 5. Strategic Infrastructural Development

Fees in respect of strategic infrastructure development applications are as determined by An Bord Pleanála and approved by the Minister for the Environment, Community and Local Government in accordance with section 144 of the Planning and Development Act 2000, as amended.

An Bord Pleanála charges an initial fee ranging from €30,000 to €100,000 in relation to Strategic Infrastructure projects. These fees are accounted for on a cash receipts basis. An Bord Pleanála assesses the cost of assessing individual cases and may seek to recoup additional costs or refund a portion of the fee as appropriate. Recoupment of

bheadh. Áirítear aisghabháil costas breise agus aisíocaíochtaí táillí de réir mar a bhíonn siad dlite.

### 6. Sócmhainní Seasta agus Dímheas

Dímheastar sócmhainní seasta, a shonraítear ag an gcostas stairiúil, ar mhodh na líne dírí ag ráta bliantúil de 10% i gcás foirgneamh ar léas, 33% i gcás ríomhairí agus 20% i gcás gach catagóir eile sócmhainní.

### 7. Cuntas Caipitil

Léiríonn an Cuntas Caipitil an méid ioncaim gan amúchadh a úsáideadh chun sócmhainní seasta a cheannach.

### 8. Aoisliúntas

Tá scéimeanna neamhspleácha aoisliúntais sochair shainithe i bhfeidhm ag an mBord Pleanála trí mheán ceithre cinn de scéimeanna neamhspéacha difriúla mar atá;

- Scéim Aoisliúntais Fhoireann an Bhoird Pleanála 1986 go 2006,
- Scéim Pinsean Ranníocach Céilí agus Leanaí Fhoireann an Bhoird Pleanála 1986,
- Scéim Aoisliúntais an Bhoird Pleanála (Cathaoirleach agus Comhaltaí) 1986 go 2009, agus
- Scéim Pinsean Ranníocach Céilí agus Leanaí (Cathaoirleach agus Comhaltaí) an Bhoird Pleanála 1986 go 2002.

Rinneadh soláthar sna scéimeanna aoisliúntais sin le sochair shainithe arna bhfaomhadh ag an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus le toiliú an Aire

additional costs and refund of fees are accounted for as they fall due.

### 6. Fixed Assets and Depreciation

Fixed assets, which are stated at historical cost, are depreciated using the straight-line method at an annual rate of 10% for leasehold buildings, 33% for computers and 20% for all other asset categories.

### 7. Capital Account

The Capital Account represents the unamortised amount of income used to purchase fixed assets.

### 8. Superannuation

An Bord Pleanála operates defined benefit superannuation schemes through the medium of four different independent schemes namely:

- An Bord Pleanála Staff Superannuation Scheme 1986 to 2006,
- An Bord Pleanála Staff Spouses' and Children's Contributory Pension Scheme 1986,
- An Bord Pleanála (Chairman and Members) Superannuation Scheme 1986 to 2009, and
- An Bord Pleanála (Chairman and Members) Spouses' and Children's Contributory Pension Scheme 1986 to 2002.

The payment of superannuation benefits to and in respect of employees and members of the Board is provided for in these defined benefit superannuation schemes approved

Airgeadais faoi alt 119 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, chun sochair aoisliúntais a íoc le fostaithe agus le comhaltaí an Bhoird agus maidir leo.

Maoinítear na scéimeanna sin go bliantúil ar bhonn 'íoc mar a chaitheann tú' ó airgead atá ar fáil don Bhord Pleanála, lena n-áirítear airgead ón státchiste arna sholáthar ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus ó ranníocaíochtaí a asbhaintear ó thuarastail na foirne agus na gcomhaltaí.

Léiríonn costais aoisliúntais na sochair aoisliúntais a thuill comhaltaí agus baill foirne sa tréimhse, agus luaitear iad glan ar ranníocaíochtaí aoisliúntais na foirne, a choimeádann an Bord Pleanála. Aithnítear mar ioncam, suim atá comhfhreagrach leis an gcostas aoisliúntais, chomh fada agus is in-aisghabhála é, agus seach-chuirtear é ag deontais a fhaightear i rith na bliana chun íocaíochtaí aoisliúntais a íoc.

Léirítear na gnóthachain agus na caillteanais achtúire a éiríonn as dliteanais scéime sa Ráiteas faoi na Gnóthachain agus na Caillteanais Iomlána Aitheanta agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid is in-aisghabhála ón Státchiste arna sholáthar ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

Léiríonn na dliteanais aoisliúntais luach reatha na n-íocaíochtaí aoisliúntais todhchaí atá tuillte ag fostaithe go dtí seo. Léiríonn maoiniú aoisliúntais iarchurtha an tsócmhainn chomhfhreagrach a bheadh le haisghabháil i dtréimhsí sa todhchaí as an Státchiste arna sholáthar ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

## 9. Costais Dlí

Is é beartas an Bhoird Phleanála go n-íocfaí aon chostas dlíthiúil a dhámhtar ina choinne tar éis críoch cásanna de bhun Billí Costais

by the Minister for the Environment, Community and Local Government and with the consent of the Minister for Finance under section 119 of the Planning and Development Act 2000.

The schemes are funded annually on a pay-as-you-go basis from monies available to An Bord Pleanála, including monies from exchequer funds provided by the Department of Environment, Community and Local Government and from contributions deducted from staff and members' salaries.

Superannuation costs reflect superannuation benefits earned by members and employees in the period and are shown net of staff superannuation contributions, which are retained by An Bord Pleanála. An amount corresponding to the superannuation charge is recognised as income to the extent that it is recoverable, and offset by grants received in the year to discharge superannuation payments.

Actuarial gains or losses arising on scheme liabilities are reflected in the Statement of Total Recognised Gains and Losses and a corresponding adjustment is recognised in the amount recoverable from exchequer funds provided by the Department of Environment, Community and Local Government.

Superannuation liabilities represent the present value of future superannuation payments earned by staff to date. Deferred superannuation funding represents the corresponding asset to be recovered in future periods from exchequer funds provided by the Department of Environment, Community and Local Government.

## 9. Legal Costs

It is the policy of An Bord Pleanála to discharge any legal costs awarded against it following conclusion of cases on foot of

cánaithe. Is é beartas an Bhoird Phleanála, leis, a gcostais dlí féin a íoc i gcás iarratas faoi athbhreithniú breithiúnach ar chinntí an Bhoird Phleanála tar éis cásanna a bheith curtha i láthair na hArd-Chúirte nó na Cúirte Uachtaraí.

Féachann an Bord Pleanála, i gcásanna ina bhfuil sé indéanta, lena chostais dhíthiúla a aisghabháil i gcás caingne dlí ina ndámhann na Cúirteanna na costais sin (féach Nóta 13). Áirítear costais dhlíthiúla aisghafa ar bhonn fáltais airgid agus glanluacháiltear iad mar tháillí ar chaiteachas dlíthiúil sa bhliain reatha.

Mar sin, ní thaifeadtar méideanna a bhíonn in -aisghafa go dlíthiúíl sa Chlár Comhardaithe.

Caitheann an Bord Pleanála le costais dlíthiúil a bhfuil súil leo mar chostais fabhraithe ar chásanna a chinn na cúirteanna sa bhliain airgeadais (Nóta 10).

Lena chois sin, déantar na costais amuigh a dhíscríobh má mheastar nach féidir iad a aisghabháil.

taxed Bills of Costs. It is also the policy of An Bord Pleanála to discharge its own legal costs associated with applications for judicial review of An Bord Pleanála's decisions following presentation of cases in the High Court or Supreme Court.

An Bord Pleanála, where practicable, seeks recovery of its legal costs arising out of legal actions where such costs are awarded by the Courts (see Note 13). Legal costs recovered are accounted for on a cash receipt basis and netted to legal expenditure fees in the current year.

Legal recoverable amounts, therefore, are not recorded in the Balance Sheet.

An Bord Pleanála treats anticipated legal costs as accrued expenses on cases that have been decided by the courts within the financial year (Note 10).

In addition, outstanding costs are reviewed and written off when they are deemed to be unrecoverable.

## 10. Costais Léasa

Is é beartas an Bhoird Phleanála gach costas coimhdeach a bhaineann leis an léas ag 64 Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, a dhíscríobh thar thréimhse 10 mbliana.

## 10. Lease Costs

It is the policy of An Bord Pleanála to write off all ancillary costs associated with the lease at 64 Marlborough Street, Dublin 1 over 10 years.

# Tuarascáil An Ard-Reachtaire Cúntas agus Ciste
# Report of the Comptroller and Auditor General

### An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais - An Bord Pleanála

Tá ráitis airgeadais an Bhoird Phleanála don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013 iniúchta agam faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000. Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta de Ráiteas ar na Beartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Ráiteas ar Iomlán na nGnóthachain agus na gCaillteanas Aitheanta, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais i bhfoirm séanta faoi alt 117 den Acht, agus de réir an cleachtais chuntasaíochta a nglactar leis go coitianta in Éirinn

### Freagrachtaí an Bhoird

Tá sé de fhreagracht ar an mBord Pleanála na ráitis airgeadais a ullmhú agus a chinntiú go dtugann siad léargas fíorcheart ar ghnóthaí an Bhoird Phleanála agus ar ioncam agus ar chaiteachas an Bhoird, agus rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Is é m'fhreagracht na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisciú orthu de réir an dlí is infheidhme.

Déanaim m'iniúchadh faoi threoir na gcoinníollacha speisialta a ghabhann le bainistíocht agus oibriú comhlachtaí Stáit.

Déanaim m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) agus de reir Chaighdeáin Eiticiúla an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta d'Iniúchóirí.

### Report for presentation to the Houses of the Oireachtas – An Bord Pleanála

I have audited the financial statements of An Bord Pleanála for the year ended 31 December 2013 under the Planning and Development Act 2000. The financial statements, which have been prepared under the accounting policies set out therein, comprise the Statement of Accounting Policies, the Income and Expenditure Account, the Statement of Total Recognised Gains and Losses, the Balance Sheet, the Cash Flow Statement and the related notes. The financial statements have been prepared in the form prescribed under section 117 of the Act, and in accordance with generally accepted accounting practice in Ireland.

### Responsibilities of the Board

An Bord Pleanála is responsible for the preparation of the financial statements, for ensuring that they give a true and fair view of the state of An Bord Pleanála's affairs and of its income and expenditure, and for ensuring the regularity of transactions.

### Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

My responsibility is to audit the financial statements and report on them in accordance with applicable law.

My audit is conducted by reference to the special considerations which attached to State bodies in relation to their management and operation.

My audit is carried out in accordance with the International Standards on Auditing (UK and Ireland) and in compliance with the Auditing Practices Board's Ethical Standards for Auditors.

## Scóip an Iniúchta ar na Ráitis Airgeadais

Is é atá i gceist le hiniúchadh dóthain fianaise a fháil mar gheall ar na méideanna agus na nithe a nochtar sna ráitis airgeadais le gur féidir dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíshonrú ábhartha, cibé de dheasca calaoise nó earráide. San áireamh ann bíonn measúnú ar

- cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach do thosca an Bhoird Phleanála, ar cuireadh i bhfeidhm iad go comhsheasmhach agus ar nochtadh iad go leordhóthanach,
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- an tslí a chuirtear na ráitis airgeadais i láthair, tríd is tríd.

Féachaim, leis, i gcúrsa an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais.

Lena chois sin, léim an Tuarascáil Bhliantúil chun aon neamhréire ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a shainaithint. Má thagann aon mhíshonrú nó neamhréire ábhartha dealraitheach chun solais, breithním na himpleachtaí do mo thuarascáil.

## Scope of Audit of the Financial Statements

An audit involves obtaining evidence about the amounts and disclosures in the financial statements, sufficient to give reasonable assurance that the financial statements are free from material misstatement, whether caused by fraud or error. This includes an assessment of

- whether the accounting policies are appropriate to An Bord Pleanála's circumstances, and have been consistently applied and adequately disclosed,
- the reasonableness of significant accounting estimates made in the preparation of the financial statements, and
- the overall presentation of the financial statements.

I also seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit.

In addition, I read An Bord Pleanála's annual report to identify material inconsistencies with the audited financial statements. If I become aware of any apparent material misstatements or inconsistencies, I consider the implications for my report.

## Tuairim ar na Ráitis Airgeadais

Is í mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh go cuí de réir an chleachtais chuntasaíochta a nglactar leis go coitianta in Éirinn, léargas fíorcheart ar staid ghnóthaí an Bhoird Phleanála ag 31 Nollaig 2013 agus dá ioncam agus dá chaiteachas don bhliain 2013.

Is í mo thuairim gur choinnigh an Bord Pleanála leabhair chuí chuntais. Tá na ráitis airgeadais ar aon dul leis na leabhair chuntais.

## Opinion on the Financial Statements

In my opinion, the financial statements, which have been properly prepared in accordance with generally accepted accounting practice in Ireland, give a true and fair view of the state of An Bord Pleanála's affairs at 31 December 2013 and of its income and expenditure for 2013.

In my opinion, proper books of account have been kept by An Bord Pleanála. The financial statements are in agreement with the books of account.

## Nithe ar a dtuairiscím de réir Eisceachta

Tuairiscím de réir eisceachta más amhlaidh

- nach bhfuair mé gach faisnéis agus míniú a bhí ag teastáil uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- gur thug m'iniúchadh chun solais aon chás ábhartha nuair nár caitheadh airgead ar na críocha a bhí ceaptha dó nó inar theip ar idirbheart géilleadh do na húdaráis arna rialú, nó
- nach bhfuil an fhaisnéis a tugadh i dTuarascáil Bhliantúil an Bhoird Phleanála i gcomhréir le ráitis airgeadais gaolmhara, nó
- nach léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais géilliúlacht an Bhoird Phleanála do Chód Cleachtais maidir le Rialú Comhlachtaí Stáit, nó
- má fhaighim go bhfuil nithe ábhartha eile ag baint leis an tslí ar seoladh gnó poiblí.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis na nithe sin ar a dtuairiscítear orthu de réir eisceachta.

Patricia Sheehan
Ar son agus thar ceann
an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

26 Meitheamh 2014

## Matters on which I report by Exception

I report by exception if

- I have not received all the information and explanations I required for my audit, or
- my audit noted any material instance where money has not been applied for the purposes intended or where the transactions did not conform to the authorities governing them, or
- the information given in An Bord Pleanála's Annual Report is not consistent with the related financial statements, or
- the Statement on Internal Financial Control does not reflect An Bord Pleanála's compliance with the Code of Practice for the Governance of State Bodies, or
- I find there are other material matters relating to the manner in which public business has been conducted.

I have nothing to report in regard to those matters upon which reporting is by exception.

Patricia Sheehan
For and on behalf of the
Comptroller and Auditor General

26th June 2014

# Ráiteas faoi Luach Saothair agus Táillí na gComhaltaí
# Statement on Remuneration and Members' Fees

## Nithe Ginearálta

Géilleann an Bord Pleanála do na treoirlínte a chlúdaíonn íoc táillí leis an gCathaoirleach agus le comhaltaí eile an Bhoird mar atá leagtha amach sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Cuireann an Bord Pleanála méaduithe pá chun feidhme de réir an cheadaithe ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Ní imíonn sé ó bheartas pá an Rialtais in aon slí.

## Táillí agus Costais na mBall

Tar éis tús feidhme an Achta um Bearta Éigeandála Airgeadais ar Mhaithe le Leas an Phobail (Leasú) 2011 an 1 Eanáir 2012, scoireadh de thuarastal an Chathaoirligh a bheith ar aon leibhéal le tuarastal breithimh den Ard-Chúirt agus laghdaíodh luach saothair an Chathaoirligh go €189,474 (ráta rpp*) ón dáta sin. Faoi Chomhaontú Bhóthar Haddington laghdaíodh tuarastal an Chathaoirligh go €175,876.60 (ráta rpp) ón 1 Iúil 2013.

Ba é €133,387 (ráta rpp) tuarastal an Leaschathaoirligh (€126,718 ráta neamh-rpp) suas go dtí an 30 Meitheamh 2013 agus é ailínithe leis an dara pointe de scála tuarastail an Rúnaí Chúnta ach faoi réir an laghdaithe iomláin pá a ceanglaíodh faoin Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail (Uimh. 2), 2009. Faoi Chomhaontú Bhóthar Haddington laghdaíodh tuarastal an Leas-Chathaoirligh go €124,716 (ráta rpp) (€118,580.56 ráta neamh-rpp) ón 1 Iúil 2013.

Ba é €116,935 (ráta rpp) (€111,214 ráta neamh-rpp) tuarastal na gcomhaltaí Boird sa chéad 6 mhí de 2013, arbh ionann é agus an chéad phointe ar scála an Rúnaí Chúnta sa Státseirbhís, ach faoi réir an laghdaithe iomláin pá a ceanglaíodh faoin Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail (Uimh. 2), 2009. Faoi Chomhaontú Bhóthar Haddington laghdaíodh

## General

An Bord Pleanála complies with the guidelines covering the payment of fees to the Chairperson and other members of the Board set out in the Code of Practice for the Governance of State Bodies. An Bord Pleanála implements wage increases in accordance with sanction from the Department of the Environment, Community and Local Government. It does not depart from Government pay policy in any way.

## Members' Fees and Expenses

Following the commencement of the Financial Emergency Measures in the Public Interest (Amendment) Act 2011 on 1st January 2012, the salary for the post of Chairperson was no longer aligned at the same level as that paid to a judge of the High Court and the remuneration of the Chairperson was reduced to €189,474 (ppc* rate) from this date. Under the Haddington Road Agreement the salary of the Chairperson was reduced to €175,876.60 (ppc rate) from 1st July 2013.

The salary for the post of Deputy Chairperson up to 30th June 2013 was €133,387 (ppc rate) (€126,718 non-ppc rate) and aligned to the second point of the Assistant Secretary salary scale but subject to the full pay reduction required by the Financial Emergency Measures in the Public Interest (No.2) Act, 2009. Under the Haddington Road Agreement the salary of the Deputy Chairperson was reduced to €124,716 (ppc rate) (€118,580.56 non ppc rate) from 1st July 2013.

The salary for a Board Member for the first 6 months in 2013 was €116,935 ppc rate (€111,214 non-ppc rate) which was equivalent to the first point for the Assistant Secretary scale in the Civil Service but subject to the full pay reduction required by the Financial Emergency Measures in the Public Interest (No.2) Act 2009. Under the Haddington Road Agreement the salary for a

tuarastal na gcomhaltaí Boird go €109,580.20 (ráta rpp) (€104,316.88 ráta neamh-rpp) ón 1 Iúil 2013.

Bhí comhalta Boird amháin ag fáil €127,588 (ráta rpp) de thuarastal sa chéad sé mhí de 2013, ráta a bhí coibhéiseach leis an gcéad phointe de scála an Rúnaí Chúnta sa Státseirbhís agus ní raibh sé faoi réir an laghdaithe iomláin pá a ceanglaíodh faoin Acht um Bearta Éigeandála Airgeadais (Uimh. 2), 2009, mar atá sonraithe i dtéarmaí agus i gcoinníollacha fostaíochta an chomhalta Bhoird. Laghdaíodh tuarastal an chomhalta Bhoird seo go €119,281,29 ón 1 Iúil 2013 faoi Chomhaontú Bhóthar Haddington.

Ní íoctar aon táille le comhaltaí an Bhoird.

*rpp: Tagraíonn Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin d'fhostaithe a íocann ÁSPC Aicme A agus a dhéanann ranníocaíocht i leith sochair phearsanta aoisliúntais.

Board Member was reduced to €109,580.20 (ppc rate) (€104,316.88 non-ppc rate) from 1st July 2013.

One Board Member for the first 6 months in 2013 was in receipt of a salary of €127,588 ppc rate which was equivalent to the first point for the Assistant Secretary scale in the Civil Service but not subject to the full pay reduction required by the Financial Emergency Measures in the Public Interest (No.2) Act 2009 as stipulated in the Board Member's terms and conditions of employment. Under the Haddington Road Agreement the salary for this Board Member was reduced to €119,281.29 from 1st July 2013.

There are no fees paid to Board Members.

*ppc: Personal Pension Contribution refers to employees who pay Class A rate PRSI and who make a contribution in respect of personal superannuation benefits

An Dr. Mary Kelly
Cathaoirleach

Conall Ó Beoláin
Leaschathaoirleach

19 Meitheamh 2014

Dr Mary Kelly
Chairperson

Conall Boland
Deputy Chairperson

19th June 2014

# Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013

| Ioncam | 2013 € | 2012 € |
|---|---|---|
| Deontas Oireachtais | 11,793,000 | 12,897,000 |
| Táillí (*Nóta 1*) | 1,376,651 | 947,818 |
| Táillí Bonneagair Straitéisigh & Aisghabháil Costas *(Nóta 2)* | 1,269,022 | 1,524,930 |
| Ilghnéitheach | 6,238 | 6,938 |
| Ús ar thaiscí | 6,040 | 5,356 |
| Glanchistiú Iarchurtha le haghaidh Aoisliúntais *(Nóta 5(c))* | 3,766,000 | 3,413,000 |
| Brabús ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta | 0 | 0 |
| | 18,216,951 | 18,795,042 |
| Aistriú ón gCuntas Caipitil *(Nóta11)* | 104,086 | 121,199 |
| | 18,321,037 | 18,916,241 |
| **Caiteachas:** | | |
| Tuarastail, Liúntais agus Aoisliúntas *(Nóta 3)* | 14,303,743 | 14,604,668 |
| Costais Teaghlachais *(Nóta 6)* | 2,061,842 | 2,108,369 |
| Costais Oibriúcháin *(Nóta 7)* | 2,529,318 | 2,096,228 |
| **Caiteachas Iomlán** | 18,894,903 | 18,809,265 |
| | | |
| **(Easnamh)/Barrachas don bhliain** | (573,866) | 106,976 |
| Barrachas tugtha ar aghaidh | 398,756 | 291,780 |
| **Barrachas/(Easnamh) Carnach ar 31 Nollaig** | (175,110) | 398,756 |
| | | |
| **Ráiteas ar Ghnóthachain & Caillteanais Aitheanta Iomlána** | | |
| Gnóthachain de réir Taithí ar dhliteanais na scéime aoisliúntais *(Nóta 5(d))* | 3,647,000 | 939,000 |
| Athruithe ar thoimhdí atá mar bhunús le luach dhliteanais reatha na scéime aoisliúntais | (0) | (6,385,000) |
| Gnóthachain/(Caillteanas) achtúireach ar Dhliteanais Aoisliúntais *(Nóta 5(b))* | 3,647,000 | (5,446,000) |
| Coigeartú ar Chistiú Aoisliúntais Iarchurtha | (3,647,000) | 5,446,000 |
| (Easnamh)/Barrachas don bhliain | (573,866) | 106,976 |
| **(Easnamh)/Gnóthachan Aitheanta Iomlán don bhliain** | (573,866) | 106,976 |

Cuid de na ráitis airgeadais seo is ea an Ráiteas ar na Beartais Chuntasaíochta, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 17.

Mary Kelly

An Dr. Mary Kelly
Cathaoirleach

Loretta Lambkin
Príomhoifigeach

19 Meitheamh 2014

## Income and Expenditure Account for year ended 31st December 2013

| Income | 2013 € | 2012 € |
|---|---|---|
| Oireachtas Grant | 11,793,000 | 12,897,000 |
| Fees (*Note 1*) | 1,376,651 | 947,818 |
| Strategic Infrastructure Fees & Cost Recoupment *(Note 2)* | 1,269,022 | 1,524,930 |
| Miscellaneous | 6,238 | 6,938 |
| Deposit Interest | 6,040 | 5,356 |
| Net Deferred Funding for Superannuation *(Note 5(c))* | 3,766,000 | 3,413,000 |
| Profit on Disposal of Fixed Assets | 0 | 0 |
| | 18,216,951 | 18,795,042 |
| Transfer from Capital Account *(Note 11)* | 104,086 | 121,199 |
| | 18,321,037 | 18,916,241 |
| **Expenditure:** | | |
| Salaries, Allowances and Superannuation *(Note 3)* | 14,303,743 | 14,604,668 |
| Establishment Expenses *(Note 6)* | 2,061,842 | 2,108,369 |
| Operating Expenses *(Note 7)* | 2,529,318 | 2,096,228 |
| **Total Expenditure** | 18,894,903 | 18,809,265 |
| | | |
| **(Deficit)/Surplus for year** | (573,866) | 106,976 |
| Surplus brought forward | 398,756 | 291,780 |
| **Cumulative (Deficit)/Surplus at 31 December** | (175,110) | 398,756 |
| | | |
| **Statement of Total Recognised Gains & Losses** | | |
| Experience Gains on superannuation scheme Liabilities *(Note 5(d))* | 3,647,000 | 939,000 |
| Changes in assumptions underlying the present value of superannuation scheme liabilities | (0) | (6,385,000) |
| Actuarial Gain/(loss) on Superannuation Liabilities (Note 5(b)) | 3,647,000 | (5,446,000) |
| | | |
| Adjustment to Deferred Superannuation Funding | (3,647,000) | 5,446,000 |
| (Deficit)/Surplus for year | (573,866) | 106,976 |
| **Total Recognised (Loss)/Gain for year** | (573,866) | 106,976 |

The Statement of Accounting Policies, Cash Flow Statement and Notes 1 to 17 form part of these financial statements.

Mary Kelly

Dr. Mary Kelly
Chairperson

Loretta Lambkin
Chief Officer

19th June 2014

# Clar Comhardaithe mar atá ar an 31 Nollaig 2013

| | | 2013 € | | 2012 € |
|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** *(Nóta 8)* | | 201,016 | | 305,102 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | |
| Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí *(Nóta 9)* | 555,210 | | 375,952 | |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | 1,039,949 | | 1,435,521 | |
| | 1,595,159 | | 1,811,473 | |
| **Dliteanais Reatha** | | | | |
| Creidiúnaithe Ilghnéitheacha agus Costais Fabhraithe *(Nóta 10)* | | (1,770,269) | | (1,412,717) |
| Glansócmhainní/(Dliteanais) Reatha | | (175,110) | | 398,756 |
| **Sócmhainní Iomlána Lúide Dliteanais Reatha roimh aoisliúntas** | | 25,906 | | 703,858 |
| Cistiú Aoisliúntais Iarchurtha | | 86,921,000 | | 86,802,000 |
| Dliteanais Aoisliúntais *(Nóta 5(b))* | | (86,921,000) | | (86,802,000) |
| **Sócmhainní Iomlána Lúide Dliteanais Reatha** | | 25,906 | | 703,858 |
| **Arna n-ionannú ag** | | | | |
| Cuntas Caipitil *(Nóta 11)* | | 201,016 | | 305,102 |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | | (175,110) | | 398,756 |
| | | 25,906 | | 703,858 |

Cuid de na ráitis airgeadais seo is ea an Ráiteas ar na Beartais Chuntasaíochta, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 17.

An Dr. Mary Kelly
Cathaoirleach

Loretta Lambkin
Príomhoifigeach

19 Meitheamh 2014

# Balance Sheet as at 31st December 2013

| | | 2013<br>€ | | 2012<br>€ |
|---|---|---|---|---|
| **Fixed Assets** *(Note 8)* | | 201,016 | | 305,102 |
| **Current Assets** | | | | |
| Debtors and Prepayments *(Note 9)* | 555,210 | | 375,952 | |
| Cash in bank and on hand | 1,039,949 | | 1,435,521 | |
| | 1,595,159 | | 1,811,473 | |
| **Current Liabilities** | | | | |
| Sundry Creditors and Accrued Expenses *(Note 10)* | | (1,770,269) | | (1,412,717) |
| Net Current Assets/(Liabilities) | | (175,110) | | 398,756 |
| **Total Assets Less Current Liabilities before superannuation** | | 25,906 | | 703,858 |
| Deferred Superannuation Funding | | 86,921,000 | | 86,802,000 |
| Superannuation Liabilities *(Note 5(b))* | | (86,921,000) | | (86,802,000) |
| **Total Assets Less Current Liabilities** | | 25,906 | | 703,858 |
| **Represented by** | | | | |
| Capital Account *(Note 11)* | | 201,016 | | 305,102 |
| Income and Expenditure Account | | (175,110) | | 398,756 |
| | | 25,906 | | 703,858 |

The Statement of Accounting Policies, Cash Flow Statement and Notes 1 to 17 form part of these financial statements.

Mary Kelly

Dr. Mary Kelly
Chairperson

Loretta Lambkin

Loretta Lambkin
Chief Officer

19th June 2014

# Raiteas faoi Shreabhadh Airgid don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013

## Imréiteach an (easnaimh)/bharrachais oibriúcháin leis an nglan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin

| | 2013<br>€ | 2012<br>€ |
|---|---|---|
| (Easnamh)/ Barrachas don bhliain | (573,866) | 106,976 |
| Gluaiseacht ar an gCuntas Caipitil | (104,085) | (121,199) |
| Dímheas | 122,125 | 152,328 |
| Brabús ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta | 0 | 0 |
| (Méadú)/Laghdú ar fhéichiúnaithe | (179,258) | (114,915) |
| Méadú/(Laghdú) ar chreidiúnaithe | 357,552 | (719,595) |
| Ús bainc a fuarthas | (6,040) | (5,356) |
| **Glansreabhadh Airgid Isteach/(Amach)** | (383,572) | (701,761) |

**Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid**

| | 2013<br>€ | 2012<br>€ |
|---|---|---|
| Glansreabhadh airgid isteach/(amach) ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | (383,572) | (701,761) |
| Ús bainc a fuarthas | 6,040 | 5,356 |
| Caiteachas Caipitil | (18,040) | (31,129) |
| Brabús ar dhiúscairt sócmhainní seasta | 0 | 0 |
| **(Laghdú) ar airgead** | (395,572) | (727,534) |

**Imréiteach glansreabhadh airgid leis an ngluaiseacht i nglanchistí**

| | 2013<br>€ | 2012<br>€ |
|---|---|---|
| (Laghdú) ar airgead sa bhliain | (395,572) | (727,534) |
| Glanchistí ar 1 Eanáir | 1,435,521 | 2,163,055 |
| Glanchistí ar 31 Nollaig | 1,039,949 | 1,435,521 |

Cuid de na ráitis airgeadais seo is ea an Ráiteas ar na Beartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go 17.

Mary Kelly

An Dr. Mary Kelly
Cathaoirleach

Loretta Lambkin
Príomhoifigeach

19 Meitheamh 2014

# Cash Flow Statement for year ended 31st December 2013

## Reconciliation of operating (deficit)/surplus to net cash inflow from operating activities

| | 2013<br>€ | 2012<br>€ |
|---|---|---|
| (Deficit)/Surplus for year | (573,866) | 106,976 |
| Movement on Capital Account | (104,085) | (121,199) |
| Depreciation | 122,125 | 152,328 |
| Profit on Disposal of Fixed Assets | 0 | 0 |
| (Increase)/Decrease in debtors | (179,258) | (114,915) |
| Increase/(Decrease) in creditors | 357,552 | (719,595) |
| Bank interest received | (6,040) | (5,356) |
| **Net Cash (Outflow)** | (383,572) | (701,761) |

### Cash Flow Statement

| | | |
|---|---|---|
| Net cash (outflow) from operating activities | (383,572) | (701,761) |
| Bank Interest received | 6,040 | 5,356 |
| Capital Expenditure | (18,040) | (31,129) |
| Proceeds on disposal of fixed assets | 0 | 0 |
| **(Decrease) in cash** | (395,572) | (727,534) |

### Reconciliation of net cash flow to movement in net funds

| | | |
|---|---|---|
| (Decrease) in cash in year | (395,572) | (727,534) |
| Net Funds at 1 January | 1,435,521 | 2,163,055 |
| Net Funds at 31 December | 1,039,949 | 1,435,521 |

The Statement of Accounting Policies and Notes 1 to 17 form part of these Financial Statements.

Mary Kelly

Dr Mary Kelly
Chairperson

Loretta Lambkin
Chief Officer

19th June 2014

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013

### NÓTA 1: Teacht Isteach ó Tháillí

| | 2013 € | 2012 € |
|---|---|---|
| Táillí a fuarthas i dtaca le hAchomhairc agus le tarchuir | 1,041,336 | 1,052,908 |
| Aisíocaíochtaí i dtaca le hAchomhairc | (169,861) | (105,090) |
| | 871,475 | 947,818 |
| Taillí a fuarthas i dtaca le cásanna toilithe ionaid* | 505,176 | 0 |
| Aisíocaíochtaí i dtaca le cásanna toilithe ionaid | (0) | (0) |
| | 505,176 | 0 |
| Iomlán | **1,376,651** | **947,818** |

*Táillí ó iarratais ar thoiliú ionaid a fuarthas de réir alt 177M den Acht Pleanála agus Forbartha 2000, arna leasú

### NÓTA 2: Táillí Bonneagair Straitéisigh agus Aisíoc Costas

| | 2013 € | 2012 € |
|---|---|---|
| Táillí a fuarthas i dtaca le forbairt bonneagair straitéisigh | 1,013,500 | 1,360,000 |
| Aisíoc Costas ó iarratasóirí i dtaca le forbairt bonneagair straitéisigh | 617,028 | 636,644 |
| Aisíocaíochaí le hiarratasóirí i dtaca le bonneagar straitéiseach | (302,231) | (318,180) |
| Dliteanas Aisíocaíochta i dtaca le bonneagar straitéiseach | (59,275) | (153,534) |
| | 1,269,022 | 1,524,930 |

### NÓTA 3: Tuarastail agus Liúntais

Ar an 31 Nollaig 2013, ba iad baill an Bhoird an cathaoirleach agus ochtar gnáthbhall, (seachtar ball ag deireadh na bliana 2012). Baill lánaimseartha is ea baill an Bhoird.

Le cois chomhaltaí an Bhoird, bhí 135.1 fostaí coibhéiseach lánaimseartha ag obair sa Bhord Pleanála ar 31 Nollaig 2013: bhí 13.7 díobh san fhoireann bhainistochta, 47.4 san fhoireann theicniúil agus 74 san fhoireann riaracháin. Bá é 135.9 líon meánach na bhfostaithe coibhéiseacha lánaimseartha i gcaitheamh na bliana (144.2 sa bhliain 2012). Sa bhliain 2013 laghdaigh líon na gcásanna nua de 19% i gcomparáid leis an mbliain 2012 (1,814 i gcomparáid le 2,227 sa bhliain 2012). Méadaigh líon na gcásanna a cuireadh de láimh de 26% (2,253 i gcomparáid le 1,794 sa bhliain 2012). D'fhaomhaigh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil na leibhéil foirne le cead an Aire Airgeadais. Ba é 146 (146 in 2012) uimhir an Chreata Rialaithe Fostaíochta in 2013.

| | 2013 € | 2012 € |
|---|---|---|
| Tuarastail agus Liúntais | 8,586,757 | 8,629,592 |
| Costais Aoisliúntais | 5,027,686 | 5,283,300 |
| ÁSPC an Fhostóra | 689,300 | 691,776 |
| | 14,303,743 | 14,604,668 |

# Notes to the Financial Statements for year ended 31st December 2013

## NOTE 1: Fee Income

| | 2013<br>€ | 2012<br>€ |
|---|---|---|
| Fees received in respect of appeals and referrals | 1,041,336 | 1,052,908 |
| Refunds in respect of Appeals | (169,861) | (105,090) |
| | 871,475 | 947,818 |
| Fees received in respect of substitute consent cases* | 505,176 | 0 |
| Refunds in respect of substitute consent cases | (0) | (0) |
| | 505,176 | 0 |
| **Total** | **1,376,651** | **947,818** |

* Substitute consent application fees received in accordance with section 177M of the Planning & Development Act 2000, as amended

## NOTE 2: Strategic Infrastructure Fees and Cost Recoupment

| | 2013<br>€ | 2012<br>€ |
|---|---|---|
| Fees received in respect of strategic infrastructure development | 1,013,500 | 1,360,000 |
| Cost Recoupment from applicants in respect of strategic infrastructure development | 617,028 | 636,644 |
| Refunds paid to applicants in respect of strategic infrastructure | (302,231) | (318,180) |
| Refund Liability in respect of strategic infrastructure | (59,275) | (153,534) |
| | 1,269,022 | 1,524,930 |

## NOTE 3: Salaries and Allowances

At 31 December 2013, the Board consisted of a chairperson and eight ordinary members, (seven members at the end of 2012). Membership of the Board is wholetime.

In addition to Board members at 31 December 2013, there were 135.1 whole time equivalent employees in An Bord Pleanála of which 13.7 were management, 47.4 were technical and 74 were administrative. The average number of wholetime equivalent employees during the year was 135.9 (144.2 in 2012). During 2013, there was a decrease in the intake of cases by 19% compared to 2012 (1,814 v 2,227 in 2012). The volume of cases disposed of increased by 26% (2,253 v 1,794 in 2012). Staffing levels are approved by the Minister for the Environment, Community and Local Government with the consent of the Minister for Finance. The Employment Control Framework number for Board and staff members at the end of 2013 was 146 (146 in 2012).

| | 2013<br>€ | 2012<br>€ |
|---|---|---|
| Salaries and Allowances | 8,586,757 | 8,629,592 |
| Superannuation Costs | 5,027,686 | 5,283,300 |
| Employers' PRSI | 689,300 | 691,776 |
| | 14,303,743 | 14,604,668 |

## NÓTA 3: Tuarastail agus Liúntais (ar leanúint)

Íocadh €616,297 (2012: €585,174) leis an Roinn Airgeadais i dtaca leis an tobhach pinsin.

## NÓTA 4: Luach Saothair an Chathaoirligh

Bhí an luach saothair ar fad a íocadh le sealbhóir phost an Chathaoirligh comhdhéanta de:

| Cathaoirleach | 2013<br>€ | 2012<br>€ |
|---|---|---|
| Tuarastal | 182,358 | 189,214 |
| Sochair  Chomhchineálach* | 2,153 | 2,153 |
| Liúntais | 0 | 0 |
| Iomlán | 184,511 | 191,367 |

Ní théann teidlíochtaí pinsin an Chathaoirligh thar na gnáth-theidlíochtaí sa scéim aoisliúntais eiseamlárach le sochair shainithe don earnáil phoiblí.

*Baineann an chuid seo le comhaltacht an Chathaoirligh i gCumann na bPríomhfheidhmeannach ar Ghníomhaireachtaí Stáit agus i bhFóram na gCathaoirleach ar Chomhlachtaí Stát-Urraithe. Costas €900 iarbhír a bhí ar an gcomhaltacht sin sa bhliain 2013. Ceanglaíonn rialacha na gCoimisinéirí Ioncaim go gcaithfí le táillí comhaltachta den sórt sin mar shochar comhchineáil agus go bpróiseálfaí iad mar chuid den luach saothair. Ós rud é go n-íoctar táillí comhaltachta an Chathaoirligh ina cáil mar chathaoirleach na heagraíochta, d'iompair an Bord Pleanála aon cháin nó tobhach dlite ar an ioncam barúlach seo, ionas nach mbeidh aon éifeacht ar a glanphá.

## NÓTA 5: Costais Pinsin

*(a) Anailís ar iomlán na gcostas pinsin a cuireadh de mhuirear ar an Chaiteachas*

| | 2013<br>(€'000) | 2012<br>(€'000) |
|---|---|---|
| Costais reatha seirbhíse | 2,373 | 1,792 |
| Ús ar Dhliteantais na Scéime Pinsin | 3,300 | 3,946 |
| Ranníocaíochtaí na bhFostaithe | (645) | (455) |
| | 5,028 | 5,283 |

*(b) Gluaiseacht i nGlandliteanas Pinsin i gcaitheamh na bliana airgeadais*

| | 2013<br>(€'000) | 2012<br>(€'000) |
|---|---|---|
| Glandliteanas Pinsin ar 1 Eanáir | (86,802) | (77,943) |
| Costais Reatha Seirbhíse | (2,373) | (1,792) |
| Costais Úis | (3,300) | (3,946) |
